

**OIDEACHAS SAORÁNACH, SÓISIALTA AGUS
POLAITIÚIL (OSSP)**

An Teastas Sóisearach

TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

OIDEACHAS SAORÁNACH, SÓISIALTA AGUS POLAITIÚIL (OSSP)

An Teastas Sóisearach

TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

Na treoirínite seo:

Ábhar an chúrsa

Ceachtanna samplacha

Modhanna gníomhfhoghlama

Smaointe don tionscadal gníomhaíochta

Measúnú

Acmhainní Úsáideacha

Móide:

Leideanna cabhracha

Samplaí réadúla

Go leor, leor eile...

Clár Ábhar

RÉAMHRÁ	3
CUID 1: FORBHREATHNÚ AR OSSP	5
CUID 2: ÁBHAR AN CHÚRSA	12
2.1 CUR CHUIGE AN CHOINCHEAPA	12
2.2 CUR CHUIGE AN AONAIÐ	18
2.3 SCILEANNA	22
2.4 PLEANÁIL DON OSSP	25
2.5 SAMPLA DE MHODÚL OIBRE BUNAITHE AR COINCHEAP AN DLÍ	27
2.6 SAMPLA DE MHODÚL OIBRE BUNAITHE AR AONAD AN PHOBAIL	32
CUID 3: FOGHLAIM GHNÍOMHACH	37
3.1 MODHANNA GNÍOMHFHOGLAMA	40
3.2 FOGHLAIM GHNÍOMHACH I gCLEACHTADH	42
3.3 LEAGAN AMACH AN tSEOMRA RANGA	60
3.4 DÉILEÁIL LE CEISTEANNA CONSPÓIDEACHA	62
CUID 4: TIONSCADAIL GHNÍOMHAÍOCHTA	68
CUID 5: MEASÚNÚ	90
5.1 TUARASCÁIL AR AN TIONSCADAL GNÍOMHAÍOCHTA	91
5.2 LEABHAR MEASÚNAITHE AR OBAIR AN CHÚRSA	98
5.3 PÁIPÉAR SCRÚDAITHE OSSP	106
5.4 DALTAÍ A ULLMHÚ DON PHÁIPÉAR SCRÚDAITHE	111
CUID 6: OSSP A BHAINISTIÚ SNA SCOILEANNA	113
CUID 7: ACMHAINNÍ MÚINTEOIREACHTA, LÁITHREÁIN GHRÉASÁIN	128
AGUS TEAGMHÁLACHA ÚSÁIDEACHA	

RÉAMHRÁ

COMHTHÉACS

Tugadh Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) isteach mar ábhar éigeantach i gCuraclam an Teastais Shóisearaigh i 1997. Ón am sin i leith, cuireadh ábhair acmhainní agus treoirlínte éagsúla ar fáil do mhúinteoirí. Cuireann na treoirlínte sin gnéithe uile an chlár OSSP i láthair múinteoirí chomh maith le measúnú a dhéanamh air ar bhealach cuimsitheach.

Tarraingíonn na treoirlínte sin ar thaithí na múinteoirí chun an siollabas a chur i bhfeidhm agus cuireann siad athruithe éagsúla in iúl atá déanta i ndáil le huirlisí measúnaithe le blianta beaga anuas. Cosúil leis na treoirlínte siollabais uile, níl siad saintreorach. Déanann múinteoirí breithiúnas gairmiúil a chleachtadh nuair atá straitéisí teagaisc agus foghlama á roghnú acu a thacóidh le cuspóirí shiollabas an Oideachais Saoránach, Shóisialta agus Pholaitiúil a bhaint amach.

AIDHMEANNA AN OIDEACHAIS SAORÁNACH SHÓISIALTA AGUS PHOLAITIÚIL

Trí scrúdú agus staidéar gníomhach a dhéanamh ar shaoránacht ag gach leibhéal (pearsanta, áitiúil, náisiúnta, domhanda) i gcomhthéacs ceisteanna sóisialta agus polaitiúla comhaimseartha, tá sé mar aidhm ag an gcúrsa seo na nithe seo a leanas a dhéanamh

- daltaí a chur ar an eolas faoi ghnéithe saoránach, sóisialta agus polaitiúla ina saol agus an tábhacht a bhaineann le saoránaigh gníomhacha, rannpháirteacha do shaol an stáit agus do gach uile duine
- spreagadh agus forbairt a dhéanamh ar na scileanna praiticiúla a chuireann ar chumas daltaí a bheith páirteach in idirghníomhú gníomhach rannpháirteach sóisialta, agus róil fhreagracha a ghlacadh mar dhaoine aonair, mar bhaill teaghlaigh, mar shaoránaigh, mar oibríthe, mar thomhaltóirí agus mar bhaill de phobail éagsúla laistigh de shochaí dhaonlathach
- forbairt a dhéanamh ar chumas neamhspleách daltaí mar dhaoine óga atá liteartha go sóisialta, neamhspleách agus féinmhuiníneach
- daltaí a spreagadh chun dearcaí dearfacha, samhlaíocht agus ionbhá a úsáid nuair atáthar ag foghlaim faoi dhaoine agus faoi chultúir eile, agus ag teacht i dteagmháil leo
- a chur ar chumas daltaí a gcuid scileanna smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt ag teacht le córas luachanna atá bunaithe ar chearta an duine agus ar fhreagrachtaí
- eolas agus tuiscint a fhorbairt faoi phróisis a tharlaíonn ag gach leibhéal den tsochaí a mbeidh cinnteoireacht shóisialta, pholaitiúil agus eacnamaíochta mar thoradh orthu.

AIDHMEANNA NA dTREOIRLÍNTE

Tá sé mar aidhm ag na treoirlínte seo

- tacú le múinteoirí chun clár staidéir trí bliana a phleanáil
- spreagadh a thabhairt maidir le raon leathan modhanna gníomhfhoghlama a úsáid san OSSP
- cabhrú le múinteoirí chun Tionscadail Gníomhaíochta oiriúnacha a phleanáil agus a eagrú lena ndaltaí
- naisc thraschuraclaim oiriúnacha a spreagadh
- tacaíocht a sholáthar maidir le measúnú OSSP trí dhréacht-cheisteanna samplacha, freagraí samplacha agus critéir mheasúnaithe.

TABHAIR FAOI DEARA LE DO THOIL

Ba chóir na treoirlínte seo do mhúinteoirí a léamh i gcomhar le siollabas an Oideachais Saoránach, Shóisialta agus Pholaitiúil (OSSP). Bhí gach eolas atá curtha ar fáil sna treoirlínte do mhúinteoirí cruinn ag am an fhoilsithe. Mar sin féin, ba chóir do mhúinteoirí dul i gcomhairle leis na ciorcláin i ndáil le OSSP atá eisithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

FORBHREATHNÚ AR OSSP

Is éard is Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) ná cúrsa an Teastais Shóisearaigh sa tsaoiracht ghníomhach atá bunaithe ar chearta an duine agus ar fhreagrachtaí sóisialta. Is dhá phríomhdhoiciméad iad Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh a thacaíonn leis an gcúrsa.

Tá OSSP mar chuid de phríomhchuraclam na n-iarbhunscoileanna uile ó Mheán Fómhair 1997. Is cúrsa gearr atá i gceist agus ba chóir thart ar 70 uair an chloig a thabhairt dó le linn trí bliana na sraithe sóisearaí. Oibríonn sé seo amach ag rang amháin 40 nóiméad in aghaidh na seachtaine de ghnáth.


AIDHMEANNA

Tá sé mar aidhm ag Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil na tréithe seo a leanas a fhorbairt i saoránaigh ghníomhacha:

- **Braistint chomhuintearais.** Ní roghnóidh daltaí a bheith ina rannpháirtithe gníomhacha ina bpobail ach amháin má airíonn siad nasc áirithe leis an bpobal. Tugtar aghaidh ar chuimsiú sóisialta agus ar cheisteanna féiniúlachta agus ar luachanna in OSSP. Seo iad diminsin mhothaíocha na saoránachta gníomhaí.
- **Cumas chun rochtain a fháil ar eolas agus ar struchtúir a bhaineann leis an tsochaí ina maireann siad.** Tá bunús faisnéise agus eolais ag teastáil ó dhaltáí inar féidir leo gníomhaíocht a bhreithniú, agus é sin a dhéanamh le muinín. Sin í gné chognaíoch na saoránachta gníomhaí.
- **An cumas agus an muinín a bheith rannpháirteach sa tsochaí dhaonlathach.** Baineann cleachtadh na saoránachta le gníomhaíocht bhríoch de chineál áirithe a ghlacadh. Chun an méid seo a bhaint amach, sonraíonn an siollabas gur chóir don Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil le linn tréimhse trí bliana an chúrsa dhá thionscadal gníomhaíochta ranga/grúpa/aonair ar a laghad a chur i gcúrsa. Sin í gné **phragmatach** na saoránachta gníomhaí.

Réimsí na saoránachta

Réimse pragmatach (ag déanamh)
bheith ag duine)



Réimse cognaíoch (fios a

Réimse motháíoch (ag mothú)
ghníomhach

Saoránacht rannpháirteach

CUSPÓIRÍ

Déantar cur síos ar chuspóirí OSSP i dtéarmaí eolais, coincheapa, scileanna agus dearcaí/luachanna. Bealach oiriúnach leis na cuspóirí sin a bhaint amach san OSSP ná obair ranga atá gníomhach agus rannpháirteach agus a chuireann béim ar an bhfoghlaim trí rudaí a dhéanamh.

1. EOLAS

Trína gcuid oibre san OSSP, gheobhaidh daltaí buneolas agus tuiscint leathan ar na hábhair seo a leanas:

Saoránacht

Cad is brí le saoránacht? Cad is brí le bheith i do shaoránach gníomhach? Cad é croílár na saoránachta? Cad iad na gnéithe a bhaineann liomsa?

Ceartha an duine, saoirsí agus freagrachtaí

Cad iad cearta an duine? Conas a chuirtear iad i bhfeidhm i mo shochaí? Conas is féidir réiteach a fháil ar choimhlint maidir le cearta an duine? Conas atá tionchar ag Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh ar shaoránacht an lae inniu?

Rannpháirtíocht

Conas is féidir liom a bheith rannpháirteach? Conas is féidir liom athrú a chur i bhfeidhm? Conas is féidir liom difríocht a dhéanamh?

Forbairt inbhuanaithe

Cad is brí le bheith i d'úinéir nó i do mhaoirseoir sealadach ar an bpláinéad? Conas is féidir liom a bheith páirteach i gcosaint an chomhshaoil?

Córas daonlathach

Cad is brí leis? Conas a oibríonn sé? Cé hiad na comhpháirtithe is tábhachtaí?

Domhandú

Conas a bhíonn tionchar ag mo ghníomhaíochtaí mar dhuine aonair ar dhaoine eile? Cad is brí le bheith ag maireachtáil i ndomhan idirspleách? An bhfuil tuiscint agam ar an ngréasán nasc atá ann idir pobail agus teorainneacha, agus conas atá tionchar ag gníomhaíocht in áit


amháin ar áit eile? Conas a bhíonn tionchar ag domhandú ar mo shaol féin agus ar shaol daoine eile?

Ceisteanna comhaimseartha/cúrsaí reatha

Cad iad na ceisteanna/imeachtaí tráthúla faoi láthair? Conas atá tionchar acu orm agus ar mo phobal féin?

2. COINCHEAPA

Is é an coincheap lárnach a bhaineann leis an gcúrsa OSSP ná saoránacht. Tríd na haonaid staidéir, ba chóir do dhaltaí tuiscint a fháil ar an mbealach a chuireann na seacht gcoincheap (féach thíos) eolas ar fáil dóibh agus soiléiriú a dhéanamh ar an gcoincheap maidir le saoránacht rannpháirteach ghníomhach.



“Féachann Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil le bheith éifeachtach agus le daltaí a sholáthar leis na scileanna agus le tuiscint ar mhodhanna oibre a chuireann ar a gcumas breathnú, cinneadh, breithniú agus gníomhú. Trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí gníomhacha foghlama atá struchtúrtha go comhoibritheach cuireann sé

ar chumas agus i gcumhacht an dalta a bheith ina d(h)uine óg gníomhach agus rannpháirteach.”

(An Roinn Oideachais, Siollabas an Oideachais Saoránach, Shóisialta agus Pholaitiúil, Rialtas na hÉireann, Baile Átha Cliath, 1996)”

3. SCILEANNA

Nuair atá coincheapa, aonaid, téamaí, topaicí agus ceisteanna á bhfiosrú san OSSP, ba chóir go mbeadh deis ag daltaí scileanna na saoránachta rannpháirtí gníomhaí a chleachtadh, cosúil le:

Scileanna aitheantais/feasachta

léitheoireacht agus athbhreithniú
fíricí a bhailiú
ceisteanna a chur
daoine a chur faoi agallamh
litreacha a scríobh
glaonna teileafóin a dhéanamh
suirbhéanna a dhéanamh

Scileanna anailíse/measúnaithe

fíricí a chomhordú
tuairimí eile a aithint agus breithiúnas a thabhairt orthu
leabhrán a dhearadh
graif/léaráidí a ullmhú

Scileanna cumarsáide

ag éisteacht le daoine eile
ceisteanna a phlé
pointe eolais a chur i láthair
coimhlint a réiteach
idirphlé a dhéanamh le daoine eile
coinní a dhéanamh
litir a scríobh
ríomhaire a úsáid
faisnéisiú do chainteoirí

Scileanna gníomhaíochta

aontú aghaidh a thabhairt ar cheist
céimeanna a aithint chun dul i ngleic le ceist
seomra cruinnithe a eagrú

sólaistí a sholáthar
eolas a scaipeadh
ábhar a ullmhú

4. DEARCAÍ AGUS LUACHANNA

Tabharfar spreagadh do dhaltaí luachanna a aithint agus dearcaí dearfacha a fhorbairt i ndáil leo féin, le daoine eile, leis an gcomhshaol agus leis an domhan i gcoitinne. Trína gcuid oibre ar an gcúrsa, tabharfar deis do dhaltaí machnamh a dhéanamh agus creidimh agus luachanna a aithint atá mar chranntaca ag a ndearcaí agus a ngníomhaíochtaí mar dhaoine aonair agus mar bhaill de ghrúpaí nó de phobail. Tá luachanna an chúrsa curtha in iúl ó thaobh dearcaidh thíos, atá bunaithe ar thiomantas do chearta an duine, freagrachtaí sóisialta aonair agus daonlathas.

Tiomantas do shaoránacht ghníomhach

Cásmhaireacht do chearta an duine

Cúram don chomhshaol

Meas ar dhínit an duine

Cásmhaireacht don leas coiteann

Oscailteacht maidir le coimhlint a réiteach ar bhealach síochánta

Toilteanas a bheith freagrach

Caoinfhulaingt a chleachtadh

Misneach chun do thuairim a chosaint

Toilteanas maidir le tuairimí agus dearcaí a athrú i bhfianaise plé agus fianaise

Meas ar riail an dlí

Tiomantas chun claontacht, neamh-chomhionannas agus éagóir shóisialta a chomhrac.

FOGHLAIM GHNÍOMHACH

Is deacair a shamhlú go mbeidh daltaí ina saoránaigh ghníomhacha má bhíonn a gcuid foghlama faoi chúrsaí saoránachta go hiomlán éighníomhach. Caithfear deiseanna a thabhairt do dhaltaí a bheith ina saoránaigh ghníomhacha sa seomra ranga, scoil, sa phobal agus níos faide ó bhaile. Leagtar béim san OSSP ar mhodhanna gníomhfhoghlama. Cuireann na modhanna seo ar chumas daltaí taithí a fháil ar cad is brí le bheith ina saoránach gníomhach i ndáiríre.

TIONSCADAIL GHNÍOMHAÍOCHTA

Dearadh na tionscadail ghníomhaíochta chun cabhrú le daltaí a gcuid scileanna maidir le saoránacht ghníomhach a fhorbairt. An eochairfhocal anseo ná **GNÍOMHAÍOCHT**.

Baineann na céimeanna a leanas leis an Tionscadal Gníomhaíochta:

- déanann daltaí ceist a scrúdú sa rang
- déanann na daltaí machnamh le chéile faoin bhfreagra a bheadh acu ar an gceist
- aontaíonn daltaí ar ghníomhaíocht agus déantar an ghníomhaíocht sin a chur i gcrích, m.sh. suirbhé a dhéanamh, feachtas a eagrú, cuireadh a thabhairt d'aoichainteoir, cuairt a eagrú, leabhrán a fhoilsiú, srl.
- déanann daltaí a gcuid gníomhaíochta agus foghlama a mheasúnú.

Ní tionscadail thraidisiúnta iad tionscadail ghníomhaíochta ina ndéanann daltaí taighde ar ábhar dá gcuid féin agus na torthaí a chur i láthair i leabhar gearrthóg.

OSSP AGUS MEASÚNÚ

Déantar feidhmíocht an dalta san OSSP a mheasúnú agus a dheimhniú mar chuid de scrúdú an Teastais Shóisearaigh. Is cúrsa comhleibhéil atá ann.

Déantar measúnú san OSSP a chur i gcrích ar dhá mhodh:

1. Tuairisc ar Thionscadal Gníomhaíochta (TTG) a chur isteach nó Leabhar Measúnaithe ar Obair an Chúrsa (LMOC).	60%
2. Páipéar scrúdaithe ag deireadh na tríú bliana den chúrsa	40%

Tabhair faoi deara nach mbronnar ach 40% de na marcanna ar pháipéar scrúdaithe an Teastais Shóisearaigh san OSSP. Bronntar 60% de na marcanna ar obair i ndáil le Tionscadail Ghníomhaíochta na ndaltaí. Tá sé ríthábhachtach do dhaltaí dóthain ama a chaitheamh i mbun gníomhaíochta le linn trí bliana an chúrsa agus deiseanna a fháil lena gcuid scileanna i scríbhneoireacht tuarascálacha a fhorbairt.


*“Citizenship is about creating what ought to be rather than adapting to what is
The essential task of citizenship is not to predict the future, it is to create it.”*

(Introduction to Citizenship Programme, Foróige, Eagraíocht Náisiúnta um Fhorbairt na hÓige, 1994)’

STAIR AN OSSP

1966	Thug an tAire Oideachais, Donagh O' Malley, Saoránaíocht isteach sna hiarbhunscoileanna den chéad uair.
1984-1992	Oideachas saoránach faoi ainmneacha difriúla atá luaite i ndoiciméid éagsúla: Issues and Structures (1984); <i>Report of the Board: Social, Political and Environmental Education</i> (1987); <i>Guide to the Junior Certificate</i> (1989) agus <i>Education for a Changing World</i> (Páipéar Uaine (1992)).
1992-1993	Cuireadh staidéar féidearthachta ar bun i measc 17 scoil chun oiriúnacht agus éifeachtacht i ndáil le dréacht-chúrsa OSSP an Teastais Shóisearaigh a dheimhniú. Eagraíodh an tionscadal i gcomhpháirt le Trócaire agus an tAonad Forbartha Curaclaim (AFC).
1993-1996	Tugadh an siollabas OSSP isteach i 139 scoil ar bhonn píolótach. Is comhthionscnamh a bhí sa treoirthionscadal idir an Roinn Oideachais agus CNCM. Cuireann an siollabas reatha taithí an treoirthionscadail sin in iúl.
1996-1999	Thug an tAire Oideachais, Niamh Breathnach, OSSP isteach i gCuraclam na Sraithe Sóisearaí den chéad uair. Cuireadh an chéad scrúdú ar bun i mí an Mheithimh 1999.
1997-2000	Is ábhar éigeantach é OSSP do dhaltaí uile na céad bhliana. Rinneadh an OSSP a scrúdú go náisiúnta in 2000.

ÁBHAR AN CHÚRSA



Is é an coincheap lárnach a bhaineann le hOideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil ná saoránacht. Déanann daltaí an seacht gcoincheap thuasluaite a fhiosrú agus a scrúdú ina gcuid iarrachtaí chun tuiscint bhreise a fháil ar an gcoincheap lárnach sin. Ceadaíonn an cúrsa in oideachas saoránach do chur chuige solúbtha ó thaobh na múinteoireachta. **Is cuma cén cur chuige a roghnaítear maidir le múineadh OSSP, beidh na seacht gcoincheap mar chuid lárnach den chúrsa agus beidh dualgas ar gach dalta tuiscint bhunúsach agus leathan a bheith acu ar gach ceann ag deireadh na trí bliana.**

Déantar cur síos ar dhá chur chuige féideartha anseo.

2.1 CUR CHUIGE AN CHOINCHEAPA

Tá sainmhínte an tsiollabais ar an seacht gcoincheap thíos, mar aon le heochairthéarmaí/eochairfhocail éagsúla a bhaineann leo. Tugann gach téarma nó focal deis foghlama féideartha le fios a bhaineann leis an gcoincheap, agus nuair a dhéantar forbairt bhreise ar an ábhar, a thabharfaidh tuiscint do dhaltaí faoi bhrí an choincheapa féin. Tabhair faoi deara go bhfuil an frása ‘**Ceisteanna Tráthúla**’ ag gabháil le gach coincheap. Tugann ceisteanna tráthúla deiseanna iontacha do dhaltaí lena dtuiscint ar choincheapa a fhiosrú agus a fhorbairt.

Ní gá go mbeadh cur chuige an choincheapa seicheamhach. Déantar amscála molta a leagan amach ar leathanach 13, bunaithe ar chur chuige an choincheapa i ndáil le haois agus le cumas. Mar sin féin, tabhair faoi deara nach bhfuil san amscála ach moladh. Tarlaíonn OSSP mórthimpeall orainn, agus ceadaíonn solúbthacht an chúrsa na deiseanna sin a thapú agus déileáil le ceisteanna sa seomra ranga ag an am oiriúnach.

DAONLATHAS

Tríd an bpróiseas daonlathach, ba chóir do gach dalta a bheith feasach gur féidir le daoine a gcumhacht a chur i bhfeidhm trí rannpháirtíocht ag gach leibhéal den tsochaí. Is ceart agus freagracht lárnach í rannpháirtíocht do dhuine aonair nó ag leibhéal an ghrúpa i sochaí dhaonlathach atá eagraithe. Is féidir le coimhthiú, fuarchúis agus easpa freagrachta a bheith mar thoradh ar easpa rannpháirtíochta nó eisiamh.

CEISTEANNA TRÁTHÚLA

Ceardchumainn

Aire

Dáil/Seanad

Vótáil

Comhairleoir

Comhairlí na Mac Léinn

Bunreacht

Údaráis Áitiúla

Tuaisceart Éireann

Taoiseach

Toghcháin

Saoránaigh

Seanadóir

Uachtarán

T.D.

P.R.

Reifreann

Páirtithe Polaitíochta

Áitiúil/Náisiúnta/Domhanda

CEARTA AGUS FREAGRACHTAÍ

Ba chóir do dhaltá a thuiscint go bhfuil gach duine aonair i dteideal bunchearta sóisialta, cultúrtha, eacnamaíochta, sibhialta, reiligiúin agus polaitíochta agus cosaint na gcearta sin. Má dhiúltaítear cearta an duine, déantar forlámhas ar dhaoine agus imrítear cos ar bolg orthu. Bíonn freagrachtaí ar aon dul leis na cearta a cheadaítear do dhaoine aonair. Tá gach duine freagrach as a g(h)níomhaíochtaí féin maidir le daoine eile agus as cearta daoine eile a chosaint.

CEISTEANNA TRÁTHÚLA

Cearta an Duine

Bochtaineacht

Meas

Daoine Scothaosta

Dídeanaithe

Ciníochas

Bulaíocht

Ainmhithe

Claontacht

Lucht Siúil

Eagraíochtaí

Míchumas

Easpa Dídine

Comhionannas

Teastálacha

Riachtanais

UNCRC

UDHR

Freagrachtaí

DÍNIT AN DUINE

Ba chóir do mhic léinn a bheith feasach ar an dínit ba chóir a thaispeáint do gach duine, agus an tábhacht ó thaobh na dínite daonna a bhaineann le riachtanais bhunúsacha (m.sh. bia, sláinte, slándáil, oideachas) a sholáthar.

CEISTEANNA TRÁTHÚLA

An Domhan Forbraíochta
Bia
Bochtaineacht
Comhionannas
Athmhuintearas
Coimhlint
Inscne
Stéiréitiopáil

Dífhostaíocht
Oideachas
Easpa Riachtanais Bhunúsacha
Lucht Siúil
Gorta
Míchumas
Easpa Dídine
Dídean
Riachtanais Bhunúsacha
Idirdhealú

IDIRSPLEÁCHAS

Ba chóir do dhaltáí a bheith feasach ar an idirghaolmhaireacht a bhaineann le saol an duine ag an leibhéal aonair, pobail, náisiúnta agus domhanda. Is féidir le gníomhaíochtaí daoine aonair tionchar a bheith acu, uaireanta in áiteanna agus i gcásanna nach bhfaca siad riamh cheana, m.sh. an tionchar

atá ag earraí a cheannaímid mar thomhaltóirí ar an eacnamaíocht, ar ghnólachtaí agus ar an gcomhshaol, agus an tionchar a bhíonn ag vótaí i dtoghcháin ar fhorbairtí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bíonn tuairim leithligh, gan chumhacht agus atá chun leasa an duine féin ar imeachtaí mar thoradh ar easpa tuisceana an idirspiléachais.

CEISTEANNA TRÁTHÚLA

Na Náisiúin Aontaithe
Fiachas Domhanda
Trádáil Chóir
Cogadh/Coimhlint
Teicneolaíocht
Trádáil
Cúnamh
Na Meáin

Áitiúil/Náisiúnta/Domhanda
Dídeanaithe
Lucht Iarrtha Tearmainn
Sceimhlitheoireacht
An tAontas Eorpach
Comhairle na hEorpa
Domhandú
Cothú na Síochána
Grúpálacha Idirnáisiúnta

FORBAIRT

Is féidir forbairt a shainmhíniú mar phróiseas feabhais (sóisialta, eacnamaíoch, cultúrtha, polaitiúil) chun riachtanais na ndaoine a shásamh ag gach leibhéal. Ba chóir do dhaltáí a bheith feasach go mbíonn forbairt pleanáilte go hiondúil agus go mbíonn tionchar ag an bpróiseas daonlathach ar chúrsaí forbartha go minic. Lena chois sin, ba chóir dóibh a bheith feasach freisin go mbíonn an próiseas forbartha casta, agus conspóideach go minic, agus ní dhéanann réitigh phleanáilte riachtanais na bpáirtithe uile atá bainteach a shásamh i gcónaí

CEISTEANNA TRÁTHÚLA

Athrú	Áitiúil/Náisiúnta/Domhanda
Pleanáil	Trádáil Chóir
Comhréiteach	Plean Forbartha Áitiúil
Idirbheartaíocht	Pobal
Conspóid	Rialtas Áitiúil
Coimhlint	An Domhan Forbraíochta
Feabhsúchán	Tearcfhorbairt

AN DLÍ

Ba chóir do dhaltáí a bheith feasach go bhfuil cuspóirí tábhachtacha ag baint le dlíthe agus le rialacha i bpobal nó i sochaí ar bith. Cuireann siad ord agus eagar, trí chóid iompair, maidir le caidrimh idir daoine aonair, agus idir daoine aonair, grúpaí agus an tsochaí trí chéile. Is bealaí atá iontu trína ndéantar cearta an duine aonair a chosaint agus a chur chun cinn. Cuireann siad eolas ar fáil dúinn maidir lenár gcearta agus freagrachtaí i ndáil le comhlíonadh na gcearta sin. Tá dlíthe agus rialacha faoi réir athraithe. Féadfaidh athruithe sa dlí forbairtí sa tsochaí a chur in iúl nó a bheith mar thoradh ar ghníomhaíochtaí daoine aonair. Bíonn creideamh sa cheartas agus sa chothroime mar bhunchloch ag an bpróiseas forbartha, forfheidhmithe agus luachála a bhaineann le dlíthe. Nuair a bhíonn aindleathacht agus aineolas ar luach na ndlíthe, déantar cearta na ndaoine uile a dhiúltú agus bíonn meath ar cháilíocht na beatha i bpobail agus sa tsochaí dá réir.

CEISTEANNA TRÁTHÚLA

Ombudsman	Aturnae
Cosaint	Athmhuintearas
Dlí Coiriúil	Comharsanacht

Garda Síochána
Tithe an Oireachtais
Finné
An Pobal
Cearta
Breitheamh
Dlí Sibhialta
Córas Cúirte

Faire Comharsanachta
Taca d'Íospartaigh
Rialacha
Cearta do Thomhaltóirí
Ceartas
Dlíthe
Príosúin
Abhcóide
Áitiúil/Náisiúnta/Domhanda

MAOIRSEACHT

Ba chóir do dhaltaí a bheith feasach, mar dhaoine aonair a rugadh ar an bpláinéad, gur úinéirí nó maoirseoirí sealadacha iad gach duine a bhfuil iontaoibh iontu agus cumhacht tugtha dóibh maidir le cúram agus cothabháil an domhain. Nuair a bhíonn easpa maoirseachta ann, creidtear go bhfuil an ról atá againn teagmhasach maidir leis an domhan nádúrtha, an comhshaol, daoine agus cultúir eile nó go bhfuil an domhan nádúrtha chun ár leasa agus ár n-úsáid féin amháin. Feictear feiniméin cosúil le hídiú acmhainní nach gá, truailliú an chomhshaoil agus laghdú na hoidhreachta cultúrtha dá thoradh.

CEISTEANNA TRÁTHÚLA

Téamh Domhanda
Laghdaigh
Athchúrsáil
Athúsáid
Deisiú
Bruscar
An Comhshaol
Loisceoirí
Forbairt Inbhuanaithe

Cruinniú Mullaigh G8
Bailte Slachtmhara
Truailliú
Fuinneamh Núicléach
Bratach Uaine
Acmhainní
Feirmeacha Gaoithe
Caomhnú
Freagracht
Ciseal Ózoin
Báisteach Aigéadach

SCEIDEAL PLEANÁLA ATÁ MOLTA AG BAINTE LEASA AS CUR CHUIGE AN CHOINCHEAPA

BLIAIN 1			
Réamhrá chuig OSSP Gníomhaíochta*	Cearta an Duine & Freagrachtaí Dínit an Duine	Maoirseacht	Tionscadal
BLIAIN 2			
Forbairt	Daonlathas	Tionscadal Gníomhaíochta*	Dlí
BLIAIN 3			
Idirspleáchas	Tionscadal Gníomhaíochta*	Measúnú	Dul Siar

* Tá dualgas ar dhaltaí **DHÁ** Thionscadal Gníomhaíochta a chur i gcrích le linn trí bliana na sraithe sóisearaí. Lena chois sin, bíonn dualgas ar dhaltaí tuairisc a chur faoi bhráid ar **CHEANN AMHÁIN** dá dTionscadal Gníomhaíochta nó leabhar measúnaithe ar obair an chúrsa chun críocha measúnaithe. Níl sa tábla thuas ach díreach meabhrúchán gur féidir le Tionscadail Gníomhaíochta tarlú ag am ar bith agus ba chóir deiseanna gníomhaíochta a ghlacadh nuair is féidir, seachas cloí le sceideal forordaithe.

2.2. CUR CHUIGE AN AONOID

Roinneann an siollabas OSSP an cúrsa seo i gceithre aonad staidéir. Tá na seacht gcoincheap a luadh níos túisce tábhachtach maidir le gach ceann de na haonaid sin. Clúdaítear ceann amháin nó níos mó de na coincheapa i ngach aonad aonair den staidéar. Caitheann an chuid seo súil níos géire ar gach ceann de na haonaid sin agus, arís, ar eochairfhocail éagsúla a bhaineann le deiseanna foghlama féideartha a bhaineann leis na haonaid.

Is iad na ceithre aonad ná:

- | | |
|------------------------------------|-------------------------|
| 1. An Duine Aonair agus Saoránacht | 3. An Stát - Éire |
| 2. An Pobal | 4. Éire agus an Domhan. |

AONAD A hAON

AN DUINE AONAIR AGUS SAORÁNACHT

Is duine tábhachtach agus duine ar leith gach uile duine, ach cad is brí le bheith i do shaoránach? Cad é an diminsean sibhialta, sóisialta agus polaitiúil atá againn? Is féidir linn tuiscint a fháil ar shaoránacht trí shaoránacht a fhiosrú agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna éagsúla, mar shampla, an duine aonair, an teaghlach, an scoil, an pobal áitiúil/náisiúnta/idirnáisiúnta, an rialtas, an comhshaol agus saol na hoibre. Ní féidir bunú scileanna na saoránachta a scaradh ó fhorbairt phearsanta. Baineann na coincheapa ar fad a luadh níos túisce leis an aonad seo den chúrsa, ach tá tábhacht faoi leith ag baint le coincheapa na Dínite Daonna agus na Maoirseachta.

CEISTEANNA TRÁTHÚLA

Teastálacha	Iarmhairtí
Teastálacha	UDHR
Teastálacha	ECHR
Éifeachtaí	UNCRC
Réiteach Coimhlinte	Athchúrsáil
Dínit	Bruscar
Comhionannas	Maoirseacht
Ceartha an Duine	An Comhshaol
Freagrachtaí	Scoil
	An Duine Aonair

AONAD A DÓ

AN POBAL

Táimid ar fad inár gcónaí i bpobail éagsúla, mar shampla, pobal an teaghlaigh, pobal na scoile, an pobal áitiúil. Trí chomparáid a dhéanamh idir pobail bítear in ann cosúlachtaí agus difríochtaí a aimsiú eatarthu. Bíonn saintréithe ag baint le pobail agus is féidir cur síos a dhéanamh orthu trí fheiniméin dhifriúla, m.sh. a mbunús, a mballraíocht, ceartha agus dualgais na ndaoine agus na heagraíochtaí a chuimsítear iontu. Bíonn daoine rannpháirteach i gcuid mhaith pobal agus déanann siad ionadaíocht ar na pobail sin trí struchtúir agus nósanna imeachta faoi leith. Is aidhm thábhachtach i dtromlach na bpobal forbairt agus feabhas. Baineann na coincheapa uile leis an aonad seo den chúrsa, ach tá tábhacht faoi leith ag baint le coincheap an Daonlathais.

CEISTEANNA TRÁTHÚLA

Struchtúir	Conspóid
Ceartha	Éagsúlacht
Dínit	Coimhlint

Teaghlach
Pleanáil Áitiúil
Rialtas Áitiúil
Rannpháirtíocht
Idirbheartaíocht agus Athmhuintearas

Claontacht
Claontacht
Pobal
Muintearas
Féiniúlacht
Forbairt
Freagrachtaí

AONAD A TRÍ

AN STÁT – ÉIRE

Is féidir breathnú ar an Stát mar ghrúpáil mhór de phobail. Is féidir le duine aonair nó le pobal ar bith iarracht a dhéanamh tionchar a bheith acu ar cad a tharlaíonn ag an leibhéal náisiúnta trí struchtúir ionadaíocha agus rannpháirtíocha a rochtain. Trí bheith rannpháirteach i ngrúpaí pobail, eagraíochtaí, rialtas áitiúil agus i struchtúir eile, is féidir linn tionchar a bheith againn ar cheisteanna tábhachtacha na forbartha náisiúnta agus ar chinntí a rinneadh ag an leibhéal náisiúnta a mbíonn éifeacht acu ar dhaoine aonair agus ar phobail áitiúla. Mar shaoránaigh, ba chóir dúinn tuiscint bhunúsach a bheith againn ar an gcóras polaitíochta agus ar na struchtúir a bhaineann leis in Éirinn. Táimid freagrach as ionadaithe a thoghadh ag an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus Eorpach, as an dlí agus ord a chomhlíonadh agus athruithe ar bith ar an mbunreacht. Tá coincheapa na gCearta agus na bhFreagrachtaí, an Daonlathais agus an Dlí mar bhunús le tromlach an ábhair san aonad seo.

CEISTEANNA TRÁTHÚLA

Gardaí
Rialacha
Ceartas
Dlí
Breithimh
Cúirteanna
Seanad
Daonlathas
Toghcháin
Reifreann
Athmhuintearas agus Cothú na Síochána

Uachtarán
Aire
Cearta & Freagrachtaí
Tuaisceart Éireann
P.R.
Vótáil
Taoiseach
An Dáil
Freagrachtaí
Rialtas Áitiúil
Páirtithe Polaitíochta
An Bunreacht

AONAD A CEATHAIR

ÉIRE AGUS AN DOMHAN

Is annamh a bhíonn stáit scoite ó stáit eile. Cén fáth go ndéanann siad grúpáil? Conas a dhéanann stáit grúpáil? Is féidir na ceisteanna seo a fhiosrú trí staidéar a dhéanamh ar bhallraíocht na hÉireann i ngrúpálacha idirnáisiúnta, mar shampla, an tAontas Eorpach, Comhairle na hEorpa agus na Náisiúin Aontaithe. Trí bheith rannpháirteach i ngrúpálacha níos mó, is féidir le tíortha cosúil le hÉire freagrachtaí agus tionchar féideartha a bheith acu lasmuigh de theorainneacha an Stáit. Is féidir le hÉire tionchar díreach a bheith aici ar

cheisteanna tábhachtacha na forbartha domhanda agus trí ghrúpálacha stát ina bhfuil sí mar bhall. Baineann coincheapa na Forbartha agus an Idirspheáchais go mór le hábhar an aonaid seo.

CEISTEANNA TRÁTHÚLA

Cothú na Síochána
FPE
Trádáil
Na Meáin
An Coimisiún Eorpach
An tAontas Eorpach
Parlaimint na hEorpa

Comhairle na hEorpa
Cearta & Freagrachtaí
Saoránach Domhanda
Na Náisiúin Aontaithe
Tionchar
Tearfhorbairt
Idirspheáchas

SCEIDEAL PLEANÁLA ATÁ MOLTA DON CHEITHRE AONAD

AONAD 1

An Duine Aonair agus Saoránacht
Tionscadal Gníomhaíochta*

Meán Fómhair go dtí mí Feabhra (Bliain 1)

AONAD 2

An Pobal
(Bliain 2)
Tionscadal Gníomhaíochta*

Feabhra (Bliain 1) go dtí mí na Samhna

AONAD 3

An Stát – Éire
Tionscadal Gníomhaíochta*

Samhain go dtí mí an Mheithimh (Bliain 2)

AONAD 4

Éire agus an Domhan
Tionscadal Gníomhaíochta*
Dul Siar

Meán Fómhair go dtí mí Aibreáin (Bliain 3)

* Tá dualgas ar dhaltaí DHÁ Thionscadal Gníomhaíochta a chur i gcrích le linn trí bliana na sraithe sóisearaí. Lena chois sin, bíonn dualgas ar dhaltaí tuairisc a chur isteach maidir le CEANN AMHÁIN dá dTionscadal Gníomhaíochta nó leabhar measúnaithe ar obair an chúrsa chun críocha measúnaithe. Níl sa tábla thuas ach díreach meabhrúchán gur féidir le Tionscadail Gníomhaíochta tarlú ag am ar bith agus ba chóir deiseanna gníomhaíochta a ghlacadh nuair is féidir, seachas cloí le sceideal forordaithe.

2.3 SCILEANNA

Leagtar béim san OSSP ar shaoránacht rannpháirteach ghníomhach agus ar ghníomhaíocht bhríoch a ghlacadh. Trína gcuid rannpháirtíochta i bhfoghlaim ghníomhach agus i dTionscadail Ghníomhaíochta, foghlaimíonn daltaí cad is brí le bheith ina saoránaigh rannpháirteacha. Lena chois sin, foghlaimíonn daltaí príomhscileanna le linn an phróisis, a chuireann ar a gcumas dul i ngleic leis an bpobal, leis an tsochaí agus leis an domhan mór. Déantar cur síos ar chineálacha scileanna éagsúla ar leathanach a trí déag den siollabas OSSP. Déantar cur síos ar na scileanna seo thíos. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach liosta uileghabhálach atá anseo - is féidir míreanna eile a chur leis.

SCILEANNA AITHEANTAIS/FEASACHTA

Seo iad na scileanna a chuireann ar chumas daltaí rochtain a fháil ar eolas lena n-áirítear na scileanna seo a leanas:

- Teagmháil a dhéanamh le daoine agus/nó eagraíochtaí trí
 - litir a scríobh
 - glaonna teileafóin a dhéanamh
 - facsanna a sheoladh
 - ríomhphoist a sheoladh
- Eolas a fháil amach trí
 - líonraí leabharlainne
 - idirlíon
 - suirbhéanna
 - agallaimh
 - ceisteanna a chur
- D'fhéadfadh go mbeadh gá do dhaltaí na nithe seo a leanas a fhorbairt mar chuid den phróiseas
 - scileanna ríomhaireachta
 - scileanna méarchláir
 - scileanna próiseála focal

SCILEANNA ANAILÍSE/MEASÚNAITHE

Seo iad na scileanna a chuireann ar chumas daltaí anailís, léirthuiscint, próiseáil agus measúnú a dhéanamh ar eolas ar bith a fhaightear.

- Caithfear na nithe seo a leanas a dhéanamh nuair atá na foinsí eolais aitheanta agus rochtana

- an t-eolas a eagrú
 - an t-eolas a sórtáil d'fhonn ábhar nach bhfuil riachtanach nó nach mbaineann le hábhar a chur go leataobh
 - an t-eolas a léamh agus a choimriú i bpíosaí inbhainistithe
 - anailís agus measúnú a dhéanamh ar an eolas
 - cinneadh a dhéanamh faoin mbealach a chuirfear an t-eolas i láthair.
- Is féidir le daltaí na scileanna seo a leanas a úsáid maidir le fíricí agus figiúirí
 - comhaireamh
 - comhordú
 - táblú
 - cur i láthair.
 - Nuair atá sé beartaithe ag daltaí eolas a chur i láthair go físiúil, d'fhéadfadh gá a bheith leis na scileanna seo a leanas a úsáid
 - póstaer a dhearadh agus a tharraingt
 - píchairt a dhéanamh
 - barraghráf a dhéanamh
 - léaráid a dhearadh
 - leabhrán a dhearadh agus a fhoilsiú.

SCILEANNA CUMARSÁIDE

Seo iad na scileanna a ligeann do dhaltaí oibriú le daoine eile, a bheith rannpháirteach i bpléghrúpa agus eolas agus faisnéis a chur i láthair.

- Nuair atáthar ag obair i ngrúpaí, foghlaimíonn daltaí conas comhoibriú lena chéile agus forbraítear scileanna obair foirne cosúil le
 - éisteacht le daoine eile
 - plé
 - foghlaim conas labhairt agus tuairimí a chur in iúl i ngrúpa
 - tascanna a shannadh
 - idirbheartaíochtaí a dhéanamh le baill den ghrúpa
 - meas a bheith ar pheirspictíochtaí difriúla
 - comhréiteach i gcásanna easaontaithe
 - freagracht a ghlacadh
 - a bheith cuntasach don ghrúpa.
- Tá leibhéal foirmiúlachta ag teastáil nuair atáthar ag obair le daoine nó le heagraíochtaí mar chuid de Thionscadal Gníomhaíochta, de réir mar a dhéanann daltaí forbairt ar scileanna cosúil le
 - coinní a dhéanamh
 - teagmháil a dhéanamh le daoine
 - cead a lorg ó bhainistíocht na scoile
 - casadh le daoine agus fáilte a chur rompu
 - daoine a chur i láthair agus buíochas a ghabháil leo
 - cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe

- faisnéisiú do chainteoirí
 - ullmhúchán a dhéanamh roimh ré.
- Nuair atá eolas á chur i láthair, nó nuair atá óráid nó díospóireacht ar bun, tá daltaí ag forbairt scileanna cosúil le
 - eagrú agus pleanáil
 - eagar a chur ar an eolas nó ar smaointe
 - cinneadh faoi eolas tábhachtach
 - labhairt go muiníneach leis an bpobal
 - teanga chuí a úsáid
 - tuairim duine eile a fheiceáil
 - argóint a dhéanamh le cinnteacht
 - coimriú a dhéanamh ar an méid atá ráite
 - machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha/ar an eispéireas atá faighte.
 - Ag baint leasa as drámaíocht, rólghlacadh, nó mím mar mhodhanna cumarsáide nó chun saincheistanna a ardú - déantar na scileanna a leanas a forbairt
 - ionbhá a léiriú
 - aisteoireacht
 - léirthuisicint
 - plé.

SCILEANNA GNÍOMHAÍOCHTA

Luaitear na scileanna praiticiúla thíos a fhorbraíonn daltaí agus a chuireann ar a gcumas gníomhú ar cheist nó ar chás:

Cuireann eagrú drámaíochta, díospóireachta, cruinnithe nó cur i láthair ar chumas daltaí úsáid a bhaint as scileanna sna réimsí seo a leanas

- eagrú agus pleanáil
 - líon/uimhreacha a fháil amach
 - socruithe suíochánra a dhéanamh
 - riachtanais a bhaineann le trealamh a mheasúnú, m.sh. teilgeoir sonraí, OHP, clár bán, marcóirí, smeach-chairt
 - seiceáil go bhfuil an t-ionad glan agus oiriúnach
 - sólaistí a sholáthar, mar is gá.
- Ní mór do dhaltaí na nithe a leanas a dhéanamh nuair atá cruinniú, díospóireacht nó dráma á óstáil
 - fáilte fhoirmiúil a chur roimh dhaoine agus tús a chur le himeachtaí
 - an imeacht a mhaoirsiú ó thús deireadh
 - an chéad chéim eile a eagrú mar is cuí.

Tagann scileanna ceannasaíochta chun cinn go mór maidir le heagrú agus óstáil imeachtaí, agus spreagtar daltaí chun freagracht a ghlacadh as na himeachtaí sin.

- Forbraítear scileanna atá fíorluachmhar trí thoghcháin, bhréagthoghcháin agus trí nósanna imeachta agus prionsabail an daonlathais a úsáid. Bíonn daltaí bainteach leis na nithe a leanas

- saincheisteanna a aithint
 - aithint agus glacadh leis go mbíonn tuairimí agus barúlacha éagsúla ann
 - machnamh a dhéanamh faoin gceist
 - cinneadh coinsiasach a dhéanamh faoin gceist
 - tiomantas a thabhairt vótáil ar bhealach áirithe
 - measúnú a dhéanamh ar an toradh.
- Nuair a chinneann daltaí tiomsú airgid a dhéanamh mar chuid de Thionscadal Gníomhaíochta, bíonn na scileanna a leanas á bhforbairt:
 - riachtanas a aithint
 - taighde ar an ábhar
 - gníomhaíocht a roghnú
 - tascanna agus ionaid a dháileadh
 - bainisteoir ciste a cheapadh agus a roghnú
 - modh bailithe a eagrú
 - eolas a scaipeadh faoin ábhar
 - cuntas bainc a oscailt
 - airgead a láimhseáil
 - buiséadú
 - na hidirbheartaíochtaí uile a thairfeadh.

Nuair a chinneann daltaí tabhairt faoi fheachtas mar chuid de Thionscadal Gníomhaíochta, bíonn na scileanna a leanas á bhforbairt:

- fadhb a aithint agus aontú ar na bunchúiseanna atá léi
- réitigh fhéideartha a fhiosrú
- gníomhaíochtaí stocaireachta féideartha a fhiosrú agus socrú a dhéanamh faoin ngníomhaíocht is fearr chun athrú a chur i bhfeidhm
- grúpaí a aithint atá ag obair ar an gceist cheana féin
- plean gníomhaíochta a chur le chéile
- feachtas scríbhneoireachta litreacha nó cártaí poist a fhorbairt
- na meáin áitiúla a úsáid chun poiblíocht a thabhairt d'fheachtas
- measúnú a dhéanamh ar an méid atá bainte amach.

2.4 PLEANÁIL DON OSSP

Is cúrsa gearr atá i gceist le OSSP (thart ar 70 uair an chloig le linn trí bliana na sraithe sóisearaí). Bíonn tréimhse ranga amháin leagtha amach don ábhar in aghaidh na seachtaine go hiondúil, agus tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí an cúrsa a eagrú agus a phleanáil i gceart. Uaireanta, d'fhéadfadh roinnt ama a bheith idir ranganna OSSP toisc gnáthimeachtaí scoile agus laethanta saoire. Tabhair faoi deara go bhfuil sé tábhachtach am a chur ar leataobh chun an Tionscadal Gníomhaíochta a thabhairt chun críche.

Féadfaidh modúl oibre a bheith úsáideach chun an t-ábhar seo a chur in ord agus a phleanáil. Maireann modúl don OSSP idir 12 go dtí 15 seachtaine lena n-áirítear Tionscadal Gníomhaíochta. Nuair atá modúl oibre á phleanáil, is í an chéad chéim ná an coincheap, an t-aonad, an téama nó an cheist atá roghnaithe a chur i láthair. Nuair a bheidh an méid seo déanta, caithfear seacht nó ocht

ngné difriúla a aithint. Ba chóir spreagthaí agus modhanna gníomhfhoghlama difriúla a úsáid chun cinntiú go bhfuil gach ceacht difriúil, (féach Cuid 3 chun tuilleadh eolais a fháil).

Is cuid lárnach den mhodúl é an Tionscadal Gníomhaíochta. Is féidir tabhairt faoin tionscadal ag céim ar bith den mhodúl. Ba chóir go dtiocfadh nádúr cruinn an Tionscadail Ghníomhaíochta chun cinn le linn an mhodúil oibre. Ba chóir cabhrú leis na daltaí féin lena gcuid smaointe don Tionscadal Gníomhaíochta a ghiniúint agus conas ba mhaith leo a bheith rannpháirteach.

Samplaí de spreagthaí:

Pictiúir
Scéalta
Clostéip
CD-Rom
Ceol

Físeáin/DVD
Míreanna nuachta
Ailt nuachtáin
Cártaí Poist/Póstaeir
Bróisiúir/Bileoga
Fíoracha/Léaráidí
Cuspóirí eile

Modheolaíochtaí difriúla:

Grúpobair
Comhrá struchtúrtha
Ransú Smaointe
Díospóireacht siúil
Cás-Staidéir

Rólghlacadh
Drámaíocht
Eile

“An active citizen...is someone who not only believes in the concept of a democratic society but who is willing and able to translate that belief into action. Active citizenship is a compound of knowledge, skills and attitudes: knowledge about how society works; the skills needed to participate effectively; and a conviction that active participation is the right of all citizens.”

(Commonwealth of Australia, Education for Active Citizenship, lch. 7, Rialtas na hAstráile, Canberra, 1989”)

AN CHOETHROMAÍOCHT CHEART A BHAINN AMACH



Tá sé mar aidhm ag Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil spreagadh a thabhairt do dhaltáí a bheith ina saoránaigh rannpháirteacha ghníomhacha. Tá modhanna gníomhfhoghlama lárnach ionas go ndéanfaí seachadadh rathúil ar OSSP mar ní bheidh daltaí ina saoránaigh ghníomhacha má bhíonn a gcuid foghlama faoi chúrsaí saoránachta éighníomhach. Léiríonn an léaráid thuas an chothromaíocht atá ag teastáil le haghaidh taithe bhríoch a fháil ar OSSP le béim níos mó ar mhodhanna múinteoireachta/foghlama agus na gníomhaíochta ná mar atá ar ábhar agus ar eolas an chúrsa.

“Citizenship education is a combination of approaches which can be summarised as:

- 1. Education about citizenship – knowledge of the political system operating in Ireland, Europe and the world;*
- 2. Education for citizenship – the development of skills and values as a means to encourage active citizens;*
- 3. Education through citizenship – emphasis on learning by doing through experiences in and out of school.”*

(James Arthur and Daniel Wright, *Teaching Citizenship in the Secondary School*, lch.8. David Fulton Publishers, Londain, 2001)

2.5 SAMPLA DE MHODÚL OIBRE AG ÚSÁID COINCHEAP AN DLÍ

Tá sampla den chaoi a bhféadfaí modúl ar choincheap an dlí a mhúineadh leagtha amach anseo

Ceacht 1: Réamhrá a thabhairt ar an dlí

Taispeáin gearrthóg nuachta don rang a bhfuil tuairisc ar choireanna nó tuairisc dlí inti. Ansin cuir ransú smaointe ar bun faoi dhlíthe. Iarr ar dhaltáí cuid de na dlíthe a briseadh san fhíseán a lua. Fiafraigh an cheist ‘Cad a tharlódh mura mbeadh dlíthe againn?’ Gníomhaíocht mhalartach ná an *Ghníomhaíocht faoi Dhlí ar Oileán Tréigthe*: ‘Samhlaigh go raibh tú i do phaisinéir ar eitleán a

raibh deacrachtaí aige agus a raibh air tuirlingt ar oileán in áit thréigthe, mar a tharla in *Lord of the Flies* le William Goulding. Tá 250 duine ar bord idir phaisinéirí agus an criú. Níl mórán seans ann go ndéanfar sibh a tharrtháil. Tá soláthar teoranta bia chomh maith le huisce agus fothain ar fáil ar an oileán, áfach. Is é an tasc ná (a) Liostaigh 5 dhlí nach mór duit a dhéanamh chun teacht slán, (b) Mínigh cén fáth a bhfuil gá le gach dlí (c) Mínigh cad a tharlódh dá mbrisfeadh duine éigin gach ceann de na dlíthe sin.’

Ceacht 2: Struchtúir sa dlí

Roinn an rang i ngrúpaí. Tabhair cluiche ‘Cé mise?’ do na daltaí. Tugtar liosta de theidil daoine éagsúla atá rannpháirteach sa chóras dlí/breithiúnach mar an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, Garda, breitheamh, ball de ghiúiré agus sraith sainmhíneithe/cur síos ar phoist do gach grúpa. Ní mór do na daltaí an cur síos a mheaitseáil leis an teideal. Déan gníomhaíocht den chineál céanna le haghaidh na gcineálacha éagsúla cúirteanna a phléann le cionta in Éirinn.

Ceacht 3: Daoine atá rannpháirteach sa dlí

Roinn an ranga i ngrúpaí. Tabhair cás-staidéar difriúil chomh maith le sraith ceisteanna faoi dhuine atá rannpháirteach i bhforfheidhmiú an dlí nó sa dlí a chosaint (Aon Lá Amháin i Saol - Garda, aturnae, abhcóide, breithimh, ball de ghiúiré) do gach grúpa. Ní mór do gach grúpa na ceisteanna a fhreagairt. Nuair atá an cleachtadh déanta ainmníonn gach grúpa urlabhraí chun an t-eolas faoina gcás-staidéar ar leith, agus é/í ag gníomhú i gcarachtar, a chur i láthair an ranga.

Ceacht 4: Tuairimí faoin dlí

Cuir díospóireacht siúil ar bun faoin ábhar seo a leanas: ‘Tá sé ceart go leor an dlí a bhriseadh’ (Féach Cuid 3, Eiseamláir 3).

Ceacht 5: Pionós/cúiteamh

Tabhair isteach nuachtáin a bhfuil tuairiscí cúirte iontu agus iarr ar na daltaí iad a léamh agus a phlé agus iad ina ngrúpaí. Tabhair na ceannteidil seo a leanas do na daltaí: Promhadh, Airgead a Thabhairt do Charthanas, Pointí Pionóis, Seirbhís Pobail, Pianbhreith Príosúnachta. Cad a cheap siad faoi chinntí na cúirte? Déan liosta de na coireanna a bhfuil gach ceann de na pionóis thuas tuillte dá mbarr dar leo.

Ceacht 6: An dlí i bhfeidhm

Eagraigh ionsamhlúchán a tharraingíonn aird ar bhealach oibre an chórais dlí. Glacann na daltaí ról na ndaoine atá i gceist (Garda, Breitheamh, Abhcóidí, Giúiré, finnéithe, duine a sháraíonn an dlí). D’fhéadfadh aon dalta nach bhfuil ag glacadh páirte san ionsamhlúchán a bheith ina (h)iriseoir atá ag clúdach na cúise do nuachtán nó do stáisiún raidió áitiúil, nó ina b(hall) de theaghlach an chosantóra sa slua sa seomra cúirte. (Féach na rólchártaí ceangailte).

Ceacht 7-11 Tionscadal Gníomhaíochta ar an Dlí

D’fhéadfadh na cinn seo a leanas a bheith ina dTionscadail Ghníomhaíochta:

- tabhair cuireadh d’aoichainteoir (Garda, Aturnae, Abhcóide, Breitheamh, Duine a thugann Tacaíocht d’Íospartaigh, srl.) cuairt a thabhairt ar an rang

- eagraigh cuairt ar phríosún, ar theach cúirte nó ar Stáisiún Garda
- déan suirbhé maidir le ‘An méid atá ar eolas ag daoine óga faoin dlí’.

D’fhéadfadh sé go gcaithfí rang iomlán ar chinneadh a dhéanamh faoi cén Tionscadal Gníomhaíochta a dhéanfar. D’fhéadfadh sé go gcaithfí rang eile ar thascanna agus ar ghrúpaí a shannadh. D’fhéadfadh sé go mbeadh roinnt ranganna ag teastáil chun an Tionscadal Gníomhaíochta a ullmhú agus a eagrú.

Ceacht 12: Machnamh ar an dlí

Tabhair deiseanna do dhaltáí machnamh a dhéanamh ar a dtaithe ar an modúl sin oibre. Cad a d’fhoghlaim siad? Cén chaoi ar athraigh a dtuiscint ar an dlí? Conas a d’fhéadfaidís a bheith níos gníomhaí maidir le tuiscint a fháil ar an dlí agus ar an gcaoi a oibríonn sé amach anseo?

Ceacht 6 Rólchárta do Ghníomhaíocht Ionsamhlúcháin

(Curtha in oiriúint ó *Law in our Lives*, arna fhoilsiú ag Comhairle Curaclaim Thuaisceart Éireann, Béal Feirste, 1993)

Rólchárta Bhaill an Ghiúiré.

Is é an tasc a bheidh agat ná cinneadh a dhéanamh an bhfuil Mary Moloney ciontach as goid mar atá sainithe ag an dlí. Míneoidh an Breitheamh a bhfuil ráite sa dlí. Ba cheart duit

- éisteacht go cúramach leis an bhfianaise
- éisteacht go cúramach lena bhfuil á rá ag an mbreitheamh
- neart ama a thógáil chun teacht ar fhíorasc
- ionadaí a thoghadh chun an fíorasc a thabhairt don chúirt
- ceisteanna a chur ar an mbreitheamh (ach gan iad a chur ar aon duine eile) trí theachtaireacht i scríbhinn a chur chuige/chuici
- nótaí a ghlacadh más mian leat.

Rólchárta Breithiúna

Tá tusa i gceannas ar an triail. Ní mór duit a chinntiú go ndéantar an triail a stiúradh go cothrom. Sula n-imíonn an giúiré chun machnamh a dhéanamh ar a bhfíorasc ba cheart duit an dlí a mhíniú don ghiúiré. Éilíonn an dlí go gcomhlíonfaí na trí choinníoll seo a leanas sula mbeidh duine ciontach as goid:

- caithfidh gur thóg an cosantóir maoin le duine éigin eile
- caithfidh go bhfuil an mhaoin i seilbh an chosantóra agus é ar intinn aige/aici í a choimeád go deo
- caithfidh gur thóg an cosantóir an mhaoin go mímhacánta agus nach raibh sé ar intinn aige/aici íoc aisti.

Ina theannta sin ní mór go mbeadh an giúiré cinnte thar amhras réasúnach gur chruthaigh an tionchúiseamh go bhfuil an cosantóir ciontach as an gcion as a cúisíodh í.

Rólchárta Abhcóide.

(Tá beirt Abhcóidí ann - duine amháin ar thaobh an ionchúisimh agus duine ar thaobh na cosanta)
Ba cheart duit na ceisteanna a chuirfidh tú agus na freagraí a thabharfaidh siad a phlé leis na finnétithe. Níor cheart ach ceisteanna a bhaineann le fíricí na cúise a chur. Déan iarracht ceisteanna a chur atá soiléir agus ar féidir freagra 'tá/sea' nó 'níl/ní hea' a thabhairt orthu. Is féidir aon fhinné a chroscheistiú, má theastaíonn.

Rólchárta an Chosantóra

Mary Moloney is ainm dom. Ar an 10 Lúnasa bhí mé sa siopa Beautiful Gifts ag cuardach bronntanais le haghaidh breithlá mo Dhaid. Ag ceann de na cuntair thug mé faoi deara go raibh pinn dheasa ann. Ansin d'fhéach mé ar m'uaireadóir agus thug mé faoi deara go raibh sé 2i.n. cheana féin agus go raibh orm a bheith ar ais ag obair san oifig ag 2i.n. tar éis am lóin. Rith mé amach as an siopa chun dul ar ais ag obair chomh tapa agus a d'fhéadfainn. Díreach ansin stop fear mé ag rá liom gurbh é an tOifigeach Slándála é agus go raibh údar aige a chreidiúint gur ghoid mé earraí ón siopa. Bhí mé trína chéile, ach nuair a d'iarr sé orm dul chuig oifig an Bhainisteora d'aontaigh mé go tapa, mar go raibh mé cinnte go raibh míthuiscint éigin tar éis tarlú. Nuair a bhainamar amach a hoifig d'iarr an fear orm mo phócaí a fholmhú, agus rinne mé amhlaidh. Baineadh geit mhillteanach asam nuair a chonaic mé peann ón siopa i mo phóca. Caithfidh sé gur chuir mé i mo phóca é gan smaoinemh nuair a chuimhnigh mé go raibh mé deireanach le haghaidh mo chuid oibre. Mhínigh mé dó gur botún uafásach a bhí ann agus dúirt mé go n-íocfainn as an bpeann lom láithreach. Chuir an Bainisteoir glaoch ar na Gardaí, áfach. Ní raibh mé i dtrioblóid leis na Gardaí riamh.

Rólchárta an Chéad Finné ar thaobh an Ionchúisimh

David O' Grady is ainm dom. Tá mé daichead bliain d'aois. Táim fostaithe mar Oifigeach Slándála sa siopa Beautiful Gifts ar an bpríomhshráid i mBaile Átha Troim. Ar 10 Lúnasa, ag thart ar 2i.n. bhí amhras orm faoi iompar mná ag cuntar na bpeann. Ansin chonaic mé í ag cur pinn ina póca agus ag rith amach. D'fhág sí an siopa agus níor íoc sí as aon rud. Lean mé í amach ar an tsráid agus d'iarr mé uirthi teacht chuig oifig an Bhainisteora liom. Nuair a bhainamar an oifig amach d'iarr mé uirthi a phócaí a fholmhú. I measc na rudaí a bhí ina phóca bhí luach 30 euro de pheann. Ansin chuir an Bainisteoir glaoch ar na Gardaí a tháinig thart ar leathuair an chloig ina dhiaidh sin.

Rólchárta an Dara Finné ar thaobh an Ionchúisimh

Eileen Murray is ainm dom agus is mise Bainisteoir Beautiful Gifts. Ar an 10 Lúnasa ag thart ar 2i.n. bhuaill an tOifigeach Slándála isteach chuig m'oifig agus bean óg in éineacht leis. D'inis an tUas. O' Grady dom gur thóg an bhean óg rud ón siopa gan íoc as. Nuair a d'iarr mé uirthi, d'fholmhaigh sí a phócaí agus d'aithin mé peann ó chuntar na bpeann. Toisc nach raibh sí in ann admháil a thabhairt chuir mé fios ar na Gardaí. D'inis mé do na Gardaí gur chreid mé gur ghoid sí peann ón siopa.

Ról an Tríú Finné ar thaobh an Ionchúisimh

Is mise an Garda Peter Lyons. Ar an 10 Lúnasa, iarradh orm teacht go siopa Beautiful Gifts ar an bpríomhshráid i mBaile Átha Troim. Cuireadh chuig Oifig an Bhainisteora mé áit ar inis an tUasal Murray dom gur chreid sí gur ghoid bean óg, Mary Moloney, luach 30 euro de pheann ón siopa. D'iarr mé ar an Uasal Moloney teacht chuig an stáisiún liom chun roinnt ceisteanna a fhreagairt. Dúirt sí go dtiocfadh sí liom. Ag an stáisiún, dheimhnigh mé go raibh dóthain fianaise ann chun í a

chúiseamh agus ansin thug mé rabhadh di agus d'fhiafraigh mé di an raibh sí ag iarraidh ráiteas a dhéanamh. Dúirt sí go raibh agus thóg mé ráiteas uaithi ag 3.15 i.n. D'imigh sí go luath ina dhiaidh sin.

Rólchárta an Chéad Fhinné ar thaobh na Cosanta

John Mc Fadden is ainm dom. Táim i mo Bhainisteoir ar an oifig Árachais áit a bhfuil Mary Moloney ag obair le 5 bliana anuas. Féadaim a dhearbhu gur thóg Mary a sos lóin an 10 Lúnasa ag 2i.n. agus go raibh sí le bheith ar ais ag an oifig ag 2i.n. Nuair nár fhill sí ar an obair mar a fhilleann sí de ghnáth bhí an-ímní orainn go léir. Bíonn sí i gcónaí in am. Nuair a d'fhill sí ar an oifig sa deireadh thart ar 3.30 i.n. bhí sí an-chorraithe. Thug mé isteach i m'oifig í áit ar thosaigh sí ag gol agus ar inis sí dom faoi gach rud a bhí tar éis tarlú. Bhí sí chomh trína chéile is gur dhúirt mé léi dul abhaile. Tá sí fós an-chorraithe mar gheall ar an méid a tharla. Féadaim a dheimhniú gur ball foirne an-mhacánta agus an-iontaofa í.

Rólchárta an Dara Fhinné ar thaobh na Cosanta

An Dr. Deirdre Casey is ainm dom. Tá an tUasal Moloney ina hothar agam ó bhí sí ina leanbh. Le bliain anuas tá sí faoi go leor brú agus strus. Tá a máthair an-tinn agus tá Mary ag tabhairt aire di, in éineacht le bheith ag obair. Mar thoradh air sin tá mion-dúlagar uirthi agus tá sí ag tógáil piollaí suaimhnithe chun é sin a leigheas. Ceapaim go bhfuil tnáitheadh ag dul di agus is é mo thuairim ná go bhféadfadh gurb é sin is cúis leis an méid a tharla maidir leis an ngadaíocht sa siopa. Tá sí níos trína chéile anois mar gheall ar a gabháil agus a toghairm.

Eolas d'imeachtaí trialach

1. Cuireann na habhcóidí iad féin in aithne.
2. Tugann gach taobh cuntas ar a chás.
3. Cuireann taobh an ionchúisimh ceisteanna ar gach finné faoi seach.
4. Déanann taobh na cosanta croscheistiú faoi seach ar gach taobh.
5. Féadann taobh an ionchúisimh gach finné a athscrúdú tar éis croscheistithe, más gá.
6. Cuireann taobh na cosanta ceist ar gach finné faoi seach.
7. Déanann taobh an ionchúisimh croscheistiú agus féadann taobh na cosanta athscrúdú a dhéanamh, más gá.
8. Tugann an breitheamh achoimre don ghiúiré agus míníonn sé an dlí.
9. Imíonn an giúiré chun an fíoras a mheas.
10. Tugann an giúiré a fhíoras.
11. Má fhaightear an cosantóir ciontach, tugann an breitheamh a phianbhreith nó má fhaightear an cosantóir neamhchiontach déantar é/í a scaoileadh saor.

2.6 SAMPLA DE MHODÚL OIBRE BUNAITHE AR AONAD AN PHOBAIL.

Ceacht 1: Líonraí pobail pearsanta

Tabhair leathanach a bhfuil sraith de chúig chiorcal comhlárnacha air do gach dalta. Tosaíonn siad lena n-ainm féin a chur sa chiorcal sa lár, beidh ainmneacha a gcairde agus a dteaghlaigh sa chéad chiorcal eile agus ag dul amach sna chéad chiorcail eile, beidh ainmneacha na ndaoine nach bhfeiceann siad chomh minic sin. Cuir na daltaí i ngrúpaí de cheathrar agus iarr orthu comparáid a dhéanamh idir a líonraí pearsanta. Tar éis deich nóiméad iarr ar an rang mar ghrúpa nótaí trácht a thabhairt. Cuir in iúl do na daltaí go mbaineann siad le roinnt pobal. Trí fhéachaint ar a gcuid ciorcal arís, iarr orthu na pobail a mbaineann siad leo a ainmniú, m.sh. teaghlach, scoil, spórt/caitheamh aimsire, sráid, baile, paróiste, srl.

Ceacht 2: Cineálacha pobail

Taispeáin grianghraif a léiríonn cineálacha éagsúla pobail. Mar shampla, An Lucht Taistil, feirmeoirí, pobal uirbigh, tuaithe, eitneach. Iarr ar na daltaí na pobail atá le feiceáil sna grianghraif a ainmniú. Pléigh pobail eile a d'fhéadfadh a bheith ann. Cad iad na tréithe coitianta agus na saintréithe a bhaineann le pobail éagsúla? An mbíonn riachtanais difriúla ag pobail éagsúla?

Ceacht 3: Dea-phobal, drochphobal

Roinn na rannpháirtithe i ngrúpaí de cheathrar nó cúigear agus tabhair carnán sean-nuachtáin agus seanirisí do gach grúpa. Is é an tasc atá ag gach grúpa, trí cheanteidil agus pictiúir a úsáid, ná dhá cholláis a dhéanamh, ceann amháin acu a chuireann síos ar dhea-phobal agus ceann eile a chuireann síos ar dhrochphobal. Tabhair 10-15 nóiméad dó sin. Ansin taispeáin na colláis ar na ballaí agus iarr ar gach duine féachaint orthu. Pléigh, i gcás dea-phobail, na fáthanna a mbíonn pobal go maith, agus i gcás drochphobail, na fáthanna a mbíonn pobal go dona. Sa deireadh, pléigh na céimeanna is féidir a ghlacadh chun bogadh ó dhrochphobal go dea-phobal.

Nóta don mhúinteoir: léirítear neart pobail ag a mhó a mothaíonn a chuid daoine **sábháilteacht**, **tábhacht**, agus **comhbhá** laistigh de. Chun mothú slán ní mór go mothódh duine go bhfuil sé sábháilte go fisiciúil. Chun mothú go bhfuil sé tábhachtach ní mór go mbeadh ról le glacadh chomh maith le feidhm le comhlíonadh sa phobal aige. Éiríonn comhbhá as mothú go bhfuiltear rannpháirteach i ngrúpa áirithe. (*Partners Companion to Training for Transformation*, lch.86).

Ceacht 4: Forbairt pobail

Tabhair réamhrá don cheacht seo trí mhíniú go bhfuil feabhsú agus forbairt mar aidhm thábhachtach sa chuid is mó de phobail. Iarr ar dhaltaí ransú smaointe a dhéanamh ar na bealaí a d'fhéadfadh grúpaí oibriú chun a gcuid pobal a fheabhsú. Roinn na daltaí i ngrúpaí de cheathrar nó cúigear agus tabhair sraith cártaí do gach grúpa (Féach leathanach 26). Iarr orthu na cártaí a eagrú i gcruth muileata leis an ráiteas arb é an sainmhíniú is fearr ar fhorbairt ag an mbarr agus an ceann is lú a aontaíonn siad leis ag an mbun. Déan comparáid idir na freagraí éagsúla. Pléigh: An ionann forbairt agus rachmas? Conas a d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh tuairimí éagsúla ag daoine in áiteanna éagsúla sa domhan ar an mbrí atá le forbairt? Conas a d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh

tuairimí éagsúla maidir le forbairt ag grúpaí éagsúla laistigh de phobal m.sh. lucht gnó, polaiteoirí, daoine óga, mná.

Ceacht 5: Dul chun cinn i dtreo forbartha sa lá atá inniu ann

Tabhair roinnt staitisticí do dhaltai i bhfoirm tráth na gceist fíor/bréagach. (Is féidir an bhileog eolais ar leathanach 27 nó láithreáin ghréasáin éagsúla a sholáthraíonn staitisticí a úsáid, m.sh. www.undp.org, www.developmenteducation.ie, www.trocaire.org, www.combatpoverty.ie, www.cso.ie).

Féadann an cleachtadh sin cabhrú le daltaí féachaint cén dul chun cinn a rinneadh i dtreo forbartha ag leibhéal áitiúil agus domhanda chomh maith leis na dúshláin atá fós le sárú.

Ceacht 6-7: Pobail ag glacadh gnímh

Trí húsáid a bhaint as nuachtáin, láithreáin ghréasáin agus ábhar eagraíochtaí neamhrialtasacha, tabhair roinnt scéalta faoi phobail atá ag glacadh gnímh do na daltaí (Féach leathanach 28). Roinn na daltaí i ngrúpaí de cheathrar nó cúigear agus iarr ar na daltaí na scéalta a léamh. Iarr ar gach grúpa achoimre a dhéanamh ar an tionscadal gníomhaíochta pobail a ndearna siad staidéar air faoi na ceannteidil: Cé atá rannpháirteach? Cad atá siad ag iarraidh a bhaint amach? Cé atá ag baint leasa as? Ansin iarr ar na daltaí a shamhlú go bhfuil siad mar fhoireann eagarthóireachta ar nuachtán áitiúil. Ansin ní mór dóibh aontú ar cheannteideal le haghaidh an scéil agus cinneadh cén cineál grianghraif a d'úsáidfidís taobh leis an scéal.

Ansin is féidir an griangraf a chur i láthair i 'bhfráma reoite' don chuid eile den rang (Féach Cuid 3: modhanna gníomhfhoghlama). Déan plé mar rang, ar na scéalta is fearr a thugann sampla d'fhorbairt pobail agus cén fáth.

Ceacht 8-11: TIONSCADAL GNÍOMHAÍOCHTA

I measc tionscadal gníomhaíochta féideartha a d'fhéadfaí a cheangal leis na ranganna thuas tá:

- próifil de do phobal a ullmhú agus a chur i láthair
- múrmhaisiú a cheapann tú a sheasann do do phobal a dhearadh agus a tharraingt – na daoine éagsúla agus a gcaitheamh aimsire, srl.
- ionadaithe ó ghrúpaí pobail éagsúla a chur faoi agallamh, ceisteanna a chur orthu faoin obair a dhéanann siad, faoin dóchas atá acu don todhchaí, srl.
- suirbhé a dhéanamh ar dhaltai sa scoil chun riachtanais daoine óga sa phobal a mheas chomh maith le bealaí ina bhféadfaí na riachtanais sin a chomhlíonadh. (D'fhéadfadh dá bharr go ndéanfaí brústocaireacht leis an gcomhlacht áitiúil ábhartha chun soláthar áiseanna a lorg)
- cuireadh a thabhairt do chainteoir ó ghníomhaireacht forbartha labhairt faoina cuid oibre le pobail sa domhan forbraíochta
- nasc a dhéanamh idir do scoil/rang agus le tionscadal pobail sa domhan forbraíochta (féadann Trócaire cabhrú leis sin)
- obair dheonach a dhéanamh sa phobal
- taispeántas a reáchtáil dar teideal 'Lá Amháin i Saol an Phobail' (i ngrianghraif)
- leabhrán nó láithreán gréasáin a dhéanamh ar sheirbhísí agus áiseanna sa phobal
- pobail éagsúla ar oileán na hÉireann, lena n-áirítear Tuaisceart Éireann a imscrúdú
- nasc a dhéanamh le scoil i dTuaisceart Éireann chun eolas a mhalartú ar cheisteanna trasphobail.

Ceacht 12: Machnamh

Ligeann an rang deireanach sin do na daltaí machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus an gníomh a rinneadh. Ba cheart go dtabharfaí deis do dhaltáí é sin a dhéanamh ina n-aonar agus mar ghrúpa.

Acmhainní Úsáideacha ar théama an Phobail –

Exploring Cultural Values in the Community, arna fhoilsiú ag Interculture Ireland agus an tSeirbhís Tacaíochta OSSP.

Changing Perspectives: Cultural Values, Diversity and Equality in Ireland and the Wider World, arna fhoilsiú ag Aonad Forbartha Curaclaim an Choiste Gairmoideachais.

Counted Out, Challenging Poverty and Social Exclusion, Aonad Forbartha Curaclaim an Choiste Gairmoideachais, *Fala Favela*, arna fhoilsiú ag Trócaire.

Painting Life: Painting Hope – Sraith de phóstaeir bunaithe ar thionscadal pobail le daoine óga i Nicearagua, arna fhoilsiú ag Trócaire agus ar fáil uathu.

On the Right Track, Peace and Reconciliation Education, a Handbook for Citizenship Education Teachers, arna fhoilsiú ag an Tionscadal Education for Reconciliation, Aonad Forbartha Curaclaim an Choiste Gairmoideachais.

Chun sonraí iomlána a fháil ar na hacmhainní sin agus ar acmhainní eile féach Cuid 7.

CÁRTAÍ LE HAGHAIDH CEACHT 4: FORBAIRT POBAIL

FORBAIRT

Is é atá i gceist ná go mbíonn meaisíní níocháin, gluaisteáin, teilifísí, srl. ag gach duine

FORBAIRT

Ciallaíonn sé nach mbíonn eagla ar dhaoine a dtuairimí a chur in iúl agus go bhféadann siad cead cainte a bheith acu maidir lena dtodhchaí féin.

FORBAIRT

Éiríonn sé as geilleagar atá ag dul i méid agus as an saibhreas agus na poist a chruthaítear dá bharr

FORBAIRT

Is é atá i gceist ná go mbíonn pá níos airde agus níos mó cumhacht caithimh ag daoine

FORBAIRT

Is é atá i gceist ná aire a thabhairt don chomhshaol agus é a chosaint do na glúinte atá le teacht

FORBAIRT

Ciallaíonn sé go mbíonn rochtain ag gach duine ar oideachas, cúram sláinte agus go ndéantar a riachtanais bhunúsacha a chomhlíonadh

FORBAIRT

Is é atá i gceist ná go roinntear gach cineál cumhachta ar bhealach níos cothroime idir daoine

FORBAIRT

Is é atá i gceist ná iompar agus cumarsáid nua-aimseartha, mar mhótarbhealaí agus teicneolaíocht ríomhaire

FORBAIRT

Is é atá i gceist ná go bhfaightear réidh le dearbh-bhochtaineacht agus ocras.

FORBAIRT

Ciallaíonn sé a bheith in ann maireachtáil go síochánta

(Athphriontáilte le cead ó láithreán gréasáin Trócaire)

Bileog eolais le haghaidh Ceacht 5:

Dul chun cinn i dtreo forbartha

- Tá thart ar 34 milliún duine san Eoraip thíos le bochtaineacht bhia – méadaíonn an figiúr sin suas go dtí 40 milliún nuair a áirítear na ballstáit nua.
- Tá an leibhéal is airde bochtaineachta san Eoraip in Éirinn.
- Is ionann an leibhéal bochtaineachta in Éirinn agus 21%. (Bochtaineacht sainmhínithe mar rud atá faoi 60% den mheánioncam).
- Is í Éire an dara ball is saibhre den AE, níl ach Lucsamburg níos saibhre ná í.
- Maireann 1.2 billiún duine (20% de dhaonra an domhain) ar ioncam níos lú ná \$1 in aghaidh an lae. Maireann 2.8 billiún ar níos lú ná \$2 in aghaidh an duine in aghaidh an lae.
- Sa bhliain 2000 ba é an méid a caitheadh ar chúrsaí míleata sa domhan ná 800 billiún.

- Is ionann costas aon fhomhuireán Trident ná costas scolaíochta ar feadh bliana le haghaidh 16 milliún leanbh sa domhan forbraíochta.
- Níl rochtain ar uisce sábháilte ag breis is aon bhilliún duine agus maireann breis is dhá bhilliún gan sláintíocht cheart.
- I láthair na huair, ní fhaigheann 115 milliún duine ar fud an domhain aon oideachas. Níl 860 milliún duine fásta ar an domhan in ann léamh agus is mná iad dhá thrían acu.
- Chosnódh sé \$15 billiún breise in aghaidh na bliana chun cúram sláinte bunúsach a sholáthar dóibh siúd atá dá uireasa.
- Chosnódh sé \$5 billiún breise in aghaidh na bliana chun litearthacht a sholáthar do chách.
- Chosnódh sé \$50 billiún breise in aghaidh na bliana chun uisce glan a sholáthar do chách.

Foinsí: www.combatpoverty.ie, www.developmenteeducation.ie, www.trocaire.org

Bileog Eolais do Dhaltaí le haghaidh Ceacht 6–7

Scéal samplach faoi phobal ag glacadh gnímh

Is tionscadal é an tionscadal Muralismo i Nicearagua a spreagann daoine óga chun a gcuid scéalta, mianta agus brionglóidí a phéinteáil ar bhallaí chathair Esteli. Tosaíodh é nuair a bhí pobal, atá lonnaithe i mbailte plódtí Esteli, ag iarraidh rud éigin a dhéanamh faoi na fadhbanna coireachta, bochtaineachta agus mí-úsáide drugaí a bhí ag scrios saol daoine óga. Tugadh cuireadh do na daoine óga teacht le chéile chun plé a dhéanamh agus chun múrmhaisí a phéinteáil agus a dhearadh a péinteáladh ar bhallaí na cathrach ansin. Tá tionscadal Muralismo, a tosaíodh i 1988, ag tabhairt daoine óga le chéile chun a saol féin agus an chaoi is féidir é a fheabhsú, a phlé. Reáchtálann an tionscadal ceardlanna áit a ndéanann na daoine óga a gcuid féinmhuiníne a chothú arís agus a dtosaíonn siad ag smaoineamh ar a bhfuil ag teastáil uathu don todhchaí. Tagann formhór na ndaoine óga as na háiteanna is boichte in Esteli agus ina measc bíonn roinnt leanaí sráide, oibríthe leanaí agus leanaí faoi mhíchumas. Is féidir mianta agus brionglóidí na ndaoine óga a fheiceáil ar fud bhallaí na cathrach anois. I Meán Fómhair 2001, thaistéal ceathrar daoine óga as Esteli chuig Ionad Ealaíon Pobail Bhaile na mBocht, Corcaigh chun a gcuid taithí a roinnt le daoine óga ansin. Eagraíodh an chuairt le tacaíocht ó Thrócaire. D’inis na ‘healaíontóirí’ as Nicearagua a scéal agus thaispeáin siad teicnící chun múrmhaisí a phéinteáil. Ansin rinne na daoine óga comparáid idir smaointe faoin saol i gCorcaigh agus Nicearagua agus tháinig siad ar smaoineamh maidir le múrmhaisiú comhdheartha dar teideal ‘The Preservation of our Planet’.

Fuarthas an scéal agus an íomhá ó Thrócaire.

CUID A TRÍ

FOGHLAIM GHNÍOMHACH

“To learn something well, it helps to hear it, see it, ask questions about it, and discuss it with others. Above all students need to ‘do it’ – figure things out by themselves, come up with examples, try out skills, and do assignments that depend on the knowledge they already have or must acquire.”

(Silberman, M. *Active Learning: 101 Strategies to Teach Any Subject*, Allyn agus Bacon, Needham Heights, Massachusetts, 1996)

Is gnách go gcuimhnímid		Ár leibhéal rannpháirteachais
10%	LÉITHEOIREACHT	
20%	AG CLOISTEÁIL FOCAL	Éighníomhach
30%	AG FÉACHAINT AR PHICTIÚIR	
	AG FÉACHAINT AR SCANNÁN	Gníomhach
50%	AG FÉACHAINT AR THAISPEÁNTAS	
	AG FÉACHAINT AR LÉIRSIÚ	
70%	Á FHEICEÁIL Á DHÉANAMH AR AN LÁTHAIR	
	AG GLACADH PÁIRTE I BPLÉ	
90%	AG TABHAIRT CAINTE AG DÉANAMH CUR I LÁTHAIR DRÁMATA	
	AG DÉANAMH AITHRISE AR AN BHFÍOR-EISPÉIREAS	
	AG DÉANAMH RUD ÉIGIN I NDÁIRÍRE	

EISPÉIREAS AGUS FOGHLAIM

(ón Centre for Teaching Effectiveness, Ollscoil Austin, Texas)

Is é atá i bhfoghlaim ghníomhach ná próiseas áit a nglacann daltaí páirt go gníomhach ina gcuid foghlama ar bhealaí éagsúla. Mar thoradh air sin is mó an dóigh go dtógfaidh na daltaí isteach an méid a d’fhoghlaim siad agus go mbeidh siad in ann é a chur i bhfeidhm ina saol ó lá go chéile agus

i suíomhanna laethúla. Mar sin tá foghlaim ghníomhach ríthábhachtach chun go ndéanfaí saoránacht dhomhanda fhreagrach a fhorbairt.

Níl aon bhealach éifeachtach amháin ann chun múineadh. Úsáideann múinteoirí maithe repertoire stíleanna agus raon fairsing straitéisí. Freisin bíonn tuiscint acu ar na stíleanna foghlama éagsúla atá ag daltaí. Tugann an méid seo a leanas achoimre ar an mbealach is fearr le foghlaim daltaí a dhéanamh éifeachtach.

<p>Foghlaimíonn daltaí go héifeachtach nuair</p> <p>a theastaíonn uathu foghlaim</p>	<p>Mar sin déanann múinteoirí na nithe seo a leanas</p> <ul style="list-style-type: none"> • molann siad daltaí chun spriocanna pearsanta a leagan síos • cabhraíonn siad le daltaí chun buntáistí na foghlama a fheiceáil • soláthraíonn siad roinnt roghanna
<p>Bíonn siad ar a suaimhneas, ach ar a n-airdeall</p>	<ul style="list-style-type: none"> • soláthraíonn siad timpeallacht fhoghlama spreagúil • seachnaíonn siad daltaí a cheistiú go tobann • féachann siad le dúshláin a chruthú in áit strus • soláthraíonn siad roinnt roghanna
<p>Bíonn siad ag foghlaim sna stíleanna is fearr leo</p>	<p>áiríonn siad raon leathan gníomhaíochtaí foghlama i ngach ceacht</p> <ul style="list-style-type: none"> • áiríonn siad gníomhaíochtaí fise, éisteachta agus cinéistéiseacha - agus déantar é seo i ngach ceacht más féidir, nó áirítear iad i ngach modúl oibre ar a laghad
<p>Bíonn siad gníomhach, i. bíonn rud éigin á dhéanamh acu</p>	<p>soláthraíonn siad gníomhaíochtaí a iarrann ar dhaltaí ‘tuiscint a bhaint as rud éigin’</p> <ul style="list-style-type: none"> • spreagann siad daltaí chun tuiscint a fhorbairt • spreagann siad daltaí chun a dtuiscint a léiriú • spreagann siad daltaí chun a dtuiscint a úsáid
<p>tagann siad ar rud éigin neamhghnách, drámatúil nach raibh coinne leis</p>	<p>tapaíonn siad an deis ag tús na gceachtanna chun spéis daltaí a ghabháil</p> <ul style="list-style-type: none"> • aithníonn siad an pointe lárnach foghlama atá ag gach ceacht agus faigheann siad bealaí éagsúla chun é a chur in iúl • aithníonn siad an pointe lárnach foghlama i ngach píosa oibre agus déanann siad iarracht chomhfhiosach é a thabhairt isteach ar bhealach neamhghnách
<p>déanann siad athbhreithniú rialta ar a bhfuil foghlamtha acu</p>	<p>baineann siad leas maith as na 5-10 nóiméad deireanacha den rang</p> <ul style="list-style-type: none"> • spreagann siad daltaí chun na pointí lárnacha i ngach ceacht a aithint • spreagann siad daltaí chun athbhreithniú córasach a dhéanamh ar a bpointí lárnacha lá amháin, seachtain amháin agus mí amháin tar éis an cheachta • tosaíonn siad gach ceacht trí hathbhreithniú a dhéanamh ar an gceann roimhe.

Curtha in oiriúint ó Hughes, M. *Closing the Learning Gap*, Network Educational Press Limited, Stafford, 2003

FOGHLAIM GHNÍOMHACH

- tugann sí ról do dhaltáí go fisiciúil, go cognaíoch agus go mothúchánach
- cuireann sí daltaí ag lár na foghlama trí chinntiú go bhfuil an t-ábhar ábhartha dá saol féin agus spéisiúil dóibh
- cuireann sí freagracht, muinín agus féinmhuinín chun cinn de réir mar a éiríonn daltaí freagrach as a bhfoghlaim féin
- aithníonn sí go bhfoghlaimíonn daltaí óna chéile agus go bhfoghlaimíonn múinteoirí ó dhaltáí, agus vice versa
- ceadaíonn sí solúbthacht i modheolaíochtaí múinteoireachta agus mar sin freastalaíonn sí ar chineálacha éagsúla éirime agus ar stíleanna foghlama éagsúla
- forbraíonn sí scileanna fadhbréitigh, smaointeoireachta criticiúla agus comhoibrithe
- teastaíonn atmaisféar muiníne agus tacaíochta uaithi lena chinntiú go nglacann daltaí páirt inti agus go mothaíonn siad sábháilte maidir lena gcuid tuairimí a chur in iúl agus triail a bhaint as scileanna nua
- cuireann sí gníomh chun cinn, de réir mar a fhoghlaimíonn daltaí conas a gcumas agus a n-éifeachtúlacht féin a aithint.

Nuair atáthar ag plé le coincheapa mar dhínt an duine nó cearta agus freagrachtaí nó scileanna a fhoghlaim cosúil le réitigh idirbheartaithe ar choimhlint, is minic go mbíonn sé úsáideach suíomhanna réalaíocha a úsáid laistigh den phróiseas foghlama. Is léir ar ndóigh go mbíonn sé deacair é sin a dhéanamh uaireanta mar go mbíonn daoine corraithe agus trína chéile. D'fhéadfadh sé go mbeadh an chuid maidir le déileáil le ceisteanna conspóideacha (p52-54) úsáideach i gcásanna den sórt sin.

“If we take on board the idea that a citizen is a person who has rights and duties in a democratic society then we have to ask ourselves what happens when these rights and duties are not acted upon. Calls for ‘active citizenship’ are meant to motivate people to take up their rights and responsibilities and contribute to more equal societies.”

(Comhairle na hEorpa, *Jump into Education for Democratic Citizenship!*, Strasbourg, 2003)

3.1 MODHANNA GNÍOMHFHOGLAMA

PLÉ STRUCHTÚRACH

Bíonn ról lárnach ag plé in OSSP. Tugann sé seans do dhaltai labhairt faoina gcuid smaointe agus mothúchán agus féadann sé deiseanna a thabhairt chun a gcuid smaointe nó mothúchán a fhorbairt nó a athrú nuair is cuí. Féadann sé raon scileanna a fhorbairt mar ceisteanna a chur, foghlaim ghníomhach agus dhearfach, agus achoimre a thabhairt ar thuairimí. Bíonn atmaisféar muiníne agus tacaíochta rithábachtach chun páirt a ghlacadh i bplé oscailte. Ní mór go mothódh daltaí go bhféadann siad a gcuid tuairimí a chur in iúl. Cé gur cheart labhairt le daltaí faoi ráitis mhíchruinne, ghoilliúnacha nó naimhdeacha, ba cheart é sin a dhéanamh ar bhealach a dhaingneoidh iad mar dhaoine, fad is atá a dtuairimí á gceistiú. Ní mholtar plé a oscailt gan treoir agus rialacha bunúsacha a sholáthar don phlé i dtús báire. Tá sé tábhachtach freisin spreagadh oiriúnach a sholáthar chun plé a chothú, mar dhán, scéal, alt nuachtáin, bileog eolais, píosa ceoil, spreagadh físe nó gníomhaíocht fhísiciúil.

D'fhéadfadh sé go mbeadh na rialacha seo san áireamh i sraith rialacha bunúsacha:

- taispeántar meas ar gach duine
- tugtar deis do gach duine sa ghrúpa labhairt
- éistear le gach duine - níl cead cur isteach
- ní mhaslaítear éinne
- taispeántar meas ar gach duine chun a dtuairime féin
- bítear ag súil go dtabharfaidh gach duine tacaíocht dá dtuairim
- bíonn saoirse ag gach duine chun a dtuairim a athrú ar bhonn plé machnamhaigh
- níor cheart go ndéanfaí aon ghinearálú. Mar shampla, 'is ionann gach teifeach...', 'is ionann gach Moslamach...'

Curtha in oiriúint ó Challenging Perspectives: *Cultural Diversity and Equality in Ireland and the Wider World*, A resource for CSPE, Aonad Forbartha Curaclaim an Choiste Gairmoideachais, 2002.

CLUICHÍ IONSAMHLÚCHÁIN AGUS RÓLGHLACADH

Úsáidtear cluichí ionsamhlúcháin agus rólghlacadh go forleathan chun deis a thabhairt do dhaltai 'maireachtáil' i suíomh réalaíoch i dtimpeallacht shábháilte. Ionas go mbeadh rólghlacadh éifeachtach tá gá le hullmhú cúramach, lena n-áirítear rólchártaí, ceisteanna machnaimh agus aon eolas cúlra ábhartha a ullmhú. Tá sé tábhachtach téama a roghnú atá dírithe go soiléir agus ar cosúil go n-éireoidh machnamh, anailís agus díospóireacht fhiúntach as. Freisin tá sé rithábachtach dóthain ama a thabhairt chun daltaí a thógáil amach as a ról agus a n-eispéireas ar rólghlacadh a phlé. Féadann daltaí nach dteastaíonn uathu páirt a ghlacadh i rólghlacadh ról tábhachtach a bheith acu ag éisteacht go cúramach agus tuairisc a thabhairt ar a bhfuil feicthe acu (féach Cuid 3, Eiseamláir 4).

DÍOSPÓIREACHT

Éiríonn go maith le díospóireacht má thugtar deis do dhaltáí díospóireacht a dhéanamh faoi ábhar a bhfuil fíospéis acu ann agus má thugtar am agus tacaíocht dóibh chun ullmhú i gcomhair na díospóireachta (eolas cúlra, ailt nuachtáin/irise, láithreáin ghréasáin úsáideacha, srl). Ceann de na fadhbanna a d'fhéadfadh a theacht chun cinn i ndíospóireachtaí ranga ná go bhféadfadh go seasfadh daltaí go dian le hargóint agus nach bhfeicfidís an luach a bhaineann leis an tuairim eile. Cur chuige amháin a d'fhéadfadh cabhrú le cas den sórt sin ná iarraidh ar dhaltáí taighde a dhéanamh ar cheist agus tuairim a chur i láthair maidir léi, agus ansin aistriú chuig an taobh eile agus argóint a dhéanamh thar son an taoibh eile. Ar deireadh, ba cheart go ndéanfadh an grúpa iarracht teacht ar chomhaontú ar na ceisteanna agus tuairisc ghrúpa a scríobh ag cur síos ar an gceist agus ar a gcomhsmainte ina leith. Iarrann an próiseas ar dhaltáí úsáid a bhaint as a gcuid scileanna comhoibritheacha. Bíonn glacadh tuairime agus comhaontú cumhdaithe sa nós imeachta.

Íomhá:

Argóintí ar son / argóintí i gcoinne

Bealach maith eile chun ligean do dhaltáí díospóireacht a dhéanamh ar cheist ná 'díospóireacht siúil'. Leis an modh sin, léitear ráiteas don rang agus iarrtar orthu seasamh ar thaobh amháin den seomra ranga má aontaíonn siad leis an ráiteas agus ar an taobh eile mura n-aontaíonn siad leis. Féadann siad siúd nach bhfuil cinnte seasamh sa lár. De réir mar a dhéantar díospóireacht ar an gceist féadann siad bogadh thart. Leis an ngluaiseacht sin tugtar spreagadh chun tuairimí a athrú agus ceadáíonn sé éiginnteacht chomh maith le glacadh leis nach mbíonn gach ceist simplí (féach Cuid 3, Eiseamláir 3).

RIANÚ CEISTEANNA

Is é atá i rianú ceisteanna ná modh trínar féidir le daltaí ceist nó ábhar atá sa nuacht faoi láthair a leanúint agus a scrúdú. Le rianú ceisteanna forbraítear obair ghrúpa agus scileanna comhoibrithe, toisc nach mór do dhaltáí oibriú ina ngrúpaí agus cinneadh a dhéanamh ar an mbealach is fearr le heolas a bhailiú. Féadann an múinteoir an cuardach a spreagadh trí nuachtáin a thabhairt don rang ar an gcéad lá nó trí thuairisc nuachta ar an gceist roghnaithe a thaispeáint.

Féadann daltaí leabhar gearrthóg nó cairt bhalla a thiomsú, nó an t-idirlíon agus ríomhaire a úsáid chun leabhar gearrthóg leictreonach a thiomsú. Leis an mhodheolaíocht sin déantar plé ar an difríocht atá idir fíricí agus tuairimí agus an ról a bhíonn ag peirspictíocht agus claonadh sna meáin chumarsáide (féach Cuid 3, Eiseamláir 7).

GRIANGHRAIF, OBAIR EALAÍNE AGUS ÍOMHÁNNA

Féadann íomhá nó grianghraf a bheith úsáideach chun spéis in ábhar a spreagadh, go háirithe má tá an íomhá cineál casta nó dúshlánach. Is féidir iarraidh ar dhaltáí an grianghraf a cheistiú. Cé a thóg é? Cathain a tógadh é? Cad a bhí ag tarlú nuair a tógadh an grianghraf? Cad a tharla ina dhiaidh sin?, srl. Tá sé tábhachtach gan íomhánna a úsáid a d'fhéadfadh claontacht nó steiréitíopaí na ndaltaí a atreisiú.

Is féidir iarraidh ar dhaltáí a dtuiscint féin ar cheist a chur in iúl trí hobair ealaíne, cartúin, colláis nó dealbhóireacht. Tá sé tábhachtach a dheimhniú do dhaltáí go bhfuil luach ag baint le iarracht gach duine lena n-áirítear iad siúd 'nach bhfuil go maith ag ealaín'.

Is féidir le fráma reoite a bheith úsáideach mar bhealach éifeachtach eile chun íomhánna a úsáid chun breathnú ar eispéireas, tuairimí agus mothúcháin éagsúla. Chun é sin a dhéanamh d'fhéadfadh an múinteoir dán nó scéal a léamh agus iarraidh ar dhaltaí ina ngrúpaí beaga aon líne amháin a roghnú ón scéal agus íomhá shocair a chruthú a thaispeánann cad atá ar siúl ag an bpointe sin. Nuair a roghnaíonn an múinteoir dalta, moltar dó/di a c(h)uid smaointe a chur i bhfocail agus é/í i gcarachtar. Féadann an raon dearcaí agus smaointe a thagann chun cinn a bheith ina ábhar do phlé saibhir (féach Cuid 3, Eiseamláir 2).

SUIRBHÉ/CEISTNEOIR

Féadann suirbhé nó ceistneoir scileanna cumarsáide, bailithe agus léirmhínte eolais a fhorbairt, mar aon le hobair foirne agus comhoibriú. Ligeann sé do ghníomh tarlú lasmuigh den seomra ranga agus is minic go bhféadann an scoil nó an pobal níos leithne a bheith rannpháirteach ann. Ní mór aird chúramach a thabhairt ar chuspóir an tsuirbhé a phlé, chomh maith leis na torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus an chaoi a roinnfear na torthaí le daoine eile (féach Cuid 3, Eiseamláir 6).

AG OBAIR LE TÉACSANNA

Is féidir le scéalta agus le téacsanna gearra ó nuachtáin, irisí agus ón Idirlíon a bheith an-úsáideach chun eolas agus ceisteanna a bhaineann le OSSP a chur i láthair. Tá go leor bealaí ar féidir le daltaí obair go gníomhach le téacsanna, mar shampla:

Míreanna mearaí a léamh

Roinntear téacs ina chúig chuid, mar shampla cúig alt. Ina dhiaidh sin, roinntear daltaí i gcúig ghrúpa agus tugtar alt amháin le léamh do gach grúpa. Ansin bogann na daltaí thart ionas go mbíonn dalta amháin ó gach grúpa i ngrúpa nua. Ní mór dóibh faoi seach an t-eolas a léigh siad sa chéad ghrúpa a roinnt go dtí go roinnfear an t-eolas go léir.

Léitheoireacht i mbeirteanna

Iarr ar dhaltaí beirteanna de A agus B a dhéanamh. Tabhair téacs do gach beirt agus sann tascanna difriúla ar na baill A agus B. Mar shampla, sann A le léamh agus B le hachóimre a thabhairt, A chun na fíricí a thabhairt faoi deara agus B chun na tuairimí a thabhairt faoi deara, A chun an scéal a insint mar atá sé curtha i láthair agus B chun an scéal céanna a insint de réir tuairime difriúla, agus mar sin de.

Téacs a chumhdach

Oibríonn daltaí ina mbeirteanna ag léamh scéil/téacs/mír nuachta. Anois roghnaíonn siad tráth ama nó imeacht lárnach sa téacs chun cur in iúl go fisiciúil dá chéile trí mhím. D'fhéadfadh an dara duine buille faoi thuairim a thabhairt faoin tráth ama a roghnaigh a gcéile le cur in iúl agus plé a dhéanamh ar na fáthanna gur roghnaigh siad an nóiméad sin.

3.2 MODHANNA GNÍOMHFHOGLAMA I gCLEACHTADH

Sna leathanaigh seo a leanas leagtar amach raon leathan gníomhaíochtaí ranga a úsáideann modhanna éagsúla maidir le foghlaim ghníomhach.

Eiseamláir 1 CLUCHE CÁRTAÍ CHUN CEARTA A MHEAITSEÁIL

(Foinse: *Our World Our Rights*, arna fhoilsiú ag Amnesty International)

Coincheap: Cearta agus Freagrachtaí
chomhoibritheach

Modh gníomhfhoghlama: Obair ghrúpa

Leibhéal: 1ú bliain OSSP

Aidhm: An Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine a chur in aithne do dhaltaí. (UDHR)

Céimeanna:

1. Déan fótachóipeanna de shraith cártaí agus ullmhaigh iad (féach leathanach 37/38).
(Leid: Má chuireann tú lannán ar na cártaí is féidir iad a úsáid arís is arís eile).
2. Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr nó ceathrar agus tabhair clúdach litreach a bhfuil sraith cártaí ann do gach grúpa.
3. Mínigh do na daltaí go gcaithfidh siad obair le chéile chun péirí a dhéanamh leis na cártaí, ag meaitseáil sraith focal leis an tsraith siombailí.
4. Tabhair am do na grúpaí chun na siombailí agus na focail a mheaitseáil.
5. Nuair atá an tasc críochnaithe pléigh a gcuid smaointe faoin ngníomhaíocht leis an rang. Cén focail a bhí éasca le meaitseáil agus cé acu a bhí deacair?
6. Cuir timpeall cóipeanna den UDHR (úsáid an leagan simplí a bhfuil macasamhail de ar leathanach 35) agus mínigh a bhunús.
7. Pléigh na fáthanna a dteastaíonn an UDHR uainn fós sa lá atá inniu ann.
8. Iarr ar dhaltaí a sraith siombailí féin a tharraingt chun cur síos a dhéanamh ar chearta daonna éagsúla.

Gníomhaíochtaí leantacha:

- Ceap cairt ranga de chearta agus freagrachtaí daonna ar féidir Tionscadal Gníomhaíochta a fhorbairt aisti.
- Le haghaidh obair bhaile, iarr ar dhaltaí pictiúir a fháil as irisí a dhéanann achoimre dar leo ar chuid de na pointí lárnacha sa UDHR.

AN DEARBHÚ UILECHOITEANN CHEARTA AN DUINE

Achoimre ar Ailt I gcás gach duine	
1. Beirtear le saoirse, comhionannas agus dínit iad.	16. Tá sé de cheart acu pósadh.
2. Tá sé de cheart acu gan aon idirdhealú a fhulaingt ar aon bhunús.	17. Tá sé de cheart acu a bheith ina n-úinéir ar réadmhaoin.
3. Tá sé de cheart acu maireachtáil agus maireachtáil go saor agus go sábháilte.	18. Tá sé de cheart acu saoirse smaointe, coinsiasachta agus creidimh a bheith acu.
4. Tá sé de cheart acu cead agus saoirse a bhaint amach.	19. Tá sé de cheart acu saoirse tuairimíochta agus cainte a bheith acu.
5. Tá sé de cheart acu sábháilteachta phearsanta a bheith acu. Níor cheart go ndéanfaí céasadh ar aon duine nó go gcaithfí go cruálach ná go mídhaonna leo.	20. Tá sé de cheart acu saoirse tionóil agus comhlachais a bheith acu.
6. Tá sé de cheart acu aitheantas a fháil os comhair an dlí.	21. Tá sé de cheart acu páirt a ghlacadh i rialtas, rochtain a bheith acu ar sheirbhísí poiblí chomh maith le ceart vótála a bheith acu.
7. Tá sé de cheart acu comhionannas a fháil os comhair an dlí agus cosaint chomhionainn.	22. Tá sé de cheart acu leas sóisialach a bheith acu.
8. Tá sé de cheart acu leigheas éifeachtach a fháil.	23. Tá sé de cheart acu a bheith in ann obair.
9. Tá sé de cheart acu gan gabháil ná coinneáil threallach a fhulaingt.	24. Tá sé de cheart acu scíth agus caitheamh aimsire a bheith acu.
10. Tá sé de cheart acu éisteacht iomlán agus chóir a fháil os comhair binse neamhchlaonta agus neamhspleách.	25. Tá sé de cheart acu caighdeán maireachtála sách maith a bheith acu.
11. Tá sé de cheart acu go nglacfaí leis go bhfuil siad neamhchiontach go bhfaighfí ciontach iad.	26. Tá sé de cheart acu oideachas a fháil.
12. Tá sé de cheart acu príobháideacht a bheith acu.	27. Tá sé de cheart acu páirt a ghlacadh i saol cultúrtha an phobail.
13. Tá sé de cheart acu saoirse gluaiseachta a bheith acu.	28. Tá sé de cheart acu ord sóisialta agus idirnáisiúnta a bheith acu chun a gcuid cearta agus saoirsí a thabhairt chun saoil.
14. Tá sé de cheart acu tearmann a fháil.	29. Tá dualgais acu don phobal.
	30. Níl cead ag éinne an dearbhú sin a léirmhíniú ar bhealach a d'fhéadfadh cearta agus saoirsí daoine eile a chur i mbaol.

15. Tá sé de cheart acu náisiúntacht a bheith acu.

(Athphriontáilte le cead ó láithreán gréasáin Trócaire: www.trocaire.org. Cliceáil ar Education, ansin CSPE, ansin Teachers, ansin Rights and Responsibilities).

CÁRTAÍ CEARTA A MHEAITSEÁIL

Matching Rights Cards - I

Right to movement
(Travel)



Freedom of belief,
conscience or worship
(Religion)



Right to rest
and leisure
(Zzzz, rest and leisure)



Freedom from
arbitrary arrest
(Justice)



Right to meet with others
(Assemble)



Right to employment
(Work)



Eiseamláir 2 NÁ CUIR LIPÉAD ORM!

Coincheap: Dínit an Duine

Modh gníomhfhoghlama: Fotheidealú grianghraif

Leibhéal: 1ú bliain OSSP

Aidhm: Chun breathnú ar an gcoincheap de dhínit an duine agus trí dhéanamh amhlaidh dúshlán a chur faoi steiréitíopaí diúltacha féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag daltaí maidir le grúpaí airithe (m.sh. daoine óndomhan forbraíochta, daoine faoi mhíchumas, an Lucht Taistil, daoine scothaosta, srl).

Céimeanna

1. Bailigh raon grianghraf a thaispeánann daoine ó chultúir éagsúla ag déanamh gnáthrudáí . Bí cúramach íomhánna diúltacha a sheachaint nó iad siúd a thaispeánann daoine ar bhealach truamhéalach . Tá raon pacáistí grianghraf ar fáil ar iasacht agus is féidir iad a thiomsú ag úsáid nuachtán, irisí nó an Idirlín.
2. Taispeáin na grianghraif ar fud an tseomra agus iarr ar na daltaí dul thart agus féachaint orthu go léir.
3. Tabhair cártaí agus marcóirí do dhaltaí agus ansin iarr orthu dul i mbeirteanna agus teacht ar fhotheideal le haghaidh na n-íomhánna is mó a théann i bhfeidhm orthu. Nó má tá sé ró-dheacair ag daltaí teacht ar fotheidil dá gcuid féin, d'fhéadfadh an múinteoir raon fotheideal a sholáthar agus iarraidh orthu socrú cé acu a oireann do gach íomhá.
4. Nuair atá sé sin déanta úsáid Blu Tac chun na fotheidil a ghreamú de na híomhánna.
5. Tabhair am do na daltaí labhairt faoi na híomhánna is mó a chuaigh i bhfeidhm orthu, agus faoina bhfotheidil.
6. Iarr ar dhaltaí teacht ar théama amháin nó ar fhocal amháin a dhéanfadh achoimre ar na grianghraif go léir. Mura dtagann na focail '*dínit an duine*' chun cinn ag an bpointe sin d'fhéadfadh an múinteoir iad a mholadh.
7. Pléigh leis na daltaí an chaoi a thaispeánann na grianghraif go léir dínit daoine, an chaoi ar féidir dínit an duine a bhaint uaidh, an chaoi is dóigh a séanfar a ndínit ar dhaoine áirithe, Cé hiad na daoine sin agus cén fáth.

Gníomhaíochtaí leantacha:

- Úsáid an bhileog oibre thall chun cabhrú le daltaí oibriú le grianghraf roghnaithe.
- D'fhéadfadh daltaí rólghlacadh a fhorbairt bunaithe ar a bhfuil ar siúl i gcuid de na grianghraif.
- D'fhéadfadh daltaí píosa a scríobh ó pheirspictíocht duine sa ghrianghraf.
- D'fhéadfadh daltaí a gcolláis féin a dhéanamh faoin teideal '*dínit an duine*'.

- Pléigh an chaoi a bhféadann grianghraif freagraí éagsúla a spreagadh, m.sh. dóchas, éadóchas, suaitheadh, carthanacht, sonas.

CAD AIR A BHFULIM AG FÉACHAINT?

Cuir an grianghraf a roghnaigh tú i lár an leathanaigh agus caith roinnt ama ag smaoineamh faoi na ceisteanna timpeall air.

D’fhéadfá roinnt focal a bhreacadh síos chun cabhrú leat cuimhneamh ar do chuid smaointe, mar iarrfar ort do smaointe a roinnt le cuid de na daltaí i do rang.

Cár tógadh an grianghraf seo meas tú?

Cé leis a mbaineann an grianghraf seo meas tú?

Cén fáth an dóigh leat gur tógadh é?

An bhfuil aon rud fágtha amach as an ngrianghraf?

Cad air a bhfuil daoine ag smaoineamh nó cad atá á rá acu sa ghrianghraf meas tú?

Cén nasc a fheiceann tú idir an grianghraf seo agus dínit an duine?

Curtha in oiriúint ó – *Making Human Rights Work – A Handbook of Human Rights Education Methodologies*, arna fhoilsiú ag an gCoiste Gairmoideachais, Aonad Forbartha Curaclaim, Baile Átha Cliath.

Eiseamláir 3 **LIG DO DO CHOSA LABHAIRT**

Coincheap: An Dlí

Modh gníomhfhoghlama: Díospóireacht siúil

Leibhéal: 2ú, 3ú bliain OSSP

Aidhm: Smaointeoireacht daltaí a spreagadh maidir le coincheap an dlí agus cabhrú le daltaí a thuiscint go bhfuil coincheap an dlí casta agus dúshlánach.

Céimeanna:

1. Ag taobh amháin den tseomra ranga cuir póstaer ‘Aontaím leis’ ar an mballa, agus ar an taobh eile cuir póstaer ‘Ní aontaím leis’ ar an mballa. Iarr ar na daltaí seasamh i lár an tseomra agus póstaer ‘Níl a fhios agam’ a chur ansin. Glaoigh amach an ráiteas seo a leanas ‘Tá sé ceart go leor an dlí a bhriseadh’ agus mol do na daltaí bogadh chuig an taobh den tseomra a léiríonn a dtuairim i leith an ráitis. Dá ghaire a bhogann siad i dtreo ceann amháin de na comharthaí is amhlaidh is mó a aontaíonn/a easaontaíonn siad leis. Cuir in iúl go soiléir go bhfuil sé ceart go leor seasamh sa lár, éisteacht leis an díospóireacht agus ansin bogadh de réir mar a thagann siad ar thuairim.
2. Nuair atá seasamh glactha ag daltaí iarr orthu a rá cén fáth gur ghlac siad an seasamh sin.

3. De réir mar a théann an plé ar aghaidh, féadann daltaí a seasamh a athrú agus bogadh de réir mar a athraíonn a dtuairim.

4. Féadann an múinteoir castacht na ceiste a thaispeáint trí ligean do na daltaí a dtuairimí éagsúla a chur in iúl. Freisin féadann an múinteoir cur ar na daltaí a seasamh a mhíniú agus a léiriú, mar shampla: Cathain a d'fhéadfadh sé a bheith ceart go leor an dlí a bhriseadh? An bhféadfá sampla a thabhairt de dhlí a bheadh ceart go leor a bhriseadh agus na cúinsí ina bhféadfaí é sin a dhéanamh? An mbraitheann sé ar cé a dhéanann na dlíthe (rialtas daonlathach nó deachtóireacht)? Cad a tharlódh dá gcinnfeadh gach duine an dlí a bhriseadh? Cén fáth go dtarlaíonn sé go mbíonn níos mó daoine ó chúlraí bochta i bpríosún? An mó dóigh go ligfear do dhuine saibhir an dlí a bhriseadh?

Gníomhaíochtaí leantacha:

Féach Cuid 2: 2.5 le haghaidh tuilleadh gníomhaíochtaí a bhaineann le coincheap an dlí.

Eiseamláir 4 FORBAIRT – CÉ A CHINNEANN?

Coincheap: Forbairt **Modh gníomhfhoghlama:** Rólghlacadh (le caoinchead Trócaire).

Leibhéal: 1ú, 2ú, 3ú Bliain OSSP

Aidhm: Coincheapa na forbartha a fhiosrú agus conas is féidir le coimhlint teacht as dearcaí difriúla i leith forbartha uaireanta.

Céimeanna:

1. Tabhair rólchárta amháin do gach duine (féach thall). Iarr orthu a gcárta a léamh agus freagraí ar na ceisteanna seo a leanas a bhreacadh síos:
 - Conas a mhothaím faoin ‘bhforbairt’ nua sa sráidbhaile?
 - Cén difríocht a rinne sé do mo shaol/do shaol an tsráidbhaile? An bhfuil sé dearfach nó diúltach?
2. Roinn an rang sna grúpaí seo a leanas: mná ón sráidbhaile, fir ón sráidbhaile, lucht saothair, cuairteoirí eachtrannacha, innealtóirí. Scaip na rólchártaí, iarr ar ghrúpa ról difriúil a ghlacadh chucu féin ag úsáid na gcártaí agus ansin, i gcarachtar, déan a gcuid freagraí a phlé sna grúpaí éagsúla.
3. Ansin roinn an rang i ngrúpaí de chúigear agus tabhair ról difriúil do gach duine i ngach grúpa. Iarr orthu a ndearcadh agus a mothúcháin a phlé maidir leis an tobar nua a thógáil.
4. Iarr ar an rang ar fad machnamh a dhéanamh ar gach a ndearna siad sa rólghlacadh. D’fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas a bheith úsáideach: Cad a tharla i do ghrúpa? Conas a mhothaigh tú? Ar athraigh do dhearcadh de réir mar a bhí tú ag éisteacht le dearcadh daoine eile? Más rud é gur éirigh an plé teasaí, cén fáth a bhí leis sin? An féidir leat cúis na coimhlinte a aithint – suimeanna, luachanna, tuairimí difriúla? Ar aimsigh aon ghrúpa réiteach a d’fhéadfadh a bheith inghlactha do gach duine?
5. Pléigh na ceisteanna seo a leanas le chéile:
 - Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis an tobar nua?
 - Cé chomh riachtanach agus atá ‘rannpháirtíocht áitiúil’ don fhorbairt?
 - Cén nasc atá idir ‘forbairt’ agus ‘pobal’?
 - Cad a tharlaíonn má bhíonn ceann amháin agat d’uireasa an chinn eile?
6. Ar deireadh, iarr ar na grúpaí an tionscadal a athdhearadh le chéile. Caithfidh ionchur a bheith ag gach duine agus caithfidh gach duine comhaontú ar an tionscadal a roghnófar. Roinn an tionscadal nua seo leis an gcuid eile den rang.

Gníomhaíochtaí leantacha:

Féach Cuid 2: 2.6 i gcomhair smaointe breise maidir le nasc a dhéanamh idir coincheapa na forbartha agus an phobail. Féach *Oideachas Idirchultúrtha san Iarbhunscoil: Treoirlínte do*

Scoileanna do rólghlacadh ar cheist forbartha áitiúil (Eiseamláir 7). Arna fhoilsiú ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an CNCM.

Acmhainní/Láithreáin ghréasáin úsáideacha: www.trocaire.org; www.oxfam.org; www.christianaid.org; friendsoftheirishenvironment.net; www.oneworld.net; www.chaseireland.org.

RÓLCHÁRTA D'EISEAMLÁIR 4.

Cárta 1

Cuairteoir eachtrannach

Téim chuig sráidbhaile faoin tuath san Afraic. Níl aon mhná thart ach tar éis cúpla uair an chloig tagann siad ar fad agus uisce á iompar acu. Fiafraím dóibh cé chomh fada uainn agus atá an tobar óna bhfaigheann siad uisce. Deir siad liom go bhfuil sé 40 nóiméad ar chois. Fágaim an sráidbhaile an tráthnóna sin ach táim meáite bealach éigin a fháil chun an saol a dhéanamh níos éasca dóibh.

Cárta 2

Innealtóir

Is innealtóir mé as an Eoraip. Cloisim faoin áit seo ó chara liom a bhí san Afraic, áit a bhfuil ar dhaoine ceathracha nóiméad a shiúl chun uisce a fháil. Le cabhair ó roinnt cairde agus teagmhálaithe gnó bailím an t-airgead atá ag teastáil agus téim chuig an sráidbhaile san Afraic agus déanaim tobar a dhearadh díreach in aice leis an tsráidbhaile. Fostaím roinnt de na fir áitiúla chun an tobar a dhéanamh agus bíonn cóisir mhór ag na daoine mar cheiliúradh nuair atáimid críochnaithe.

Cárta 3

Saothraí Áitiúil

Tá cónaí orm i sráidbhaile gar don áit ina raibh an t-innealtóir eachtrannach ag tógáil an tobar nua uisce. Chaith sé i bhfad an iomarca airgid air mar gheall nach raibh gá an stroighin a thabhairt isteach i leoraithe an bealach ar fad ón bpríomhchathair. D'fhéadfadh sé an stroighin a cheannach i mo shráidbhaile ar phraghas i bhfad níos ísle. Mar sin féin, bhí sé go maith cúpla seachtain oibre a dhéanamh mar gheall go bhfuil airgead gann anseo agus íocadh go han-mhaith mé as an tobar a dhéanamh.

Cárta 4

Bean ón tSráidbhaile

Is fuath liom an tobar nua seo. Roimhe seo, bhíodh mé ag siúl ceathracha nóiméad le mo chairde gach lá chun uisce a fháil. Le linn dúinn a bheith ag siúl phléamar go leor rudaí agus rinneamar cinntí maidir le hoideachas ár bpáistí, fadhbanna idir roinnt de na

teaghlaigh sa sráidbhaile agus rudaí a bhí le réiteach againne, na mná, sa sráidbhaile. Anois, ní bhímid ach ag obair sna garraithe agus is annamh go mbíonn am againn a bheith ag labhairt le chéile a thuilleadh. Tá cuid de na fadhbanna teaghlaigh seo ag dul in olcas mar gheall nach raibh an t-am againn a bheith ag caint mar a bhímis.

Cárta 5

Fear ón tSráidbhaile

Tá an tobar nua seo go hiontach. Sula raibh sé ann chaith mo bhean agus m'iníon cuid mhaith den mhaidin imithe ag fáil uisce. Anois agus an tobar in aice lámhe caitheann siad an t-am sin ar fad ag obair sna garraithe. Shábháil sé seo go leor oibre orm agus ceapaim go mb'fhéidir go mbeidh fómhar níos fearr againn dá bharr. Cé go mbíonn cuid de na mná ag gearán beagáinín agus cuid de na teaghlaigh ag achrann lena chéile níos mó, is beag an méid é sin i gcomparáid le dul chun cinn mar seo inár sráidbhaile.

Eiseamláir 5 NAISC DHOMHANDA

Coincheap: Naisc dhomhanda **Modh gníomhfhoghlama:** Obair ghrúpa chomhoibritheach

Leibhéal: 1ú bliain OSSP

Aidhm: Cur ar chumas na ndaltaí na naisc idir iad féin, Éire agus an domhan i gcoitinne a fheiceáil agus tuiscint a fháil ar chomh idirpleách agus atá na naisc sin.

Céimeanna:

1. Scaip cóip den bileog eolais thall ar na daltaí agus ansin iarr orthu dul ag siúl timpeall an tseomra chun duine a aimsiú atá in ann gach ráiteas a shásamh.
2. Chomh luath agus a bheidh an bhileog líonta acu iarr ar dhaoine aonair a dtorthaí a thabhairt. De réir mar a dhéanann siad tíortha a lua, déan nóta díobh ar an gclár. Ansin leag béim ar líon agus ar raon na nasc atá ag an rang timpeall an domhain.
3. Cuir rudaí éagsúla ó chófra na cistine ar bhord ionas go mbeidh na daltaí ar fad in ann iad a fheiceáil. Bíodh idir gnáthrudáil (tae, caife, bananaí, oráistí, srl) agus rudaí níos coimhthíocha ann (mar shampla, spíosraí, bainne chnó cócó, rís, cúscús, srl.) Iarr ar na daltaí buille faoi thuairim a thabhairt faoi cé as ar tháinig gach rud. Nuair a bheidh an liosta déanta bain úsáid as léarscáil den domhan chun na háiteanna difriúla as ar tháinig na rudaí a thaispeáint.
4. Scríobh an t-athfhriotal seo a leanas ar an mbord agus pléigh mar a thugann sé achoimre ar an gceacht:

“Sula raibh tú críochnaithe le do bhricfeasta ar maidin inniu bhí tú ag brath ar leath den domhan.”

Gníomhaíochtaí leantacha:

- Bain úsáid as ‘Scéal Patricia’ agus an bhileog oibre a ghabhann leis (*Ag Taiscéaladh Idirpleáchais, Modúl ar Oideachas Forbartha d’OSSP*, leathanaigh 6-9).
- Don obair bhaile, iarr ar na daltaí féachaint ar na héadaí atá ina gcófraí agus nóta a dhéanamh den áit inar rinneadh iad.
- Iarr ar na daltaí faisnéis a íoslódáil faoi Thrádáil Chóir (féach thíos chun láithreáin ghréasáin a fháil). D’fhéadfadh smaointe do Thionscadail Ghníomhaíochta féideartha teacht as, mar shampla, lá um Thrádáil Chóir a eagrú nó dul isteach i bhfeachtas do Thrádáil Chóir.

Acmhainní/láithreáin ghréasáin úsáideacha

Ag Taiscéaladh Idirspeáchais, Modúl ar Oideachas Forbartha d'OSSP, arna bhfoilsíú ag Aonad Forbartha Curaclaim an Choiste Gairmoideachais. Ar fáil ón tSeirbhís Tacaíochta OSSP.

www.cleanclothes.org; www.laboutbehindthelabel.org; www.nosweat.org.uk;

www.ethicalconsumer.org; www.fairtrade.ie.

Eiseamláir 5 BILEOG OIBRE DON DALTA		
Aimsigh duine éigin...	Cuir isteach ainm an dalta	Cuir isteach ainm na tíre
A thaisteal chuig tír eile		
Atá ag caitheamh rud éigin a rinneadh i dtír eile		
Atá in ann cúpla focal a labhairt i dteanga eile		
A bhreathnaigh ar láithreán gréasáin faoi cheisteanna a bhaineann le tír eile		
Atá in ann popamhránaí as tír i Meiriceá Theas nó Láir a ainmniú		
A d'ith bia ón Áise le déanaí		
Atá in ann pearsa spóirt ón Afraic a ainmniú		
A bhfuil ball teaghlaigh nó cara acu atá ina gcónaí i dtír eile		
A bhfuil dlúthdhiosca le ceol as tír eile aige/aici		
A bhfuil aithne aige/aici ar dhuine éigin a tháinig chun cónaí in Éirinn ó thír eile		

Eiseamláir 6 CÉN FHAD A MHAIRFIDH SÉ?

Coincheap: Maoirseacht

Modh gníomhfhoghlama: Suirbhé

Leibhéal: 1ú, 2ú, 3ú Bliain OSSP

Aidhm: Feasacht a fhorbairt i measc daltaí maidir leis an mbaint atá acu le bruscar a tháirgeadh, agus cad is féidir leo a dhéanamh chun dramhaíl a laghdú.

Céimeanna:

1. Déan liosta den fiche rud is coitianta a cheannaíonn do rang gach seachtain.
2. Ríomh méid na rudaí seo a cheannaítear in aghaidh na seachtaine.
3. Ríomh an méid ama a thógfaidh sé le go ndianscaoilfidh na rudaí seo (féach an bhileog eolais).
4. Pléigh freagra na ndaltaí ar an bhfaisnéis seo leo. An bhfuil iontas/ímní orthu nó ar baineadh suaithheadh astu?
5. Iarr ar na daltaí dul ar ais chuig an liosta agus na rudaí is féidir a athchúrsáil a aithint.
6. Mínigh go bhfuil an méid dramhaíola plaistí a chaithimid uainn ag fás níos tapúla ná comhpháirt ar bith eile den dramhaíl sholadach chathrach. Is fadhb an-mhór í seo mar gheall nach féidir plaisteach a bhriseadh síos nó a dhianscaoileadh go héasca.
7. Iarr ar gach dalta páirt a ghlacadh sa Suirbhé maidir le Plaistigh (ag úsáid cairt na ndaltaí ar leathanach 48).
8. Nuair a bheidh an suirbhé críochnaithe ag gach dalta thar tréimhse seachtaine is féidir achoimre a dhéanamh ar an eolas agus é a thiomsú i suirbhé ranga.
9. Pléigh na torthaí sa rang.
10. Pléigh agus tar ar chomhaontú maidir le conas is féidir na torthaí seo a úsáid chun feasacht a mhéadú i measc pobal na scoile i gcoitinne.

Gníomhaíochtaí leantacha:

- Déan liosta de na hábhair is féidir a úsáid in ionad plaisteach
- Déan ransú smaointe ar na bealaí is féidir coimeádáin phlaisteacha a athúsáid
- Eagraigh comórtas chun na bealaí inar féidir plaisteach a athúsáid a thaispeáint
- Eagraigh taispeántas nó lá feasachta don scoil ar fad ag baint úsáide as an méid a foghlaimíodh.

Acmhainní/láithreáin ghréasáin úsáideacha: *Whose Waste is it anyway?* Arna fhoilsiú ag an tSeirbhís Tacaíochta OSSP agus Tiobraid Árann ag Faire (Clár Feasachta Comhshaoil Thiobraid Árann).

Eiseamláir 6 BILEOG EOLAIS	
Píosa Bruscair	Cén fhad a mhairfidh sé?
Buidéil phlaisteacha	Ní bhrisfidh siad síos
Buidéil ghloine	1,000 bliain
Coimeádaithe plaisteacha do phacáiste 6 bhuidéal/channa srl.	100 bliain
Cannaí alúmanaim	50 bliain
Leathar	Suas le 50 bliain
Fabraic níolóin	30-40 bliain
Málaí plaisteacha	10-20 bliain
Clúidín aon uaire	20 bliain
Stocáí olla	1-5 bhliain

Eiseamláir 6 SUIRBHÉ AR PHLAISTIGH

Cairt an Dalta

Ainm

Rang

Cineál Plaistigh	Luan	Máirt	Céad	Déar	Aoine	Sath	Domh	Iomlán
Cartán bainne le clúdach plaisteach								
Coimeádán bia plaisteach								
Coimeádán do sheampúanna do chosmaidí								
Buidéil ghlantaigh								
Málaí plaisteacha								
Pacáistiú bia								
Eile								

Eiseamláir 7 DEIR SÉ SNA PÁIPÉIR

Coincheap: Daonlathas **Modh gníomhfhoghlama:** Rianú ceisteanna in olltoghchán/toghchán uachtaránachta/toghchán áitiúil nó Eorpach.

Leibhéal: 1ú, 2ú, 3ú Bliain OSSP

Aidhm: Léamh criticiúil a dhéanamh ar an gcaoi a chuirtear iarrthóirí difriúla agus a mbeartais i láthair sna meáin.

Is féidir rianú ceisteanna a úsáid le cabhrú le daltaí ceist nó imeacht reatha a thuiscint trí léamh criticiúil a dhéanamh ar an gcaoi a dhéantar é a thuairisciú sna nuachtáin agus/nó ar an teilifís/raidió. Cé go mbaintear úsáid as an sampla de thoghchán thíos, is féidir an modh seo a úsáid chun ceisteanna/imeachtaí éagsúla a rianú, m.sh. ceist dlí a rianú agus é ag dul trí Thithe an Oireachtais, díospóireacht phoiblí a rianú ar cheist a bhaineann le cearta an duine.

Céimeanna:

1. Míneadh don rang go leanfaidh siad an chaoi a dhéanfar tuairisciú ar thoghchán atá ag teacht aníos thar thréimhse ama aontaithe (seachtain nó coicís).
2. Mar rang, déan ransú smaointe ar an gcaoi go bhféadfaí é seo a eagrú.
3. Sann dualgais, m.sh. nuachtáin a bhailiú.
4. Déanann na daltaí cúig nó sé ghrúpa. Rianóidh gach grúpa an chaoi a dhéanfar tuairisciú ar iarrthóir nó ar pháirtí ar leith, ag leagan béim ar leith ar a ngealltanas agus a mbeartais.
5. Tionsaíonn gach grúpa leabhar gearrthóg, colláis nó cairt bhalla.
6. Déanann gach grúpa cur i láthair gairid don rang. Ba chóir go gcuimseodh sé seo:
 - achoimre ar na príomhtheachtaireachtaí
 - príomhsmaoineamh amháin atá an t-iarrthóir nó an páirtí ag iarraidh a chur ina luí ar dhaoine
 - breithiúnas na ndaltaí féin ar fhiúntas/easpa fiúntais an iarrthóra nó an pháirtí a bhí siad ag rianú.
- Tar éis do gach grúpa cur i láthair a dhéanamh, is féidir plé ranga a bheith ann faoi na nithe seo a leanas:
 - Ar chuir na páipéir difriúla gach iarrthóir/páirtí i láthair go difriúil? Cén chaoi?
 - An bhfuair gach iarrthóir/páirtí an méid clúdaigh céanna?

Is féidir forbairt a dhéanamh ar phlé breise maidir le ‘cothromaíocht’ sna meáin agus an ról atá ag dearcadh daonna ó thaobh ‘fíricí’ a thuairisciú.

Gníomhaíochtaí leantacha:

- Roghnaigh alt gairid nó dhó agus iarr ar na daltaí marcóir a úsáid chun ráitis fíricí agus ráitis tuairimí a aibhsiú.

- Samhlaigh go genagann polaiteoir ar do dhoras agus é/í ag lorg tacaíochta. Céard a déarfá leis/léi faoina bhfuil ag teastáil i do cheantar áitiúil?
- Déan clár drámatúil “Questions and Answers” sa rang leis na hiarrthóirí éagsúla a ndearnadh rianú orthu ag freagairt ceisteanna ón lucht féachana.
- Eagraigh toghchán bréige sa rang.
- Cruthaigh gailearaí grianghraf sa rang de na polaiteoirí atá sa nuacht agus cuir lipéad dá n-ainmneacha leo.

3.3 LEAGAN AMACH AN tSEOMRA RANGA

Tá sé riachtanach machnamh a dhéanamh ar spás an tseomra ranga sula dtéitear i mbun gníomhfhoghlama. Ní aon leagan amach amháin ceart, ach tá go leor roghanna is féidir a úsáid. I go leor cásanna is féidir trealamh a atheagrú go héasca chun cineálacha leaganacha amach difriúla a chruthú. Fiú le deasca traidisiúnta is féidir iad a chur i ngrúpaí. Níl sé i gceist socruithe buana a dhéanamh de na cineálacha leaganacha amach don seomra ranga a ndéantar cur síos orthu anseo. Más féidir trealamh an tseomra ranga a bhogadh, ba chóir go mbeadh sé indéanta roinnt de na leaganacha amach seo a úsáid.

Cruth U: Is leagan amach é seo atá oiriúnach do gach cuspóir. Tá bord ag na daltaí, is féidir leo tusa agus meán amhairc a fheiceáil go héasca, agus iad ar aghaidh a chéile. Tá sé go héasca daltaí a chur i mbeirteanna freisin. Tá an leagan amach seo an-mhaith chun bileoga eolais foghlama a scaipeadh go tapa ar dhaltaí mar gheall gur féidir leis an múinteoir dul isteach san U agus siúl chuig pointí difriúla le sraitheanna ábhar.

Stíl foirne: Is féidir leis an múinteoir idirghníomhú foirne a chur chun cinn trí bhoird a chur i ngrúpaí ciorclacha nó dronuilleogacha timpeall an tseomra ranga.

Bord comhdhála: Is féidir na deasca ar fad a chur le chéile chun bord mór comhdhála a dhéanamh. Déanann an socrú seo tábhacht an mhúinteora a íoslaghdú agus tábhacht an ranga a uasmhéadú.

Ciorcal: Cuirtear an t-idirghníomhú aghaidh ar aghaidh is díri chun cinn trí dhaltaí a chur ina suí i gcorcal gan deasc ná bord. Tá ciorcal ar fheabhas do phlé ranga/grúpa iomlán.

Grúpa le grúpa: Is é an leagan amach is coitianta ná dhá chiorcal comhlárnacha de chathaoireacha. Ligeann an socrú do leath amháin den rang ciorcal plé a dhéanamh (an ciorcal taobh istigh) fad is a bhíonn an chuid eile den rang ina gcorcal éisteachta (an ciorcal taobh amuigh). Tá sé úsáideach freisin chun díospóireachtaí, rólghlacadh a dhéanamh nó breathnú ar ghníomhaíochtaí i ngrúpaí.

Stáisiún oibre: Tá an socrú seo oiriúnach do thimpeallacht ghníomhach atá cosúil le saotharlann ina gcuirtear gach dalta ina suí ag stáisiún chun tasc a dhéanamh díreach tar éis é a thaispeáint. Is féidir obair úsáideach a dhéanamh i mbeirteanna trí bheirt dhaltaí a chur ag stáisiún oibre.

Seachghrúpaí: Má tá an seomra ranga sách mór nó má tá spás ar fáil in aice láimhe, is féidir boird agus/nó cathaoireacha a chur in áiteanna inar féidir le foghrúpaí dul i gcomhair gníomhaíochtaí foghlama bunaithe ar fhoirne. Tá sé tábhachtach go mbeidh na seachghrúpaí chomh fada óna chéile agus is féidir le nach mbeidh foirne ag cur isteach ar a gcéile.

An seomra ranga traidisiúnta: Mura bhfuil aon dul as ach sraith rónna díreacha deasc a bheith ann b'fhéidir go bhféadfaí daltaí a chur i ngrúpaí beirteanna. Bheadh sé an-úsáideach dá mbeadh dóthain spáis ag na beirteanna seo le casadh timpeall chuig an mbeirt taobh thiar dóibh le gníomhaíocht leantach a dhéanamh mar ghrúpa de cheathrar. Is cuma cé chomh deacair agus atá timpeallacht an tseomra ranga, ba chóir go mbeadh sé indéanta daltaí a chur ina mbeirteanna agus modhanna gníomhfhoghlama a úsáid ina bhfuil páirtithe i gceist.

AN SEOMRA RANGA A EAGRÚ

- Ba chóir go míneodh an múinteoir don rang go bhféadfadh sé go mbeidh siad ag obair i ngrúpaí beaga i rith na bliana.
- Inis do na daltaí go gcaithfidh siad a ndeasc féin a bhogadh i gcíbe cruth a chuirfidh an múinteoir in iúl. Ba chóir go ndéarfai le daltaí bogadh go tapa ciúin.
- Ionas nach gcuirfear isteach ar an rang ach a laghad agus is féidir, ba chóir don mhúinteoir cinneadh a dhéanamh roimh ré faoin gcaoi a roinnfear an rang.
- Más rud é go gcaithfear na deasca a bhogadh chuig coirnéal den tseomra ranga do dhráma nó do ghníomhaíocht eile, moltar ró amháin a bhogadh ag aon am amháin.
- Déan cinnte gur féidir leis an rang ar fad an clár a fheiceáil chun smaointe a roinnt níos déanaí.
- Coinnigh súil ar an am le linn obair ghrúpaí, díospóireachtaí srl. ionas go mbeidh dóthain ama ann i gcomhair aiseolais.
- Cuir am ar fáil ag deireadh an ranga chun an seomra ranga a atheagrú.

Is féidir le fadhbanna iompraíochta cur isteach ar mhodhanna gníomhfhoghlama.

D'fhéadfadh na leideanna seo a leanas a bheith cabhrach chun déileáil le deacrachtaí mar sin:

1. Dalta ceannasach: leag béim ar bhunrialacha, go gcaithfidh daltaí éisteacht lena chéile, srl. B'fhéidir go mbeadh an dalta seo in ann taifead a choimeád i bplé.
2. Dalta trioblóideach: cuir an dalta seo i ngrúpa nach gcuirfear isteach air go héasca. Suigh síos in éineacht leis an ngrúpa ar feadh píosa, b'fhéidir, agus iarr ar an dalta trácht a dhéanamh ar cheist atá á plé.
3. Ball grúpa atá ina aonar: téigh ag obair leis an ngrúpa agus déan an dalta a chuimsiú sa ghníomhaíocht.
4. Dalta cúthaileach/lag: iarr ar an dalta seo cur leis an méid atá idir lámha. Cuir an dalta in éineacht le cairde le muinín a thabhairt dó/di.

I rang nach bhfuil daltaí chomh deaslabhartha, bain úsáid as díospóireacht siúil, rólghlacadh, dráma nó obair ealaíne mar bhealach chun iad a spreagadh le smaointe a chur in iúl.

Sampla de bhunrialacha/cairt don seomra ranga.

Aontaímid gurb iad seo na bealaí ina mbeimid ag obair le go n-éireoidh lenár ngrúpa ranga:

Freagracht	Glacfaidh mé freagracht as mo chuig foghlama féin agus roinnfidh mé freagracht as dul chun cinn an ghrúpa ranga.
Rannpháirtíocht	Beidh mé rannpháirteach agus ní bheidh mé ceannasach nó ag cur isteach ar an rang.
Saoirse	Tá saoirse agam a bheith ag éisteacht uaireanta, seachas a bheith rannpháirteach i bplé.
Éisteacht	Éistfidh mé nuair atá duine eile ag labhairt.
Meas	Beidh meas agam ar dhearcadh daoine eile fiú nuair nach atá sé mar an gcéanna le mo dhearcadh féin.
Coimeád ama	Coinneoidh mé leis an am a comhaontaíodh don tasc.
Ábhair	Tabharfaidh mé liom na hábhair atá ag teastáil don rang agus cuirfidh mé mo chuid obair bhaile i gcrích ionas gur féidir leis an ngrúpa dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile foghlama.
Rúndacht	Is féidir liom labhairt faoi mo chuid foghlama sa rang, an t-ábhar atá á chlúdach agus na gníomhaíochtaí atá idir lámha againn. Ní phléifidh mé aon sonraí pearsanta a nochtadh sa rang taobh amuigh den ghrúpa.

“Múineann OSSP do dhaoine óga go bhfuil a ndearcadh tábhachtach, go gcaithfidh tú rudaí a dhéanamh tú féin seachas a bheith ag fanacht ar dhaoine eile cabhrú leat. Múineann sé dúinn seasamh amach ón slua agus difríocht a dhéanamh.” (Ann-Marie Burke, dalta OSSP, Gaillimh)

3.4 DÉILEÁIL LE CEISTEANNA CONSPÓIDEACHA

Bíonn ar gach oideachasóir déileáil le ceisteanna conspóideacha sa seomra ranga. Tá ceisteanna maidir le ceartas agus síocháin, cearta agus freagracht an duine, agus maidir le saol agus an chiall atá leis i gcoilár an oideachais go léir. Dá bharr sin, bítear ag dul i

ngleic le ceisteanna conspóideacha beagnach gach lá sa seomra ranga. Tá na ceisteanna seo conspóideach mar gheall nach bhfuil tuairim sheasta amháin ag gach duine i dtaca leo. Sainmhínítear ceist chonspóideach mar réimse d'fhiosrúchán acadúil ina féidir le daoine tuairimí ionraice a bheith acu a thagann salach ar a chéile. Is minic go mbíonn dearcaí reiligiúnacha chomh maith le dearcaí saolta éagsúla ann maidir le ceisteanna mar sin.

Mar gheall go mbíonn ceisteanna conspóideach is dócha go dtabharfaidh siad dúshlán do na luachanna, don chreidimh agus do na tuairimí atá ag daltaí i leith an domhain. Is féidir leis seo a bheith thar a bheith bagrach agus a bheith ina chúis anacair fiú ag roinnt daltaí. Dá bharr sin, teastaíonn scileanna speisialta ó mhúinteoirí nuair a théitear i ngleic le ceisteanna conspóideacha sa seomra ranga d'fhonn toradh dearfach a chinntiú. Nuair atá ábhar conspóideach á mhúineadh is maith an rud é atmaisféar a bhaint amach sa seomra ranga ina mbíonn idirphlé suimiúil eolach ar bun ag daltaí, saoirse acu chun a dtuairimí a chur in iúl agus insint faoina dtaithí, ach meas acu ar dhaltaí eile agus ar thuairimí eile ag an am gcéanna.

Níl sé éasca cothromaíocht saoirse a bhaint amach nuair atá struchtúr i gceist, agus is féidir le daoine a bheith míchompordach má chailltear an chothromaíocht idir an dá rud. Tarlaíonn an rud céanna i seomra ranga ina bhfuil smacht ró-dhian, ina bhfuil eagla ar dhaltaí a bheith ag labhairt nó i seomra ranga ina bhfuil smacht ró-scaoilte ina féidir le tuairimí aineolacha gan srianadh cuid mhaith d'am an ranga a chur amú. Tugann an chuid seo roinnt treoirlínte chun plé a éascú leis an gcothromaíocht seo a bhaint amach.

Leideanna chun déileáil le ceisteanna conspóideacha

Tá sé mar aidhm ag na leideanna seo a leanas cabhrú le múinteoirí smacht a choinneáil agus fiosrúchán agus idirphlé oscailte a choinneáil ag an am gcéanna.

1. Bíodh do sheomra ranga ina áit shábháilte le ceisteanna a chur agus smaointe a phlé

Sula mbeidh daltaí in ann ceisteanna a chur nó ceisteanna conspóideacha a phlé, caithfidh siad a bheith in ann a mhothú gur áit shábháilte é an seomra ranga le ceisteanna a chur nó easaontú le comhghleacaithe gan aon duine a bheith sa mhullach orthu dá bharr. Ba chóir bunrialacha a leagan síos don phlé go luath sa bhliain agus a chur i bhfeidhm go rialta – ní don phlé maidir le ceisteanna conspóideacha amháin, ach i gcás gach plé.

2. Téigh i muinín dea-chroí na ndaltaí

Agus ceist á cur i láthair a d'fhéadfadh éirí conspóideach, is féidir le múinteoirí an tábhacht a bhaineann le meas agus caoinfhulaingt a mheabhrú do dhaltaí. B'fhéidir gur mhaith leo achainí dhaonnúil a dhéanamh ar dhaltaí cuimhneamh gur féidir le rudaí claonta a deirtear sa rang a gcuid comhghleacaithe sa rang a mhaslú nó a náiriú. Níl formhór na ndaltaí ag iarraidh daoine eile a ghortú d'aon ghnó agus, nuair a meabhraítear an méid sin dóibh, déanann siad iarracht uaireanta an méid atá le rá acu a rá ar bhealach nach bhfuil chomh borb gríosaitheach.

3. Faigh amach cad atá ar eolas ag daltaí agus cad a cheapann siad faoi cheist sula gcuirtear tús le fiosrúchán

Faigh amach cad atá ar eolas acu faoi cheist, cad a cheapann siad atá ar eolas acu ach nach bhfuil siad cinnte faoi, cé as a dtagann a gcuid eolais agus cad iad na ceisteanna atá acu. Is féidir lena gcuid freagraí teacht as ceistiú díreach, ransú smaointe, plé i ngrúpaí nó dialanna a scríobh.

4 Cuir roinnt dearcaí difriúla os comhair na ndaltaí

Seachain plé sa seomra ranga faoi cheist go dtí go mbeidh deis ag daltaí taighde agus scrúdú a dhéanamh ar an gceist ó roinnt dearcaí difriúla. Ná déan dearmad go bhfuil gá le tuairimí difriúla faoi cheist chonspóideach ach nach leor é as féin. D'fhéadfadh sé nach mbeidh daltaí ag éisteacht, ag amharc nó ag léamh ach le tacú leis an méid a cheapann siad cheana féin nó le lochtanna, easnaimh nó eolas mícheart a aimsiú.

Féachann an múinteoir le príomh-mheon a fhorbairt leis na próisis seo agus sin 'oscailteacht chriticiúil' – claonadh chun intinn oscailte a bheith agat i leith dearcadh daoine eile agus an cumas staidéar criticiúil a dhéanamh orthu araon – is é sin a bheith toilteanach breithiúnas a chur ar fionraí agus an cumas ar deireadh teacht ar chonclúidí a bhfuil réasún leo agus a chuireann fáilte roimh athruithe araon.

5 Idirphlé agus éisteacht ghníomhach a chur chun cinn

Is iondúil go mbíonn cabhair ag teastáil ó dhaltaí chun na difríochtaí idir idirphlé agus díospóireacht a thuiscint. Díríonn idirphlé ar thuiscint, dearcaí a mhéadú, smaointeoireacht an duine a dhéanamh níos casta agus a bheith oscailte chun athruithe a dhéanamh. Bíonn éisteacht dháiríre ag teastáil d'idirphlé. Teastaíonn umhlaíocht freisin.

Conas is féidir liom idirphlé a dhéanamh má chuirim aineolas i leith daoine eile i gcónaí agus nach dtugaim mo chuid aineolais féin faoi deara riamh? Conas is féidir liom idirphlé a dhéanamh mura bhfáiltím roimh thuairimí eile, agus go maslaíonn siad mé fiú?

Paulo Freire, Pedagogy of the Oppressed

Is bealach den scoth chun éisteacht a chur chun cinn ná iarraidh ar dhaltaí dearcadh daoine eile a athshonrú. Leis an scil seo a fháil, iarr orthu athinsint a dhéanamh ar an méid a chloiseann siad dalta eile ag rá.

6. Bain úsáid as modhanna gníomhfhoghlama

Déanann daltaí an fhoghlaim is fearr nuair a bhíonn baint ghníomhach acu leis an bhfoghlaim. Agus ceisteanna conspóideacha á múineadh, tá sé tábhachtach deiseanna a chur ar fáil do chineálacha éagsúla plé i ngrúpaí: beirteanna, ciorcail chomhrá, painéil, babhlaí éisc. Chomh maith leis sin, is féidir le modhanna gníomhfhoghlama a bheith úsáideach chun ionbhá a fhorbairt (m.sh. rólghlacadh) agus chun dúshlán a thabhairt ar chlaontaí láidre atá ag daoine (m.sh. cluiche ionsamhlúcháin).

7. Cuir smaointeoireacht chriticiúil chun cinn

Cuir na scileanna a bhaineann le measúnú criticiúil chun cinn agus spreag daltaí chun eolas a cheistiú, an bunús atá leis agus claonadh ar bith a d'fhéadfadh a bheith ann. Cuir ceisteanna criticiúla le cabhrú le daltaí bunús a gcuid smaointe agus a gcuid dearcaí a thuiscint.

Samplaí de cheistiú criticiúil

- Cén tuiscint reatha atá agat ar (sonraigh an cheist)?
- Cén fáth a smaoiníonn/mhothaíonn tú mar sin?
- Cé as ar tháinig do thuairimí agus do thuiscint?
- Cé chomh iontaofa agus atá an t-eolas seo?
- Cé as ar tháinig do chuid íomhánna?
- Cén ról a d'fhéadfadh a bheith ag na meáin maidir le tionchar a imirt ar an gcaoi a bhreathnaíonn tú ar an gcás seo?
- Cad faoi thionchar ó fhoinsí eile - cairde, teaghlach, reiligiún?
- An bhfuil tú in ann bealach eile a shamhlú le breathnú ar an gceist seo? Conas a d'fhéadfadh sé a bheith?

Agus iad ag déileáil le ceisteanna conspóideacha, ba chóir do mhúinteoirí straitéisí a ghlacadh a mhúineann do dhaltáí conas claonadh a aithint, conas an fhianaise a chuirtear ós a gcomhair a mheas agus conas tuiscint, dearcadh agus foinní fianaise eile a lorg, thar rud ar bith eile fáth maith a thabhairt do gach rud a deir agus a dhéanfaidh siad, agus a bheith ag súil leis go dtabharfaidh daoine eile fáth maith freisin.

Bailey, Richard (1998) *Teaching Values and Citizenship across the Curriculum*, An Roinn Oideachais agus Fostaíochta, RA.

Teicnící ceistiúcháin

Níl sna leideanna seo a leanas ach roinnt samplaí a d'fhéadfadh a bheith úsáideach chun do theicníc ceistiúcháin a fhorbairt:

- Ná cuir ceisteanna nach n-éilíonn ach cuimhneamh ar fhíricí. Ina áit sin, tabhair spreagadh chun anailís agus measúnú a dhéanamh ar fhianaise, agus í a chur i bhfeidhm.
- Nuair atá ceist á chur agat, iarr ar na daltaí an freagra a phlé ina mbeirteanna sula dtugann siad freagra. Tabharfaidh sé seo deis dóibh machnamh a dhéanamh sula dtugann siad freagra.
- Nó fág deich soicind chun smaointeoireacht a dhéanamh tar éis gach ceist, sula nglacann tú le freagra.
- Cuir ceisteanna ar an raon daltaí is leithne agus is féidir. Má chuireann tú ceist ar dhuine atá ar thaobh na láimhe clé, iarr freagra ó dhuine ar thaobh na láimhe deise.
- Spreag daltaí chun freagra a thabhairt ar cheisteanna daltaí eile. Déan iarracht gan an múinteoir a bheith mar chainéal nó foinse don eolas go léir.
- Athshonraigh dearcadh an dalta agus iarr trácht(m.sh. 'Ceapann Máire go bhfuil sé ceart go leor buille boise a thabhairt ach ar an lámh amháin... cad a cheapann tú féin a Niall?').
- Bain úsáid as ceisteanna oscailte (m.sh. 'Cad a cheapann tú gur chóir don dlí a rá faoi ... ?') agus déan iarracht gan do bhreithiúnas féin a chur ina luí ar fhreagraí na ndaltaí. Tugann ceist oscailte le fios go bhfuil raon leathan freagraí inghlactha.
- Iarr freagraí uathu siúd atá ag iarraidh iad a thabhairt dá gconlán féin chomh maith le freagraí uathu siúd nach bhfuil.

'Cén fáth?' faoi Chúig

Baineann an modh seo úsáid as próiseas de 'Cén fáth?' a iarraidh ar a laghad cúig uaire chun ceisteanna casta/conspóideacha a bhriseadh síos. Tá sé seo thar a bheith úsáideach

chun cabhrú le daltaí níos óige/nach bhfuil chomh aibí dul chomh fada le croí na ceiste. Spreagann sé scileanna smaointeoireachta níos airde freisin agus éilíonn sé ar dhaltaí dearcadh a chuireann siad in iúl ró-thapa a athmheas, mar shampla:

- C: **Cén fáth** nach bhfuil daoine óga ag iarraidh vóta a chaitheamh?
F: Mar gheall go bhfuil an pholaitíocht leadránach
C: **Cén fáth** go bhfuil an pholaitíocht leadránach?
F: Mar gheall nach bhfuil baint ar bith aige leis an saol i ndáiríre
C: **Cén fáth** nach bhfuil baint ar bith aige leis an saol i ndáiríre?
F: Mar gheall nach bhfuil suim ag polaiteoirí sna cineálacha rudaí atá tábhachtach dúinn
C: **Cén fáth** nach bhfuil suim ag polaiteoirí sna rudaí sin?
F: Mar gheall nach bhfuil ár ndearcadh róthábhachtach dóibh
C: **Cén fáth** nach bhfuil dearcadh daoine óga tábhachtach do pholaiteoirí?
F: Mar gheall nach bhfuil ár vótaí ag teastáil uathu

Is féidir le daltaí nasc a dhéanamh ansin idir an chéad cheist agus an freagra deiridh agus an chaoi ar tháinig siad chuig an seasamh sin. Is féidir é seo a dhéanamh i mbeirteanna agus an fhreagairt a thaifeadadh le húsáid i bplé/faisnéisiú leis an rang iomlán.

RÓL AN MHÚINTEORA

Déan scrúdú ort féin

Cad iad na smaointe atá agat agus conas a mhothaíonn tusa, an múinteoir, faoi cheist? Cén fáth? An n-inseofá do dhaltai ag an tús faoi do dhearcadh ionas gur féidir leo claonadh ar bith a d'fhéadfadh a bheith ann a thógáil san áireamh? Nó ar chóir duit gan iad a insint dóibh, ach a bheith airdeallach faoi chlaonadh ar bith a bheadh ann ionramháil agus bolscaireacht a dhéanamh?

Déan iarracht a bheith freagrúil maidir le mothúcháin agus luachanna na ndaltaí

Trí theicnící cosúil leo siúd a léirítear thuas, is dócha go nochtfar mothúcháin agus luachanna na ndaltaí, mar gheall nach ceacht gan mhothúchán é scrúdú a dhéanamh ar cheist chonspóideach. Tuigimid nach é ról an mhúinteora a rá le daltaí cad iad na smaointe ba chóir dóibh a bheith acu ach cabhrú leo foghlaim conas smaointeoireacht a dhéanamh, tá sé tábhachtach freisin gan a rá le daltaí cad iad na mothúcháin agus na luachanna a bheidh acu ach atmaisféar a chothú ina bhfuil siad in ann iad a chur in iúl gan eagla, iad a dhéanamh soiléir dóibh féin agus a bhfiúntas a mheas.

Léirigh meas agus cothroime

Bíodh meas agat ar gach dalta agus dá gceart a ndearcadh a chur in iúl. Léirigh cothroimaíocht ó thaobh seasaimh atá i gcoinne a chéile a léiriú go cruinn cothrom. Ní féidir leis an múinteoir ligean air/uirthi go bhfuil sé/sí neodrach, agus tá sé de cheart aige/aici

tuairim a chur in iúl freisin. Tá sé tábhachtach do thuairim féin a shonrú ar bhealach a thaispeánann meas ar dhaoine eile agus ní ar bhealach a chuireann clabhsúr leis an bplé.

Ceartaigh eolas mícheart

Is ról tábhachtach é don mhúinteoir le linn plé ar cheist chonspóideach eolas mícheart a cheartú go caoin. Bíodh an t-eolas seo simplí gan imeacht ón bpointe. Ná téigh i mbun achrainn nó argóinte le dalta nó le grúpa daltaí.

Leag béim ar na deiseanna a bhaineann le coimhlintí

Is féidir le go leor ceisteanna conspóideacha coimhlint a chruthú, agus bíonn deis ann le linn plé ar cheisteanna conspóideacha a mheabhrú do dhaltaí go dtagann deiseanna foghlama agus fáis chun cinn as coimhlintí.

Léirigh do dhaonnacht

Admhaigh go bhfuil amhras, deacrachtaí agus laigí ag baint leis an seasamh atá agat féin. Lig do na daltaí an seasamh atá agat a cheistiú freisin.

Leag amach modh chun clabhsúr a chur leis an bplé

Déan cinnte go gcuirtear clabhsúr leis an bplé ag léiriú íogaireachta cuí do mhothúcháin ar bith a d'fhéadfadh a bheith spreagtha aige.

CUID 4: TIONSCADAIL GHNÍOMHAÍOCHTA

Cúrsa sa tsaoránacht ghníomhach atá bunaithe ar chearta an duine agus ar fhreagrachtaí sóisialta é OSSP. ‘Is é coincheap lárnach an chúrsa seo in Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil ná Saoránacht - léargas ar na réimsí saoránacha, sóisialta agus polaitiúla i saol an duine aonair trí rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí’. Siollabas OSSP, lch. 8.

Má tá daltaí le bheith ina saoránaigh rannpháirteacha gníomhacha ansin caithfidh siad a bheith ina rannpháirtithe gníomhacha ina bhfoghlaim féin. Trí pháirt a bheith acu i dTionscadail Gníomhaíochta, tugtar deiseanna do dhaltaí dul i ngleic le gníomhartha agus scileanna a fhoghlaim a chabhróidh leo a bheith ina saoránaigh rannpháirteacha gníomhacha níos faide anonn sa saol.

Cad is Tionscadal Gníomhaíochta ann?

‘Is éard is Tionscadal Gníomhaíochta ann ná ceann ina bhfuil baint ghníomhach ag daltaí maidir le ceist nó topaic a fhorbairt a tháinig chun cinn sa rang thar ghnáth-theorainneacha an téacsleabhair nó ábhair an chúrsa’. (lch. 10 Treoirínte do Scoileanna, 1996).

Ní Tionscadal Gníomhaíochta é taighde as féin, nuair nach ndéanann dalta ach fíricí agus figiúirí a chur trína chéile ó fhoinsí cosúil le ciclipéidí, nuachtáin, bileoga eolais, paimfléid agus CD-Rom agus é sin amháin. Is féidir leis a bheith mar chuid bheag de Thionscadal Gníomhaíochta áfach (tabharfar míniú níos mionsonraithe air seo níos déanaí sa chaibidil seo).

Seicliosta do Thionscadal Gníomhaíochta

- √ Ba chóir go mbeadh an Tionscadal Gníomhaíochta bunaithe ar cheann den 7 gcoincheap.
- √ Ba chóir go mbeadh an Tionscadal Gníomhaíochta comhsheasmhach le dearcadh chearta an duine agus fhreagracht shóisialta OSSP.
- √ Ba chóir go mbeadh comhpháirt Gníomhaíochta ag Tionscadal Gníomhaíochta (níl taighde inghlactha leis féin).
- √ Ba chóir go gcuirfeadh an Tionscadal Gníomhaíochta ar chumas an dalta dul i ngleic/ gcumarsáid le daoine eile nó le pobail maidir le hábhar a g(h)nímh.
- √ Ba chóir go gcuirfeadh an Tionscadal Gníomhaíochta ar chumas an dalta na scileanna a bhaineann le OSSP a chleachtadh.
- √ Ba chóir go gcuirfeadh an Tionscadal Gníomhaíochta ar chumas an dalta forbairt a dhéanamh ar a c(h)uid eolais agus a t(h)uisceint ar ábhar an ghnímh.

- √ Ba chóir go mbeadh gné mhachnaimh agus mheasúnaithe ag an Tionscadal Gníomhaíochta.

Rabhadh beag

Níl Tionscadail Gníomhaíochta atá bunaithe ar thopaicí cosúil le caitheamh tobac, ól, drugaí, galair agus ceisteanna sóisialta, pearsanta agus sláinte eile agus iad siúd atá bunaithe ar thopaicí stairiúla, comhshaoil agus spóirt inghlactha **ach amháin** má tá ceisteanna iontu a dtugtar aghaidh orthu maidir leis na critéir a léirítear thuas. Mar shampla, ní chomhlíonann leathanaigh ar a bhfuil liostaí de chineálacha difriúla drugaí agus na fo-iarmhairtí a bhaineann leo na critéir atá riachtanach do Thionscadal Gníomhaíochta. Má scrúdaíonn Tionscadal Gníomhaíochta a bhaineann le drugaí an méid is féidir le pobal a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar mhí-úsáid drugaí agus/nó conas is féidir le pobal brú a chur ar na húdaráis reachtaíocht a achtú agus/nó conas is féidir le pobal tacaíocht a thabhairt do ról an Gharda Síochána maidir le coireacht a bhaineann le drugaí a chosc, ansin mheasfaí é a bheith oiriúnach, ar an gcoinníoll go gcomhlíonann sé na critéir thuas.

Conas a thagann Tionscadail Gníomhaíochta chun cinn?

Is féidir Tionscadail Gníomhaíochta a fhorbairt ó roinnt cásanna difriúla:

Táimid ag iarraidh níos mó a fháil amach faoi...

D'fhéadfaimis rud éigin a dhéanamh faoi...

Ceist thráthúil a bhfuil suim ag na daltaí inti

Ceist áitiúil a bhfuil suim ag na daltaí inti

Ceist scoile

Lá/feachtas ainmnithe

Rud éigin eile!

- Is féidir le Tionscadal Gníomhaíochta a bheith ina Thionscadal Gníomhaíochta ranga, ina Thionscadal Gníomhaíochta grúpa nó ina Thionscadal Gníomhaíochta aonair. Chun obair i ngrúpaí agus foghlaim ghníomhach a spreagadh, agus ar chúiseanna praiticiúla ó thaobh ama de, spreagtar do mhúinteoirí Tionscadail Gníomhaíochta ranga/grúpa a mholadh dá gcuid daltaí.

Is féidir Tionscadail Gníomhaíochta ranga/grúpa a fhoroinnt i roinnt tascanna ar leith do dhaoine aonair nó do ghrúpaí beaga.

- Ba chóir go dtabharfadh daltaí faoi dhá Thionscadal Gníomhaíochta ranga/grúpa ar a laghad le linn an chúrsa, agus is féidir iad a dhéanamh ag am ar bith thar trí bliana na sraithe sóisearaí.

- Mar gheall go leagtar an bhéim ar an bhfoghlaim a dhéantar le linn an phróisis de rannpháirtíocht i dTionscadal Gníomhaíochta ní gá go mbeidh toradh rathúil ag an Tionscadal Gníomhaíochta.

Tá deis ag daltaí forbairt a dhéanamh ar a scileanna agus iad a chleachtadh trí bheith rannpháirteach i dTionscadail Gníomhaíochta, agus tá luach thar cuimse aige seo dóibh mar shaoránaigh ghníomhacha. Féach Cuid 2 chun tuilleadh a fháil amach maidir le scileanna a fhorbairt.

Conas pleanáil, eagrú agus bainistiú a dhéanamh

Tionscadail Gníomhaíochta

Mar gheall go bhfuil Tionscadal Gníomhaíochta lárnach d'OSSP tá sé tábhachtach roinnt ama a chaitheamh ag pleanáil an chaoi a dhéanfar an Tionscadal Gníomhaíochta agus na rudaí a dhéanfaidh gach duine le cinntiú go mbainfidh gach duine atá páirteach fiúntas as.

Cuireann an tsamhail sé chéim seo a leanas creat úsáideach ar fáil duit agus tú ag tabhairt faoi Thionscadail Gníomhaíochta.

Sé Chéim le dul i mbun Gnímh

- | | | | |
|----|-----------------------------------|----|------------------------------|
| 1. | Tar ar chomhaontú maidir le ceist | 4 | Críochnaigh an Gníomh |
| 2. | Bunaigh foirne/coistí | 5. | Déan measúnú ar an nGníomh |
| 3. | Déan tascanna foirne a phleanáil | 6. | Déan an Gníomh a thuairisciú |

AN CHÉAD CHÉIM

Is í an chéad chéim ná ceist a chomhaontú (atá laistigh de choincheapa OSSP agus a bhfuil suim ag do rang fiosrú breise a dhéanamh uirthi). Tá seans i bhfad níos mó ann go n-éireoidh le Tionscadal Gníomhaíochta nuair a eascraíonn sé ó obair na ndaltaí roimhe seo nó suim atá acu in ábhar ar leith. Nuair a roghnaíonn daltaí ceist a bhfuil suim acu inti i ndáiríre tá siad níos spreagtha agus bíonn a rannpháirtíocht ghníomhach leis an gceist bríoch agus baintear taitneamh as freisin.

Laethanta ainmnithe

Tá na laethanta éagsúla a ainmnítear go hidirnáisiúnta chun imeachtaí ar leith a cheiliúradh a léirítear thíos úsáideach chun béim nó buaicphointe a chur ar fáil do Thionscadail Gníomhaíochta daltaí OSSP. Cuireann siad deiseanna den scoth ar fáil le tús nó deireadh a chur le Tionscadal Gníomhaíochta.

Laethanta Ainmnithe

- | | |
|-----------|---------------------------------|
| Eanáir 1: | Lá Síocháin Domhanda |
| Eanáir: | Lá Martin Luther King (3ú Luan) |
| Márta: | Seachtain Náisiúnta na gCrann |
| Márta: | Coicís na Trádála Córa |
| 8 Márta: | Lá Idirnáisiúnta na mBan |

22 Aibreán:	Lá na Cruinne
9 Bealtaine:	Lá na hEorpa
Meán Fómhair:	Seachtain Feasachta ar Fhuinneamh
1 Deireadh Fómhair:	Lá Idirnáisiúnta do Dhaoine Aosta
17 Deireadh Fómhair:	Lá Díothú an Bhochtanais
24 Deireadh Fómhair:	Lá na Náisiún Aontaithe
Samhain:	Seachtain Aon Domhain
29 Samhain:	Lá Chearta na bPáistí
3 Nollaig:	Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas
10 Nollaig:	Lá na gCearta Daonna

AN DARA CÉIM

Socraigh cén **GNÍOMH** a bheidh ar bun ag na daltaí.

Cad atá na daltaí ag iarraidh a dhéanamh faoin gceist a aithníodh?

Is é an rud is tábhachtaí ná seal a chaitheamh sa rang ag ransú smaointe ar na ceisteanna a ardaíodh leis an gcéad chéim.

Dírigh ar a bhfuil na daltaí ag iarraidh a dhéanamh.

Mar shampla:

- feasacht a mhéadú
- cuairt a eagrú
- cuireadh a thabhairt d'aoichainteoir
- suirbhé a dhéanamh ar thuairimí maidir le ceist
- airgead a bhailiú

Leid: Déan tagairt go comhsheasmhach den seicliosta don Tionscadal Gníomhaíochta le linn gach céime chun dearbhú tapa a fháil go bhfuil tú féin/do rang ar an mbóthar ceart i dtreo gnímh.

AN TRÍÚ CÉIM

Caithfear an gníomh a phleanáil.

Mar sin, déan liosta de na jabanna ar fad atá le déanamh chun an gníomh a chur i gcrích.

Leid: Iarr ar an rang conas a dhéanfaidís turas chuig cluiche peile nó chuig imeacht eile a phleanáil. Ní fada go n-inseoidh siad duit faoin bpleanáil ar fad atá ag teastáil, m.sh. airgead a chur i dtaisce do na ticéid, cead a fháil, eitiltí a chur in áirithe, ionaid/amanna/iompar a sheiceáil, airgead a shocrú do bhia/bhrúnna, srl. Leagfaidh an ghníomhaíocht seo béim ar an méid pleanála atá ag teastáil do ghníomh ar bith!

Tar éis am a chaitheamh ar an ngníomhaíocht seo tóg an Gníomh OSSP a roghnaíodh thuas (an dara céim) agus pleanáil é ar an mbealach céanna. Déan ransú smaointe ar gach smaoineamh.

Tabhair tosaíocht don ord agus taispeáin conas a eascróidh an príomh-Ghníomh as na mionghníomhartha ar fad.

Níl sa léaráid thíos ach díreach treoir. Is plean gnímh atá ann do rang atá ag tabhairt cuireadh d’aoichainteoir.

Liosta na gcoistí chun cuireadh a thabhairt d’aoichainteoir

<p>1. Coiste ceadá (Ag lorg ceadá do na páirtithe ar fad atá bainteach)</p>	<p>Jabanna féideartha: Labhairt leis an bPríomhoide Labhairt le Ceann na Bliana Déan socruithe chun seomra speisialta/trealamh teilifíse/ceamara a úsáid srl.</p>	<p>Sann daltaí chuig gach grúpa: <i>Leid: cé gur féidir le roinnt daltaí a bheith in aon ghrúpa amháin caithfidh jab amháin a bheith ag gach duine aonair</i></p>
<p>2. Coiste chun cuireadh a thabhairt</p>	<p>Dul i dteagmháil leis an duine/eagraíocht chun dáta/am a shocrú <i>Leid: Ba chóir don mhúinteoir dul i dteagmháil leis an gcainteoir le comhairle a thabhairt maidir leis an gceist a labhrófar faoi leis an rang agus formáid an phlé, srl.</i></p>	<p>Sampla: Siobhán – litir chuig an bPríomhoide Seán – litir chuig an gcainteoir.</p>
<p>3. Coiste an tseomra</p>	<p>Cén áit a mbeidh an gníomh ar bun? Seomra ranga? Halla? An bhfuil sé saor ag an am a bheidh sé ag teastáil? Leagan amach an tseomra? Trealamh a bheidh ag teastáil ón gcainteoir?</p>	

4. Coiste na n-óstach	Cé a fháilteoidh roimh an gcainteoir? Turas den scoil? É/Í a chur in aithne don rang? Grianghrafadóir?	
5. Coiste na gceisteanna/an chur i láthair	Ceisteanna a ullmhú le cur ar an gcainteoir? An gcuirfidh grúpa daltaí na ceisteanna nó an rang ar fad? Cathaoirleach le seisiún ceisteanna agus freagraí a eagrú? Maor ama? Agallóir? Iriseoir an imeachta? Obair a cuireadh i gcrích roimh an gcuairt a chur i láthair?	Tábhachtach go háirithe má tá daltaí as láthair ar an lá - caithfidh an t-eolas seo a bheith acu.
6. Coiste sólaistí	Uisce/tae don aoi? Cé a chuirfidh plátaí/cupáin srl. ar fáil? Cé a cheannóidh tae/bainne srl.?	
7. Coiste buíochais	Óráid ag deireadh na cainte? Cárta buíochais? (Le ceannach, le scríobh, le cur sa phost).	
8. Coiste airgeadais	Airgead le haghaidh sólaistí? Cártaí?	

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh jab atá sainithe go soiléir ag gach grúpa. Caithfidh tasc ar leith a bheith ag gach ball den ghrúpa le déanamh.

Sampla:

Jab Shiobháin: cead a fháil ón bPríomhoide aoichainteoir a thabhairt isteach sa rang.

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis seo:

- Ullmhaíonn Siobhán eolas le cur i láthair an Phríomhoide
- Téann Siobhán chuig an oifig, ní féidir léi teacht ar an bPríomhoide
- Socraíonn sí litir a scríobh
- Scríobhann sí dréacht i gcóipleabhar
- Is féidir leis an múinteoir í a cheartú
- Scríobhann sí amach an litir arís
- Cuireann sí i gclúdach í
- Fágann sí an litir don Phríomhoide in oifig an Rúnaí.

Leid: Bain úsáid as bileoga phleanála le cabhrú leat Gníomh OSSP an ranga a eagrú.

Bileog phleanála 1: An rang

Tugann an bhileog seo deis don rang OSSP machnamh a dhéanamh faoi phoist/thascanna éagsúla a gcaithfear tabhairt fúthu chun Tionscadal Gníomhaíochta a thabhairt chun críche.

Bileog Phleanála 1: Conas a dhéanfaimid ár gcuid ama a bhainistiú mar rang?			
Dáta	Tasc	Rudaí le déanamh	Coiste

Bileog phleanála 2: An coiste/an fhoireann/an grúpa

Tugann an bhileog seo deis do choistí/fhoirne/ghrúpaí laistigh den rang OSSP machnamh a dhéanamh faoi phoist/thascanna éagsúla a gcaithfear tabhairt fúthu chun tasc/post áirithe a thabhairt chun críche.

Bileog Phleanála 2: Conas a dhéanfaimid ár gcuid ama a bhainistiú mar rang?			
Dáta	Tasc	Rudaí le déanamh	Coiste

Bileog phleanála 3: An duine aonair

Tugann an bhileog seo deis do gach duine aonair laistigh den choiste/fhoireann/ghrúpa machnamh a dhéanamh faoi phoist/thascanna éagsúla a gcaithfear tabhairt fúthu chun tasc/post áirithe a thabhairt chun críche.

Bileog Phleanála 3: MO PHLEAN GNÍOMHAÍOCHTA FÉIN				
Dáta	Mo jab/jabanna	Cad atá ag teastáil uaim?	Conas is féidir liom é sin a bhaint amach?	Cé atá in ann cabhrú liom?

Leideanna praiticiúla áirithe

Cinntigh go bhfuil gach dalta sa rang:

- mar chuid de choiste
- tasc aonair acu laistigh den choiste sin

Cuimhnigh jab áirithe a choinneáil do dhaltá a bheadh as láthair ar an lá a dhéantar na jabanna a shocrú, ach a thagann ar lá na gníomhaíochta.

Coinnigh jabanna cosúil le:

- Scríobh alt/tuarascáil faoi eachtra trí agallamh a chur ar dhaltá a bhí i láthair ar an lá
- Déan colláis as na firicí uile atá faighte amach ag daltaí faoi ábhar an Tionscadail Ghníomhaíochta. Bíodh ceamara réidh agat!

Feidhmigh mar mhaor ama chun cinntiú go ndéantar na tascanna uile a chomhlánú in am.

Na jabanna éagsúla a phleanáil

Is féidir le tasc a bheith mór nó beag ag brath ar an mbealach a bhreathnaítear air.

Le tuiscint níos mó a fháil, cabhraíonn sé a chinntiú go ndéanann daoine aonair/coistí gach céim den mhionghníomhaíocht a thaifeadadh cibé mór nó beag.

Feictear samplaí thíosluaite de jab ‘beag’ atá níos mó i ndáiríre nuair a dhéantar gach céim a shonrú. Féadfaidh na jabanna a bheith bainteach le daoine aonair nó le coistí.

Litir a scríobh

- cuir an seoladh ceart ar an litir
- cuir dáta ar an litir
- coinnigh na habairtí/na hailt gearr
- fiafraigh ceistanna atá soiléir
- bí dea-bhéasach
- priontáil d’ainm go soiléir
- scríobh dréacht
- déan an seoladh a lámhscríobh/a chlóbhualadh ar an gclúdach litreach
- coinnigh cóip den litir
- cabhraíonn sé clúdach faoi stampa is seoladh a bheith iniata nuair atá eolas á lorg

Glao teileafóin a dhéanamh

- ullmhaigh cad a theastaíonn uait a rá
- cuir tú féin in aithne/mínigh go hachomair an fáth atá leis an nglao teileafóin
- fiafraigh cé leis a bhfuil tú ag caint
- bí dea-bhéasach
- críochnaigh trí mhíniú go soiléir cad í an chéad chéim eile den phróiseas.

Suirbhé a dhéanamh

- bí soiléir faoin ábhar atá á fhiosrú agat
- cén grúpa a dtabharfaidh tú an suirbhé dóibh?
- déan cinneadh faoi na ceistanna a chuirfear
- tabhair fáth maidir le gach ceist a chuirtear
- scríobh na ceistanna ar bhileog, agus fág spás chun freagraí a líonadh isteach

- clóbhuail/lámhscríobh
- déan an líon ceart bileoga a fhótachóipeáil
- déan cinneadh faoin áit/uair a dhéanfar an suirbhé
- conas a dhéanfar an suirbhé a bhailiú?
- conas a dhéanfar torthaí an tsuirbhé a chur i láthair?
- cén gníomhaíochtaí leantacha a thógfaidh tú féin/do rang chun na torthaí a phoibliú?

Agallóireacht

- cinneadh a dhéanamh faoi na ceistanna a chuirfear
- socraigh am/ionad chun cruinniú a stiúradh
- déan cinneadh faoi thréimhse ama an agallaimh
- déan an t-agallamh a thairfeadh
- déan an t-agallamh a scríobh/a thrasscríobh
- tabhair tuarascáil

Bileog a scríobh

- déan cinneadh faoi chuspóir na bileoige m.sh. feasacht a spreagadh/eolas a thabhairt
- cén daoine a bhfuil an bhileog dírithe orthu?
- cé mhéid cóipeanna atá ag teastáil?
- costas priontála?
- páipéar?
- fótachóipeáil?
- ullmhaigh an chéad dhréacht
- seiceálaí litrithe, srl.
- priontáil amach an táirge críochnaithe
- dáileadh na bileoige – cén duine/cén uair/cén áit?

Póstaeir a dhearadh

- cad é príomhtheachtaireacht an phóstaer?
- stíl/iomhánna?
- déan sceitsí garbha
- bíodh sluan nó teideal oiriúnach san áireamh
- infhaighteacht an pháipéir, na ndathanna, srl.
- cead a fháil chun póstaer a chrochadh? Cén uair? Cén áit?

- croch na póstaer chríochnaithe in áiteanna straitéiseacha

Tiomsú Airgid

- cén eagraíocht a bhfuil tú ag tiomsú airgid dóibh?
- déan teagmháil leo chun comhairle a fháil
- cead a lorg ón scoil
- cineál imeachta le heagrú?
- feasacht a spreagadh faoin imeacht tiomsaithe airgid
- airgead a bhailiú
- airgead a chomhaireamh
- airgead a bhronnadh ar eagraíocht

Achainí

- cén fáth go bhfuil achainí á eagrú?
- bíodh am socraithe maidir le reáchtáil na hachainí
- bileoga a dhearadh
- bíodh póstaer agus bileoga réidh le dáileadh chun aird a dhíriú ar an ábhar
- eagraigh cur i láthair na hachainí.

D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach nuair atá daltaí á n-eagrú i gcoistí/bhfoirne/ngrúpaí ról a dháileadh ar gach dalta laistigh den choiste le cinntiú go ndéanann sé/sí a p(h)ost/t(h)asc áirithe a thabhairt chun críche go rathúil. D'fhéadfadh na ról a leanas a bheith úsáideach:

Ceannaire

Coinníonn siad an fhoireann ag obair

Cinntíonn siad go bhfuil gach duine rannpháirteach

Déanann siad an plé a stiúradh

Taifeadóir

Coinníonn siad nótaí

Coinníonn siad taifead ar na jabanna atá déanta

Coinníonn siad liosta de 'Rudaí atá le Déanamh'

Maor ama

Coinníonn siad súil ar chúrsaí ama
Tugann siad foláireamh 10 nóiméad don fhoireann

Comhordaitheoir Ábhar

Tugann siad na hábhair riachtanacha
Eagraíonn siad trealamh má tá a leithéid ag teastáil

Breathnóir

Bailíonn siad eolas faoi obair fhoirne
Tugann siad aiseolas faoi fheidhmíocht na foirne

Comhordaitheoir ceisteanna

Cinntíonn siad go ndéantar gach ceist a fhreagairt
Coinníonn siad liosta de cheisteanna tábhachtacha atá fós le freagairt

AN CEATHRÚ CÉIM

Cuirtear an Tionscadal Gníomhaíochta i bhfeidhm

Ag brath ar an Tionscadal Gníomhaíochta féin, d'fhéadfaí é a chur i gcrích i lá amháin (m.sh. cuairt ar an Dáil/Stormont/Theach na Cúirte, srl.) nó thar roinnt seachtainí (m.sh. suirbhé/achainí).

Leid: Toisc go bhfuil jab aonair/an choiste ar fad ag tarlú ag céimeanna difriúla, d'fhéadfadh daltaí áirithe a dtasc(anna) a bheith críochnaithe acu níos luaithe. Tríd an bpróiseas gníomhaíochta ar fad (réamhghníomhaíocht/le linn na gníomhaíochta/iarghníomhaíocht), ba chóir do dhaltaí a gcóipleabhair a líonadh le focail/pictiúir chun rudaí a thairfeadh cosúil le 'Cad a rinne mé inniu mar chuid den ghníomhaíocht' agus 'Cad atá foghlamtha againn inniu faoinár ngníomhaíocht?'

Beidh an ghníomhaíocht seo fíorúsáideach nuair atáthar i mbun scríbhneoireachta tuarascálacha (Céim a sé).

AN CÚIGIÚ CÉIM

Déan measúnú agus machnamh ar an Tionscadal Gníomhaíochta.

Tar éis na Gníomhaíochta a chur i gcrích, caithfear am a chaitheamh ag machnamh agus ag measúnú faoin Tionscadal Gníomhaíochta. Seo a leanas ceisteanna a threoróidh do rang tríd an gcéim seo nuair a dhéantar an ghníomhaíocht a thabhairt chun críche:

1. Cad atá foghlamtha againn faoin gceist/faoin bpróiseas (mar shampla, obair fhoirne)?
2. Cén scileanna a d'éirigh linn a fhorbairt?
3. Cad iad na tuairimí atá agat anois tar éis an tionscadail ghníomhaíochta a thabhairt chun críche?
4. Cad a bheadh déanta againn ar bhealach difriúil? Cén fáth?
5. Ar éirigh go maith leis an nGníomhaíocht? (Nóta: ní gá go mbeadh Gníomhaíocht rathúil le bheith san áireamh mar Ghníomhaíocht bhailí OSSP.) Cén fáth?

AN SÉÚ CÉIM

Tuarascáil ar an nGníomhaíocht

Tá na príomhphointí thíosluaite maidir leis an Tionscadal Gníomhaíochta a scríobh. Féach Cuid 5 chun rannóg níos mionsonraithe a fháil faoi scríbhneoireacht tuarascálacha.

1. Déan cinneadh an bhfuil daltaí ag scríobh TTG nó LMOC. (Tabhair faoi deara gur chóir an cinneadh seo a dhéanamh nuair a thugtar céim a haon chun críche).
2. Múin scil na scríbhneoireachta tuarascálacha. Má choinníonn daltaí bileog phleanála agus loga/dialann in gcóipleabhair faoina bhfuil foghlamtha acu, beidh ullmhúchán maith déanta acu lena dtuarascálacha a scríobh.
3. Scríobh dréacht-tuarascálacha. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach do ranganna áirithe an leabhrán TTG nó LMOC a fhótachóipeáil ionas gur féidir le daltaí dréacht-chóip den tionscadal ghníomhaíochta a scríobh
4. Ar deireadh, scríobh tuarascáil sa leabhrán feidhmíochta. (Nóta: is iondúil a sheoltar na leabhráin do Scrúdú an Teastais Shóisearaigh chuig scoileanna roimh Nollaig na tríú bliana).

Nóta: Ní mór do gach dalta a t(h)uarascáil aonair a scríobh ina f(h)ocail féin.

Ról an mhúinteora sa Tionscadal Gníomhaíochta

Is é ról an mhúinteora sa Tionscadal Gníomhaíochta ná cumas, treoir agus tacaíocht a thabhairt do dhaltaí chun Tionscadal Gníomhaíochta a thabhairt chun críche agus scil na scríbhneoireachta tuarascálacha a mhúineadh do dhaltaí.

SMAOINTE ÁIRITHE LE HAGHAIDH TIONSCADAIL GHNÍOMHAÍOCHTA

Coincheap: Cearta & Freagrachtaí

- Aoichainteoir
- Glac páirt i bhfeachtas/in agóid/in achainí faoi chearta an duine
- Bealach isteach do chathaoireacha rothaí sa scoil
- Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí Cumann na hÉireann um Fhóirithint ar Ainmhithe
- Lá na gCeartha Daonna – feasacht a spreagadh
- Amnesty International
- Christian Aid
- Trócaire
- Comhairle Dídeanaithe na hÉireann
- Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann
- Ceiliúradh -
Lá Martin Luther King (3ú Luan i mí Eanáir)
Lá Idirnáisiúnta na mBan (8 Márta)
Lá um Dhíothú an Chiníochais (21 Márta)
Lá Domhanda na Leanaí (20 Samhain)
Lá Idirnáisiúnta na gCeartha Daonna (10 Nollaig)

Coincheap: Dínit an Duine

- Cuireadh a thabhairt do chuairoteoir: Ó: Age Action, ALONE, An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine,
Cumann Naomh Uinseann de Pól, Clann Shíomóin, Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí, Cumann Bodhar na hÉireann,
Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill, Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann
- Bailigh airgead ar son eagraíochta um chearta an duine
- Eagraigh cuairt ar láithreán stad/bhrú do dhídeanaithe/áras do dhaoine scothaosta.
(Nóta: beidh íogaireacht mhór agus ullmhúchán cúramach ag teastáil).

Coincheap: Maoirseacht

- Déan ceiliúradh ar an tSeachtain Ghlas, Lá na Cruinne (22 Aibreán), Lá Domhanda an Chomhshaoil (5 Meitheamh), Seachtain Feasachta ar Fhuinneamh (Meán Fómhair)
- Tabhair cuireadh do chuartheoir ón bPáirtí Glas/VOICE/Maor Bruscair/Cumann na hÉireann um Fhóirithint ar Ainmhithe
- Glac páirt i bhfeachtas m.sh. Glantachán Náisiúnta Earraigh (Aibreán)
- Athchúrsáil
- Seachtain Náisiúnta na gCrann (Márta)
- Déan amach cairt ar Chearta na Cruinne
- Eagraigh suirbhé faoi bhruscar sa scoil/úsáid málaí plaisteacha
- Plandáil crann/ceapach bláthanna/gairdín

Coincheap: Dlí

- Déan amach cairt ar chearta & freagrachtaí príosúnaithe
- Eagraigh suirbhé faoin eolas atá ag daltaí ar chúrsaí dlí
- Cuir dráma ar stáitse chun córas feidhmithe an tseomra cúirte a iniúchadh
- Tabhair cuireadh do chuartheoir ó na grúpaí seo a leanas:
Gardaí/Aturnae/Abhcóide/Breitheamh/Oifigeach Príosúin/Faire Comharsanachta/Pobal ar Aire/Maor Tráchta
- Eagraigh cuairt chuig Teach na Cúirte/Stáisiún na nGardaí/Príosún
- Glac páirt i bhfeachtas

Coincheap: Daonlathas

- Eagraigh bréagthoghchán/toghchán chuig Comhairle na Mac Léinn/toghchán don chinnire ranga
- Eagraigh suirbhé ar vótáil/eolas na ndaltaí faoi chúrsaí polaitíochta na hÉireann
- Eagraigh cuairt chuig ceann de na hionaid a leanas: Teach Laighean/Áras an Uachtaráin/cruinniú Páirtí/Clinic Theachta Dála/Stormont
- Tabhair cuireadh do chuartheoir ó pháirtí Polaitíochta/ Theachta Dála/Aire/Chomhairleoir Áitiúil
- Déan ceiliúradh ar Lá na hEorpa ar an 9 Bealtaine
- Déan ceiliúradh ar Lá na Náisiún Aontaithe ar an 24 Deireadh Fómhair

Coincheap: Idirspleáchas

- Eagraigh suirbhé ar earraí a úsáidimid mórthimpeall an domhain
- Déan feasacht a spreagadh faoi cheist idirnáisiúnta: dídeanaithe & lucht iarrtha tearmainn/fostú páistí/Trádáil Chóir

Coincheap: Forbairt

- Eagraigh achainí ar cheist áitiúil
- Eagraigh suirbhé ar shaoráidí sa phobal
- Tabhair cuireadh do chuariteoir ón gComhairle Pobail/ón gCumann Áitritheoirí/ó Phobal ar Aire/ón gComhlachas Trádála/ón ngrúpa gníomhaíochta áitiúil/eagraíocht áitiúil/Údarás Áitiúil
- Cuir agallamh ar oibrí pobail/ar pholaiteoirí áitiúla/ ar oibrithe óige
- Bailigh airgead le haghaidh eagraíocht forbartha áitiúil nó idirnáisiúnta
- Déan obair dheonach sa phobal
- Déan taispeántas a reáchtáil faoin bpobal áitiúil
- Foilsigh leabhrán/eolaire ar shaoráidí sa phobal
- Déan feasacht a spreagadh faoi obair eagraíocht forbartha, m.sh. Trócaire
- Tabhair cuireadh do chainteoir ó eagraíocht forbartha náisiúnta chun labhairt faoina c(h)uid oibre.

SAMPLAÍ ÁIRITHE DE THIONSCADAIL GHNÍOMHAÍOCHTA ATÁ CURTHA I GCRÍCH AG DALTAÍ

Téann daltaí Bhaile Mhistéala i mbun feachtais do mhaor bruscair

Déanann daltaí sa tSionainn ceiliúradh 50^{bliaín} an UDHR a chomóradh

Déanann daltaí i Loch Garman seomra lóin na scoile a athchóiriú

Tugtar cuairt ar fheirmeacha gaoithe i nDún na nGall

Cabhraíonn daltaí i nDún Dealgan chun portaigh na hÉireann a thabhairt slán

LABHRAÍONN DANA F.P.E. I SCOIL I nGAILLIMH FAOI GACH A BHAINNEANN LE CÚRSAÍ NA hEORPA

Foilsíonn daltaí Shoird leabhrán ar shaoráidí do dhaoine óga sa cheantar

Tugann daltaí ó Thobar an Choire meaisín UMB chuig 3 000 duine

Eagraíonn daltaí i gCill Dara searmanas plandála crann

Eagraíonn daltaí ó Chill Mhantáin cruinniú den údarás áitiúil

Déanann mic léinn i gCoillte Mach rialacha scoile nua a dhréachtú

Nochtann Príomhoide Cairt Ranga um Chearta agus Fhreagrachtaí

TIONSCADAIL GHNÍOMHAÍOCHTA ATÁ CURTHA I gCRÍCH DE RÉIR COINCHEAPA

COINCHEAP 1: CEARTA AGUS FREAGRACHTAÍ

Ceartha na bpeataí agus freagrachtaí a gcuid úinéirí.

Ceist: Rinne daltaí plé ar chearta agus ar fhreagrachtaí agus ag eascairt ón bplé sin rinne siad cinneadh cearta na bpeataí agus freagrachtaí a gcuid úinéirí a fhiosrú.

Gníomhaíocht: De bhrí go raibh peata ag beagnach gach dalta sa rang bhí sé éasca an tionscadal gníomhaíochta a chur ar bun. Rinne an rang plé ar na cineálacha cearta a bheadh ag ainmhithe. Bhailigh siad a gcuid smaointe le chéile trí dhíospóireacht ranga - cuireadh cuid dá smaointe ar leataobh agus cuireadh smaointe breise leis an liosta. Bhreathnaigh siad ar riachtanais na bpeataí agus scrúdaíodh an raibh na riachtanais sin á gcomhlíonadh. Rinne gach dalta liosta a dhréachtú ina dhiaidh sin – ceann ar chearta na bpeataí, agus ceann eile faoina bhfreagrachtaí féin do na peataí. Cé go raibh difríocht sna hainmhithe ó thaobh méide agus mianach, bhí na riachtanais fíorchosúil lena chéile.

Pardún leabhar na leabharlainne baile

Ceist: Nuair a bhí obair á déanamh ar chearta agus ar fhreagrachtaí sa rang, fuair an múinteoir amach go raibh go leor daltaí sa scoil le leabhair ar iasacht ón leabharlann baile thar téarma le fada. Ghlac an rang OSSP cinneadh rud éigin a dhéanamh faoin bhfadhb.

Gníomhaíocht: D’eagraigh an rang pardún leabhar na leabharlainne baile. Eagraíodh an rang i ngrúpaí, agus bhí tasc áirithe ag gach grúpa. Rinne an grúpa póstaer poiblíochta le dáileadh ar gach rang. D’ullmhaigh grúpa eile aitheasc a craoladh ar ghléas idirchumarsáide na scoile agus scaip siad na póstaer ar gach seomra ranga D’eagraigh grúpa eile áit ina bhféadfaí na leabhair a fhágáil. Tháinig na ceisteanna a leanas aníos: réamhchead a fháil ó mhúinteoir cuairt a thabhairt ar a rang; an prótacal a bhaineann le haitheasc a dhéanamh don rang; gléas cumarsáide a úsáid; an róta maoirseachta ag an iosta (ag am lóin); stóráil na leabhar, agus cuairt an dalta ar an leabharlannaí chun an searmanas bronnta foirmiúil a eagrú. Bailíodh go leor leabhar de thoradh iarrachtaí na ndaltaí. Thug an rang iomlán cuairt ar an leabharlann do shearmanas bronnta na leabhar.

COINCHEAP 2: DÍNIT AN DUINE

Tiomsú Airgid do dhílleachtlanna na Rómáine

Ceist: Bhí rang na chéad bliana ag staidéar *When all the Others* le Seamus Heaney ina rang Béarla. Ag eascairt ón ngníomhaíocht sin, rinne siad cinneadh a ndánta féin a scríobh. Tháinig siad ar smaoineamh sa rang OSSP - a ndánta a fhoilsiú agus iad a dhíol sa scoil chun airgead a bhailiú chun tacú le hobair ar dhílleachtlanna na Rómáine.

Gníomhaíocht: D'eagraigh an rang na dánta a chlósscríobh, leabhrán a phriontáil, a bhfoilseachán a dhíol agus airgead a bhailiú do dhílleachtlanna na Rómáine. Bhain siad leas as córas coiste (Féach leathanach 61).

Suirbhé bulaíochta

Ceist: Tar éis oibriú trí mhodúl ar chearta agus ar fhreagrachtaí, d'aithin daltaí OSSP bulaíocht mar rud a sháraigh cearta na ndaltaí sa scoil. Rinne siad cinneadh ceistneoir ar bhulaíocht a eagrú.

Gníomhaíocht: Aontaíodh sraith ceisteanna de thoradh seisiúin ransaithe smaointe. Cuireadh agallamh ar líon samplach daltaí ó gach bliain sa scoil chun fáil amach cé chomh fairsing is a bhí bulaíocht sa scoil féin. Bailíodh na ceistneoirí uile agus aistríodh na torthaí chuig bileoga scóir agus rinneadh anailís orthu. Rinneadh graif ina dhiaidh sin chun na hiomláin a chur in iúl. Rinneadh treoirlínte a dhréachtú do dhaltaí ar fhaitíos go mbeadh bulaíocht á dhéanamh orthu. Rinneadh na treoirlínte seo a léiriú mar phóstaeir i ngach seomra ranga sa scoil. Bunaíodh Grúpa Cairde (buddy system) de thoradh na gníomhaíochta - chun cabhrú leis an aistriú ón mbunscoil chuig leibhéal na hiarbhunscoile a dhéanamh níos éasca.

COINCHEAP 3: DAONLATHAS

Daonlathas ag obair

Ceist: Bhí staidéar á dhéanamh ag an rang OSSP ar chúrsaí daonlathais, agus ag eascairt ón ngníomhaíocht sin, rinne siad cinneadh sraith cruinnithe den údarás áitiúil a eagrú.

Gníomhaíocht: Rinne daltaí sraith cruinnithe neamhfhoirmiúla a thionól chun Cathaoirleach agus Rúnaí a thoghadh. Rinne an rang na ról faoi leith a phlé agus na ceistanna a bheadh mar ábhar díospóireachta. Rinne an rang rólghlacadh ar chomhairleoirí éagsúla a tuairiscíodh sa nuachtán áitiúil. Roinneadh an rang i ngrúpaí. D’eagraigh an Grúpa Ceistanna ceistanna agus frithargóintí. Chuir an Cathaoirleach tús leis an gcruinniú agus rinne sé/sí cathaoirleacht ar an díospóireacht (30 nóiméad). Bhreac an Rúnaí síos miontuairiscí an chruinnithe agus rinne sé/sí iad a chlósscríobh sa bhaile. Mar ghníomhaíocht leantach ar an tionscadal sin, rinne na daltaí taispeántas balla de mhiontuairiscí na gceithre chruinniú ar Lá Oscailte na scoile. Lena chois sin, d’eagraigh siad cuairt neamhfhoirmiúil ar oifigí na comhairle áitiúla.

Cuairt ar Dháil Éireann

Ceist: D’eagraigh an rang OSSP cuairt ar an Dáil chun suíochán na cumhachta a fheiceáil.

Gníomhaíocht: D’eagraigh an rang an turas ag baint leasa as an gcóras coiste. (Féach leathanach 61). Fuair siad turas ar Theach Laighean ar an lá, agus chonaic siad Seanad Éireann agus an Dáil. Chuaigh siad chuig an áiléar poiblí ina dhiaidh sin agus bhreathnaigh siad ar imeachtaí na Dála. Chas siad le mórán polaiteoirí. D’eagraigh duine dá bpolaiteoirí áitiúla seisiún ceistanna agus freagraí don ghrúpa i gceann d’fhoirgnimh na Dála, agus thug sí a cuntas féin ar conas a fheidhmíonn an Dáil.

COINCHEAP 4: AN DLÍ

Cuairt ar Phríosún Mhuinseo

Ceist: Bhí rang OSSP ag fiosrú agus ag déanamh staidéir ar choincheap an dlí. Bhí suim ag daltaí an toradh deiridh a fheiceáil maidir le daoine a bhris an dlí agus a chuaigh tríd an gcóras ceartais.

Gníomhaíocht: Bhain an rang leas as an gcóras coiste nuair a bhí cuairt á eagrú acu ar Mhuinseo. B'éigean don Choiste Ceada cead a lorg ón bPríomhoide agus ó mhúinteoirí chun am a ghlacadh saor ón rang chun dul go Muinseo. Rinne an Coiste Airgeadais teagmháil leis an gcomhlacht bus chun bus oiriúnach a ordú agus praghas a shocrú. Bhailigh siad an t-airgead ón rang ina dhiaidh sin. B'éigean don Choiste Ceisteanna ceisteanna a fháil ó gach dalta sa rang agus na deich gceist ba ábhartha a chur le chéile.

B'éigean don Choiste Taighde eolas a fháil faoi Phríosún Mhuinseo agus na heilimintí a bhaineann leis, agus ón eolas sin b'éigean dóibh bileog eolais a chur le chéile a dáileadh ar gach duine a bhí ag dul ar an turas.

B'éigean don Choiste Tuairiscithe tuarascáil a scríobh faoin turas. Bhí an Coiste Taispeána freagrach as grianghraif a thógáil ar an lá agus iad a chur ar taispeáint dá rang agus don scoil féin.

Is príosún meánslándála é Muinseo agus chas daltaí le cuid de na príosúnaithe dá réir - chuir na daltaí neart ceisteanna orthu agus chonaic siad an taobh istigh de chillín. Bhí na daltaí diongbháilte gan an dlí a bhriseadh tar éis cuairt a thabhairt ar Mhuinseo.

Póilíneacht i dTuaisceart agus i nDeisceart na hÉireann.

Ceist: Bhí rang OSSP i gcontae ar an teorainn ag staidéar coincheap an dlí. Mar chuid dá dtionscadal gníomhaíochta, rinne siad cinneadh cuireadh a thabhairt chun na scéime do bhall den Gharda Síochána mar aoichainteoir. Tar éis ábhair na póilíneachta i dTuaisceart Éireann a phlé níos faide, d'airigh na daltaí nach raibh mórán eolais acu faoi chúrsaí póilíneachta i dTuaisceart Éireann. Rinne siad cinneadh fáil amach faoi ról na bpóilíní sa Tuaisceart agus sa Deisceart.

Gníomhaíocht: Thug an rang cuireadh do Gharda cuairt a thabhairt orthu i dtús báire. D'eagraigh siad an ghníomhaíocht seo i ngrúpaí. Bhí grúpa amháin freagrach as litir chuiridh a sheoladh, agus rinne grúpa eile liosta ceisteanna a dhréachtú le fiafraí ar an lá. Rinne daltaí eile an t-agallamh a thaifeadh. Don dara cuid den Tionscadal Gníomhaíochta, chuaigh an rang ar cuairt chuig stáisiún na bpóilíní in Inis Ceithleann i gCo. Fhear Manach. B'éigean dóibh bus a fháil ar cíós leis an ngníomhaíocht a dhéanamh. D'eagraigh an rang lá nite carranna sa scoil chun íoc as an turas. Thaisteal an rang OSSP chuig Stáisiún na bPóilíní in Inis Ceithleann ar lá na cuairte. Bhí an SPTÉ

(Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart na hÉireann) an-eagraithe don chuairt. Chuaigh siad in éineacht leis an rang chuig Seomra na gCuariteoirí agus thug siad cuntas ar obair na bpóilíní, lena n-áirítear cur i láthair le sleamhnáin. Tugadh bileoga eolais do gach duine a bhí i láthair. Taispeánadh carranna tóraíochta ardluais, veaineanna na gcoscairí coireanna agus gluaisrothair na bpóilíní don rang lasmuigh den stáisiún.

Bhain an rang taitneamh as sólaistí leis na póilíní sular fhill siad abhaile. D'athraigh go leor daltaí a gcuid tuairimí faoi phóilíní san SPTÉ mar fuair siad amach go n-oibríonn siad go crua díreach cosúil leis na Gardaí. Dúirt go leor daltaí go ndéanfaidís machnamh faoi ghairm bheatha sa Gharda Síochána nó mar Oifigeach SPTÉ tar éis na gníomhaíochta.

COINCHEAP 5: IDIRSPLEÁCHAS

Lá na Trádála Córa

Ceist: Nuair a bhí coincheap an idirspleáchais á fhiosrú, thosaigh an rang ag plé ábhair cosúil le foinse an bhia a ithimid agus na n-éadaí a chaithimid. Rinne siad cinneadh breis eolais a fháil bunaithe ar an bplé a bhí déanta.

Gníomhaíocht: Roinneadh an rang i ngrúpaí difriúla agus chinn gach grúpa taighde a dhéanamh ar fhoinsí na n-earraí difriúla agus conas mar a tháirgtear iad. Roghnaigh grúpa amháin éadaí spóirt, grúpa eile tae agus caife, grúpa eile seacláid, agus grúpa eile torthaí agus glasraí úra.

D'éirigh leis na grúpaí go leor eolais a fháil trí theagmháil a dhéanamh le heagraíochtaí na Trádála Córa agus tríd an idirlíon a úsáid. Chuir siad taispeántas le chéile agus d'eagraigh siad lá na Trádála Córa don scoil. Dhíol siad táirgí Trádála Córa (ceardaíocht, seodra, agus earraí bia) agus roinn siad eolas le daltaí eile faoi Thrádáil Chóir. D'éirigh go hiontach leis an lá, go háirithe de bhrí gur eagraíodh an ócáid i mí na Nollag, agus cheannaigh daltaí bronntanais Nollag ó stalla na Trádála Córa.

Praghas Euro an Big Mac.

Ceist: D'fhoghlaim daltaí faoi chaidreamh idirnáisiúnta agus faoi phraghas an Big Mac mórthimpeall na hEorpa le linn an Tionscadail Gníomhaíochta. Rinne daltaí na dara bliana plé ar bhuntáistí agus míbhuntáistí an Aontais Eorpaigh agus ar bhrí agus thábhacht an euro i measc

ceisteanna eile. Ag eascairt ón bplé, rinneadh lá euro a phleanáil do chuartheoirí ó scoil chomhpháirteach.

Gníomhaíocht: Roinneadh an rang i ngrúpaí

- Fuair daoine áirithe eolas ó EPIC lena n-áirítear cairteacha, srl.
- Tharraing daoine áirithe léarscáileanna den AE
- Rinne roinnt daltaí póstaer ag déanamh cur síor ar an euro
- Rinne daltaí suaitheantais d'aíonna
- Rinne daltaí eile bia a chócaráil sa bhaile
- Rinne daltaí eile costas na dtáirgí éagsúla a ríomh in euro.

Mar shampla, rinne siad comparáid idir praghas an Big Mac mórthimpeall na hEorpa. Bhain gach duine an-sult as an lá.

COINCHEAP 6:

FORBAIRT

Baincéireacht Rathúil

Ceist: Smaoinigh rang OSSP na dara bliana ar ghníomhaíocht chun rud éigin a dhéanamh dá bpobal. Tá daonra 3,000 duine sa bhaile ina bhfuil an scoil lonnaithe agus sa cheantar máguaird - ní raibh aon mheaisín airgid laistigh de 12 mhíle ón mbaile.

Gníomhaíocht: Roinneadh an rang 20 duine i ngrúpaí de thriúr/ceathrar agus rinne siad tascanna difriúla.

- Rinne daltaí áirithe teagmháil leis na bainc áitiúla/cumainn foirgníochta
- Chas daltaí le hoifigigh an bhainc agus labhair siad faoi choinníollacha riachtanacha chun an meaisín airgid UMB a shuiteáil
- Rinne daoine áirithe suirbhé chun an t-éileamh a bhí ar an meaisín airgid a dhéanamh amach
- Dhréachtaigh gach dalta achainí sa seomra ranga agus priontáladh amach í
- Scaip na daltaí a gcuid foirmeacha go forleathan. Shínigh níos mó ná 1,400 duine an achainí sa scoil agus daltaí ina measc Rinneadh meaisín UMB a shuiteáil.

TEIDEAL NA hÍOMHÁ: Tugann Bono a chuid tacaíochta d'fheachtas Trócaire, le Justin Kilcullen, Stiúrthóir Trócaire agus Tom Kitt T.D.

Feachtas chun athraithe

Ceist: Le linn díospóireachta ranga ar chúrsaí forbartha, rinne daltaí plé ar riachtanais bhunúsacha atá fós á ndiúltú do mhórán daoine ar fud an domhain. Ag eascairt ón ngníomhaíocht sin, chinn na daltaí rud éigin a dhéanamh chun feachtas a spreagadh maidir le cearta daoine riachtanais bhunúsacha a fháil i dtíortha i mbéal forbartha. Rinne siad cinneadh a bheith rannpháirteach i bhfeachtas Trócaire chun iarraidh ar cheannairí an domhain bochtaineacht dhomhanda a laghdú faoina leath faoin mbliain 2015.

Gníomhaíocht: Sheiceáil daltaí an láithreán gréasáin www.keepourword.org chun fáil amach faoin bhfeachtas. D'eagraigh siad cainteoir ó Trócaire ina dhiaidh sin chun cuairt a thabhairt ar an rang agus labhairt faoin bhfeachtas ar bhealach níos sonraithe. Tar éis na cuairte, shocraigh an rang stalla sa scoil agus tugadh spreagadh dá gcomhdhaltaí na cártaí poist a shíniú. D'eagraigh siad bailiúchán na gcártaí poist ina dhiaidh sin agus seoladh ar aghaidh chuig Trócaire iad.

COINCHEAP 7: MAOIRSEACHT

Uisce go Leor

Ceist: Bhí rang dara bliana ag déanamh staidéir ar an gcomhshaol. Bhí siad ar thurais allamuigh cheana féin lena múinteoirí Tíreolaíochta agus OSSP. Rinne siad cinneadh mar rang leibhéil thruaillithe ina bpobal áitiúil a fhiosrú agus agallamh a chur ar dhaoine áitiúla faoi éifeachtaí an truaillithe (más ann dóibh) ar a mbaile féin.

Gníomhaíocht: D'oibrigh an rang mar aonad. Chuaigh na daltaí amach agus rinneadh anailís ar shamplaí uisce, bailíodh bruscar ó bhruacha na habhann agus rinne siad na píopaí eisiltigh a ritheann le hais na mbruach a sceitseáil. Chuir an rang agallamh ar iascairí áitiúla faoi éifeachtaí an truaillithe san abhainn áitiúil agus thug siad cuairt ar ionad cóireála fuíolluisce. Lena chois sin, rinne siad suirbhé a stiúradh faoi fhlóra/fhána an cheantair. Léirigh na torthaí gur airigh na háitritheoirí den chuid is mó go raibh feabhas ar an abhainn toisc ionad cóireála fuíolluisce nua. Bhí meas ag áitritheoirí ar cheart úsáide na habhann freisin agus ghlac siad freagracht dá todhchaí.

Suirbhé Áitiúil ar Bhruscar agus ar an gComhshaol

Ceist: D’fhiafraigh daltaí i rang OSSP amháin dá múinteoir an bhféadfaidís dul i mbun ghnímh maidir le fadhb an bhruscair ina mbaile féin agus cabhrú leis an gComhairle Baile sa troid i gcoinne an bhruscair.

Gníomhaíocht: Bhí ranganna uile na chéad bliana rannpháirteach sa Tionscadal Gníomhaíochta. Roinneadh gach rang i ngrúpaí de chúigear/sheisear daltaí. Rinne dhá ghrúpa suirbhé ar dhearcaí an phobail ó thaobh an bhruscair ag baint leasa as ceistneoir ullmhaithe. Bhailigh an dá ghrúpa eile bruscar agus thóg siad grianghraif de láithreacha nach raibh ró-dheas ó thaobh an chomhshaoil. Áirítear leis sin dáileadh an bhruscair agus boscaí bruscair a bhreacadh síos, bruscar a phiocadh suas agus scrúdú a dhéanamh ar na cineálacha bruscair a bhí le feiceáil. Rinne gach rang an tasc ar leith a bhain leo a chomhlíonadh. Rinne an múinteoir monatóireacht leanúnach ar an obair allamuigh agus threisigh siad príomhghnéithe na sábháilteachta agus na cúirtéise mar aon leis an bPríomhoide a chur ar an eolas faoin tionscadal gníomhaíochta. Chuir grúpaí aonair a gcuid torthaí i láthair an ranga ar fad, lena n-áirítear staróga béil, léirithe staitistiúla agus grianghraif. Cuireadh cur i láthair ar fáil don scoil ionas go bhféadfadh gach dalta a bheith ar an eolas faoin Tionscadal Gníomhaíochta agus ar thorthaí an tsuirbhé. Rinneadh tuarascáil fhoriomlán a dhréachtú a cuireadh faoi bhráid na Comhairle Baile áitiúla lena n-áirítear moltaí maidir le gníomhaíocht bhreise. D’aontaigh an Chomhairle urraíocht a dhéanamh ar an gcomórtas ar théama an bhruscair do dhaltaí sa scoil. Foilsíodh na buaiteoirí sa nuachtán áitiúil mar aon lena gcuid torthaí ar shuirbhé/thuarascáil an bhruscair agus an chomhshaoil.

TEIDEAL NA hÍOMHÁ: Eagraíonn daltaí bréagthoghchán.

“Bhí mé in ann tuairim a thabhairt faoi ghnéithe difriúla den chúrsa. Tugadh deis cainte dom and deis chun rudaí beaga a athrú, laistigh de phobal na scoile. Roinneamar gach a d’fhoghlaimíomar le daoine eile tríd an tionscadal gníomhaíochta.” (Mary O’Brien, dalta OSSP, Baile Átha Cliath)

CUID 5: MEASÚNÚ

Déantar gnóthachtáil an dalta san OSSP a mheasúnú agus a dheimhniú mar chuid de scrúdú an Teastais Shóisearaigh. Is Cúrsa Comhleibhéil atá ann.

Tá **dhá** ghné ag baint leis an bpróiseas measúnaithe:

1. Tuairisc ar Thionscadal Gníomhaíochta (TTG)
a chur faoi bhráid nó Leabhar Measúnaithe ar Obair an Chúrsa (LMOC)
2. Páipéar scrúdaithe ceann cúrsa.

Déantar na marcanna a dháileadh mar seo a leanas:

120 marc don TTG nó LMOC, .i. 60% de na marcanna iomlána.

80 marc don pháipéar scrúdaithe, .i. 40% de na marcanna iomlána.

Measúnú ar Thionscadail Gníomhaíochta

Is cuid lárnach den OSSP iad Tionscadail Gníomhaíochta, ach chun críocha an mheasúnaithe, níl aon dualgas ar dhalta an Tionscadal Gníomhaíochta féin a chur isteach. Ina áit sin iarrtar ar gach dalta *ceachtar* den dá mhír a chur isteach

- cuntas mionsonraithe ar Thionscadal Gníomhaíochta *amháin* atá tugtha chun críche aici/aige. Déantar seo trí

Thuairisc ar Thionscadal Gníomhaíochta (TTG) proforma* a chur i gcrích *nó*

- cur síos nach bhfuil chomh mionsonraithe ar Thionscadal Gníomhaíochta *amháin* atá tugtha chun críche aici/aige, i geomhthéacs modúil ar obair an chúrsa. Déantar seo trí

Leabhar Measúnaithe ar Obair an Chúrsa (LMOC) proforma a chur i gcrích

* *Leabhrán proforma ná leabhrán caighdeánach a chuireann Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) ar fáil gach bliain.*

5.1 Tuarascáil ar an Tionscadal Gníomhaíochta (TTG)

Féadfaidh daltaí an TTG a chur isteach ar cheann amháin de na bealaí a leanas:

- Tuarascáil Scríofa – Scríobhann an dalta a t(h)uarascáil sa leabhrán TTG proforma atá eisithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

- Closthuarascáil (uasmhéid 4 nóiméad) – Labhraíonn sé/sí lena t(h)uarascáil a thabhairt ar chlostéip nach bhfuil taifeadadh ar bith déanta air cheana féin, ag baint leasa as na ceannteidil ón leabhrán TTG proforma.
- Tuarascáil Físeáin (uasmhéid 4 nóiméad) – Labhraíonn sé/sí lena t(h)uarascáil a thabhairt ar cheamara, atá taifeadta ar fhístéip nár úsáideadh roimhe seo, ag baint leasa as na ceannteidil ón leabhrán TTG proforma. Eisíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) leabhráin TTG proforma ar scoileanna ar bhonn bliantúil. Bíonn cúig Chuid i gceist le gach leabhrán agus baineann 120 marc leis (60%). De réir rialacháin reatha, caithfear an tuarascáil seo a chur isteach ar cheann amháin de na formáidí thuasluaite. Mar sin féin, moltar duit seiceáil leis an CSS maidir le hathruithe ar bith ar an rialachán seo sa todhchaí.

Tá sé fíorthábhachtach aird na ndaltaí a dhíriú ar dhá príomhtheachtaireacht ar chlúdach tosaigh an TTG reatha. 1) Déantar cur síos ar an gcéad príomhtheachtaireacht sa bhosca a shonraíonn **‘Ní chuirfidh iarrthóirí ábhar nó ionsánna breise ar bith san áireamh ina dtuarascáil’**.

D’fhéadfadh sé go raibh daltaí rannpháirteach i litreacha a scríobh/chlóscríobh chuig eagraíochtaí/cainteoirí; d’fhéadfadh daoine eile ceistneoir a bheith curtha le chéile acu agus daoine eile fós i mbun póstaer an fheachtais a dhearadh. Is gnéithe tábhachtacha den Tionscadal Gníomhaíochta iad seo ar fad ach níor chóir iad a chur san áireamh san TTG. Is éard atá san TTG ná tuarascáil ar an Tionscadal Gníomhaíochta go bunúsach. Níor chóir do dhaltaí leathanaigh breise ar bith a chur san áireamh.

2) Tá an dara príomhtheachtaireacht priontáilte i gcló trom os cionn na heangaí atá comhlánaithe ag Scrúdaitheoirí. Sonraítear **‘Ní mór do gach iarrthóir an Tuarascáil a scríobh ina f(h)ocail féin’**. Cé go bhféadfadh sé go raibh daltaí sa rang bainteach leis an Tionscadal Gníomhaíochta céanna tá dualgas orthu a gcuntas féin a scríobh ina bhfocal féin. D’fhéadfadh gnéithe áirithe a bheith cosúil lena chéile, ach ní bheidh siad comhchosúil.

Riachtanais maidir le Tionscadal Gníomhaíochta an Dalta

Tá sé ríthábhachtach a chinntiú go ndéanann gach Tionscadal Gníomhaíochta na riachtanais a shásamh. Déantar na riachtanais sin a phriontáil go soiléir ar leathanach cúil an TTG proforma don mhúinteoir agus don dalta.

- Ba chóir go mbeadh an Tionscadal Gníomhaíochta bunaithe go soiléir ar cheann amháin nó níos mó de sheacht gcoincheap an chúrsa.
- Ba chóir go mbeadh an Tionscadal Gníomhaíochta comhsheasmhach le dearcadh chearta an duine agus fhreagracht shóisialta an OSSP.
- Ba chóir go mbeadh gné ghníomhaíochta i gceist leis an Tionscadal Gníomhaíochta.

Ní Tionscadal Gníomhaíochta atá i gceist le taighde ann féin, eolas a íoslódáil ón Idirlión, eolas a chóipeáil ó leabhar agus a ghreamú i leabhar gearrthóg nó ar chairt bhalla.

- Ba chóir go gcuirfeadh an Tionscadal Gníomhaíochta ar chumas an dalta dul i ngleic/gcumarsáid le daoine eile nó le pobail maidir le hábhar a g(h)nímh.
- Ba chóir don Tionscadal Gníomhaíochta cur ar chumas an dalta na scileanna a bhaineann le hOideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil a chleachtadh.
- Ba chóir go gcuirfeadh an Tionscadal Gníomhaíochta ar chumas an dalta forbairt a dhéanamh ar a c(h)uid eolais agus a t(h)uisceint ar ábhar an ghnímh.
- Ba chóir go mbeadh gné mhachnaimh agus mheasúnaithe ag an Tionscadal Gníomhaíochta.

TTG a Chomhlánú

De bhrí go bhfuil modh measúnaithe fiordhifriúil i gceist leis seo, beidh treoir agus cleachtadh ag teastáil ó dhaltaí maidir le scríbhneoireacht tuarascálacha. D'fhéadfadh na moltaí a leanas a bheith úsáideach:

- Deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí chun codanna scríbhneoireachta an TTG a chleachtadh. Is féidir an leabhrán oifigiúil proforma a fhótachóipeáil chun na críche sin.
- Le linn trí bliana an Teastais Shóisearaigh, ba chóir do dhaltaí dhá Thionscadal Gníomhaíochta a thabhairt chun críche. Cinntíonn sé seo go mbíonn dhá rogha ann ó thaobh na tuarascála.

- Ó thaobh an scrúdaithe, ní dhéantar ach tuarascáil ar Thionscadal Gníomhaíochta *amháin* a chur isteach.
- Níl dualgas ar dhaltaí gach líne ar gach leathanach a chomhlánú.

Déanfaidh na leathanaigh a leanas leagan amach an TTG a scrúdú trí shamplaí dáiríre a thabhairt agus trí mhodh tráchtairíochta. Tabhair faoi deara gur roghnaíodh Tionscadal Gníomhaíochta difriúil do gach rannóg den TTG (cuirtear líne faoi theideal na dTionscadal Gníomhaíochta ar leith).

CUID 1. MO THIONSCADAL GNÍOMHAÍOCHTA

TIONSCADAL GNÍOMHAÍOCHTA: Suirbhé faoi bhruscar inár scoil

An Teideal atá ar mo Thionscadal Gníomhaíochta: Suirbhé faoi bhruscar inár scoil.

*Caithfidh an teideal tagairt go soiléir don **Gníomhaíocht** atá curtha i gcrích agus **Ábhar** an Tionscadail Gníomhaíochta.*

Cuir tic le do thoil leis an gcineál/na cineálacha gníomhaíochta a cuireadh i gcrích mar chuid den Tionscadal Gníomhaíochta

Suirbhé/ceistneoir	Agallamh	Foilseachán
Spregadh feasachta	Feachtas	Lá Ainmnithe
Aoichainteoir	Bréagthoghchán/parlaimint	Tiomsú Airgid
Fiosrú	Cuairt	Gníomhaíocht Chomhairle na Mac Léinn
Eile (Déan cur síos le do thoil ar an gníomhaíocht atá curtha i gcrích):		

*Mura bhfuil bosca ar bith in oiriúint dá dTionscadal Gníomhaíochta, ba chóir dóibh **Eile** a líonadh isteach, m.sh. Plandáil Crann.*

CUID 2. RÉAMHRÁ

Daonlathas	Cearta agus Freagrachtaí
Dínit an Duine	Idirspheáchas
Forbairt	Maoirseacht
An Dlí	

*Caithfidh fios a bheith ag daltaí faoi **choincheap(a)** a bhfuil staidéar déanta orthu. Caithfidh siad tic a chur i mbosca **amháin** ar a laghad. Ní mór nasc soiléir a bheith idir an coincheap agus an Tionscadal Gníomhaíochta .*

Mínigh an bealach a bhí do Thionscadal Gníomhaíochta bunaithe ar an gcoincheap/na coincheapa sin.

Is bealach amháin é bruscar ina féidir le daoine óga damáiste a dhéanamh don chomhshaol. Bhíomar ag foghlaim faoi aire a thabhairt don chomhshaol (coincheap na maoirseachta) agus theastaigh uainn fáil amach faoi chomh fairsing is a bhí fadhb an bhruscair inár scoil.

(b) Tabhair cúis AMHÁIN gur roghnaigh tú an Tionscadal Gníomhaíochta seo.

Bíonn clós na scoile lán le bruscar gach lá tar éis am lóin. Theastaigh uainn fáil amach cad a cheap daltaí sa scoil faoi chúrsaí bruscair agus bealaí a aimsiú a chabhródh chun fadhb an bhruscair a fheabhsú.

*Caithfear cúis **shoiléir** a thabhairt anseo. Cén fáth go ndearna na daltaí an Tionscadal Gníomhaíochta áirithe seo?*

CUID 3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ ATÁ CURTHA I GCRÍCH

TIONSCADAL GNÍOMHAÍOCHTA: Lá feasachta na Trádála Córa

(a) Cuir tic le do thoil leis na daoine a chuathas i dteagmháil leo le linn an Tionscadail Ghníomhaíochta:

Daltaí i mo rang féin	Daoine eile i mo scoil féin
Duine/daoine i mo phobal féin	Daoine aonair/eagraíocht lena mbaineann an cheist seo
Teaghlach	Eile (mínigh le do thoil)

Tá **comhpháirtíocht le daoine** mar chuid riachtanach den Tionscadal Gníomhaíochta.

*Caithfidh siad tic a chur i mbosca **AMHÁIN** ar a laghad.*

Mínigh cén fáth go raibh tú i dteagmháil leis na daoine sin agus an fáth go raibh siad rannpháirteach sa Tionscadal Gníomhaíochta.

Rinneamar teagmháil le Oxfam agus Fair Trade Mark – dhá eagraíocht a bhaineann le trádáil chóir chun eolas a fháil ar Thrádáil Chóir. Sheol siad cártaí feachtais, samplaí, póstaer agus eolas

chugainn. Rinneamar teagmháil le daltaí na chéad bliana freisin mar bhí lá feasachta na Trádála Córa eagraithe acu.

Tá sé tábhachtach míniú a thabhairt ar rannpháirtíocht na ndaoine a gcuirtear tic leo.

(b) Scríobh liosta agus cur síos gearr ar na príomhthascanna/príomhghníomhaíochtaí a tugadh chun críche mar chuid den Tionscadal Gníomhaíochta.

TIONSCADAL GNÍOMHAÍOCHTA: Cuairt ar Phríosún Luimnigh a eagrú

Labhraíomar faoi na jabanna a bhí le déanamh lenár dTionscadal Gníomhaíochta a thabhairt chun críche. Roinneamar amach i ngrúpaí difriúla ina dhiaidh sin.

- √ **An Coiste Comhordaithe:** Rinne an coiste seo liosta d'ainmneacha na ndaltaí agus tharraing siad as hata iad chun na grúpaí difriúla a roghnú. D'eagraigh siad an rang in dhá mhórghrúpa don chuairt ar Phríosún Luimnigh mar ní fhéadfaí glacadh linn mar ghrúpa mór amháin.
- √ **An Coiste Teagmhála:** D'eagraigh siad cuairt an aoichainteora agus na dátaí a thabharfadh an rang cuairt ar an bpríosún, trí theagmháil a dhéanamh leis an bpríosún ar an teileafón agus trí mheaisín facs.
- √ **An Coiste Airgeadais:** D'eagraigh siad an bus chuig an bpríosún agus ar ais. Cuireadh costas na sólaistí don oifigeach príosún ar ócáid na cuairte san áireamh sa phraghas.
- √ **Coiste na gCeisteanna:** Le cúnaimh na ndaltaí uile sa rang, chuir siad liosta ceisteanna le chéile le cur ar na hoifigigh phríosúin nuair a shroich siad Príosún Luimnigh. Rinne siad sraith ceisteanna deiridh a chlósscríobh ina dhiaidh sin.
- √ **An Coiste Taighde:** Chuardaigh siad an tÍdirlín le haghaidh eolas a fháil ar Phríosún Luimnigh. Lena chois sin, fuair siad amach faoin tSeirbhís Chúirteanna agus córas dlí na hÉireann. Roinn siad an t-eolas leis an gcuid eile den rang.
- √ **An Coiste Poiblíochta:** Fuair siad cead ón bPríomhoide chun ár dturas a eagrú. Lena chois sin, rinne siad póstaer a crochadh mórthimpeall na scoile chun aird na ndaltaí a dhíriú ar an Tionscadal Gníomhaíochta.
- √ **An Coiste Buíochais:** Chuir siad cárta “Buíochais” chuig daoine a chas linn i bPríosún Luimnigh, ag gabháil buíochais leo as ucht cead a thabhairt dúinn cuairt a thabhairt ar an bpríosún agus beirt threoraithe iontacha a chur ar fáil dúinn.

Tá **DHÁ** chuid le freagairt anseo

– **Liosta agus cur síos gearr**

D'fhéadfadh an **córas coiste** a bheith úsáideach do dhaltaí chun dul i ngleic le Tionscadal Gníomhaíochta.

Féadfaidh gach dalta an ceannteideal/teideal céanna a chur ar fáil do gach Coiste (grúpa/foireann) maidir leis an liosta.

Ba chóir go mbeadh roinnt abairtí sa **chur síos gairid** a mhíníonn go soiléir cad atá déanta go díreach ag gach Coiste (grúpa/foireann) i bhfocail na ndaltaí féin.

Déanann na leathanaigh seo cur síos ar an méid atá déanta ‘**againn**’.

Cuimhnigh: Ní gá gach líne sa dá leathanach a chomhlánú.

- (c) **Tabhair cur síos mionsonraithe ar thasc/ghníomhaíocht áirithe AMHÁIN ón liosta i Rannóg (b) atá tugtha chun críche AGAT mar chuid den Tionscadal Gníomhaíochta.**

TIONSCADAL GNÍOMHAÍOCHTA: Feasacht a spreagadh faoi chontúirtí na mianach talún

Bhí orm póstaer a dhearadh a dhéanfadh ár lá feasachta a fhógairt. Shocraigh mé gurb é an bealach ab fhearr lena leithéid a dhéanamh ná póstaer dhaite a dhéanamh. D’iarr mé soláthairtí ealaíne áirithe ar an múinteoir ealaíne agus chuir mé tús le mo chuid oibre. Rinne mé cinneadh i dtús báire faoi na focail a theastódh uaim a chur ar na póstaer. Bhí dáta agus am an lae feasachta san áireamh. Thosaigh mé ag obair ar na grafaicí ina dhiaidh sin. D’úsáid mé dathanna fíordhrámatúla, dubh agus dearg go príomha, mar shíl mé go ndíreodh siad seo aird an phobail ar an ábhar. Bhí pictiúir áirithe de mhianaigh talún bailithe agam agus chóipeáil mé iad ar na póstaer.

Nuair a bhí mé críochnaithe, d’éirigh liom áiteanna maithe a aimsiú chun póstaer a chrochadh áit a bhfeicfí iad go héasca.

- (d) **Déan cur síos ar an mbealach a chuir TÚ DHÁ SCIL ar a laghad i bhfeidhm nuair a bhí gníomhaíocht á thabhairt chun críche mar atá mínithe i gcuid (c) thuas.**

TIONSCADAL GNÍOMHAÍOCHTA: Feasacht a spreagadh faoi chontúirtí na mianach talún

D’úsáid mé an DÁ scil a leanas chun mo jab áirithe a thabhairt chun críche (póstaer a dhéanamh):

(1) **Scileanna cruthaitheacha:** B’éigean dom póstaer de na mianaigh talún a bhí á ndéanamh agam a dhearadh agus na dathanna a roghnú. Chinn mé páipéar daite geal a úsáid (buí, líoma-ghlas,

bándearg agus bánghorm) agus péinteanna póstaer mar dhéanfaidís aird na ndaoine a tharraingt. Shíl mé go bhfearr páipéar A2 ó thaobh méide chun an lá feasachta a fhógairt.

(2) Scileanna cinnteoireachta: B'éigean dom na sluáin a úsáidfí a chinneadh. Theastaigh uaim na cinn is tarraingtí a úsáid chun aird an phobail a mhealladh. B'éigean dom cinneadh a dhéanamh faoi chruth na bpóstaer freisin. Chinn mé cruthanna neamhrialta a úsáid mar shíl mé go dtarraingeoidís aird. Rinne mé cinneadh ina dhiaidh sin faoi na hionaid ab fhearr mórthimpeall na scoile chun póstaer a chrochadh. De bhrí go raibh an feachtas dírithe ar dhaltaí na chéad bliana, chinn mé gurbh fhearr na póstaer a chrochadh ar phasáistí na chéad bliana ionas go bhféadfaidís fáil amach faoi mhianaigh talún ar an mbealach chun na ranga agus ar ais.

Tá sé tábhachtach cur síos mionsonraithe a dhéanamh ar thasc/ghníomhaíocht/jab **AMHÁIN** anseo. Má tá dalta mar bhall de choiste agus go ndéanann an coiste sin roinnt jabanna gaolmhara, tá sé ceart go leor don dalta sin cur síos a dhéanamh ar na jabanna gaolmhara sin. Nuair a bhíonn dalta bainteach le roinnt tascanna atá difriúil óna chéile, ní mó dó/di **CEANN AMHÁIN** a roghnú agus cur síos mionsonraithe a dhéanamh air. Déanann an leathanach seo cur síos ar rudaí a rinne 'mé'.

CUID 4. ACHOIMRE AR EOLAS

Tabhair cúig phíosa eolais nó fíricí atá faighte amach agat faoi ábhar an Tionscadail Ghníomhaíochta.

TIONSCADAL GNÍOMHAÍOCHTA: Bréagthoghchán a eagrú Seo cúig phíosa eolais a fuair mé amach a bhfuil tábhacht ag baint leo:

- 1) Is córas daonlathach atá againn in Éirinn. Ciallaíonn sé seo go bhfuil rialtas againn atá tofa ag na daoine
Bíonn an córas faoi stiúir an Uachtaráin.
- 2) An tOireachtas a thugtar ar an rialtas atá againn. Tá dhá theach i gceist leis an Oireachtas – an Dáil agus an Seanad.
- 3) Tá sé phríomhpháirtí polaitíochta in Éirinn faoi láthair: Fianna Fáil, Fine Gael, Páirtí an Lucht Oibre, an Páirtí Daonlathach, an Páirtí Glas agus Sinn Féin.
- 4) Is é 'Ionadaíocht Chionmhar' ('Proportional Representation') nó "PR" mar ghiorrú an córas vótála a úsáidtear in Éirinn.
- 5) Bhí daichead a dó dáilcheantar in Éirinn do Olltoghchán 2002, ceann amháin

níos mó ná 1997, toisc athruithe ar theorainneacha na ndáilcheantar bunaithe ar Thorthaí Dhaonáireamh 1996.

Seo Achoimre ar an eolas faoi ábhar an Tionscadail Gníomhaíochta. Ba chóir do dhaltaí CÚIG fhíric atá forbartha go soiléir a chur ar fáil anseo.

Níor chóir do dhaltaí mearbhall a bheith orthu idir Achoimre agus Machnamh. Níor chóir dóibh tuairimí ar bitha chur in iúl anseo.

CUID 5. MACHNAMH

Caith súil siar ar eispéiris dhifriúla a bhí agat nuair a bhí do Thionscadal Gníomhaíochta ar bun agat. Tabhair do chuid smaointe FÉIN ar na heispéiris sin agus sonraigh na fáthanna go smaoiníonn TÚ ar an mbealach sin.

TIONSCADAL GNÍOMHAÍOCHTA: Ceiliúradh ar Lá na hEorpa

Ní raibh tuairim ar bith agam faoi Lá na hEorpa. Sílim gur smaoineamh iontach é lá speisialta a chur ar leataobh do dhaoine chun machnamh a dhéanamh ar an mbrí a bhaineann le bheith mar bhall den Aontas Eorpach.

Smaoiním ar an mbealach seo toisc nach measann mórán daoine in Éirinn gur Eorpaigh iad i ndáiríre agus is cosúil gur cuma leo faoin Eoraip. Ní gá ach féachaint ar chomh dona is atáimid ag labhairt teangacha Eorpacha! Is mór an náire muid i gcomparáid lenár gcomharsana Eorpacha.

Bhain mé an-sult as lón na hEorpa a eagrú leis an rang Eacnamaíocht Baile mar chuir sé go mór lenár dtaispeántas feasachta ar thíortha an AE. Fuair mé amach go bhfuil muid go mór faoi thionchar na hEorpa i dtéarmaí bia agus dí: *pizza* ón Iodáil, *baguettes* ón Fhrainc, fíon ón nGearmáin agus ón Spáinn.

Bhí ríméad orm deis a fháil in éineacht le ceathrar cairde taispeántas a chur le chéile faoi Pat Cox, FPE, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa. Réitíomar go han-mhaith le chéile agus chabhraíomar lena chéile. Bhíomar an-sásta lenár dtaispeántas. Creidim go raibh ár dtaispeántas an-mhaith de thoradh na hoibre foirne.

Ba chóir do dhaltaí na gnéithe a leanas a mhíniú sa chuid seo

Smaointe, Tuairimí, Braistintí, agus Moltaí.

*Féadfaidh machnaimh a bheith faoina bhfuil foghlamtha (**ábhar**) ag dalta, conas a rinne sé/sí an Tionscadal Gníomhaíochta (**próiseas**) nó faoi scileanna a úsáideadh. Ba chóir do dhaltaí trí **Mhachnamh** a thabhairt. Caithfidh daltaí **Cúis** a thabhairt maidir le gach machnamh a thugtar. Tá sé tábhachtach an focal '**mé**' a úsáid sa Chuid seo.*

5.2 LEABHAR MEASÚNAITHE AR OBAIR AN CHÚRSA (LMOC)

Is éard is LMOC ná leabhrán proforma atá eisithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Is leabhrán é an LMOC ina gcoinníonn an dalta taifead ar mhodúl oibre, lena n-áirítear tuarascáil faoina T(h)ionscadal Gníomhaíochta. Tá sé éigeantach Tionscadal Gníomhaíochta a chur i gcrích. Ní mór don chuntas ar an Tionscadal Gníomhaíochta sa LMOC baint a bheith aige go sonrach leis an modúl oibre

Nóta: Maireann modúl oibre idir 12 go dtí 15 seachtaine lena n-áirítear Tionscadal Gníomhaíochta. Ní mór don mhodúl iomlán a beith bunaithe ar cheann amháin den seacht gcoincheap san OSSP. Féadfaidh fiosrú coincheapa, aonad oibre nó téama a bheith i gceist.

Coincheapa an Chúrsa

Ceartha & Freagrachtaí

Dínit an Duine

Maoirseacht

Forbairt

Daonlathas

An Dlí

Idirspheáchas

Aonaid an Chúrsa

- Aonad 1: An Duine Aonair & Saoránacht
Aonad 2: An Pobal
Aonad 3: An Stát – Éire
Aonad 4: Éire agus an Domhan

Téamaí an Chúrsa (mar shampla)

- An Comhshaol
Comhionannas
Coimhlint
Ciníochas
Idirchultúrachas
Bochtaineacht
Tuaisceart Éireann

Modúl Samplach: Cearta an Duine

Cuirtear sampla de mhodúl oibre OSSP i láthair anseo ag díriú ar an gcoincheap a bhaineann le Cearta agus Freagrachtaí. Bíonn dhá rang déag i gceist leis an modúl oibre. Bíonn an cúig rang deiridh sannta don Tionscadal Gníomhaíochta atá bunaithe ar chearta agus ar fhreagrachtaí freisin.

Seachtain 1 Riachtanais agus cearta (sórtáil pictiúr & plé)	Seachtain 2 Cearta an duine (Gníomhaíocht chearnóga ar chearta an duine agus plé)	Seachtain 3 Scéal faoi chearta an duine (mar réamhrá ar UDHR agus UNCRC)	Seachtain 4 Dán ‘na Fírinne’ Bulaíocht a phlé, agus obair ghrúpa
Seachtain 5 Diúltú cearta (Gníomhaíocht na gCéimeanna Móra)	Seachtain 6 Cearta an duine grianghraif (Gailearaí & obair ghrúpa)	Seachtain 7 An Domhan in 2050 (liosta mianta) Obair ghrúpa	Seachtain 8 Ullmhúchán don Tionscadal Gníomhaíochta chun feasacht a spreagadh ar chearta an duine
Seachtain 9 Póstaeir feasachta faoi chearta an duine agus sluáin	Seachtain 10 Tascanna an ghrúpa a eagrú	Seachtain 11 Tascanna an ghrúpa a eagrú	Seachtain 12 Lá na gCearta Daonna – lá feasachta agus díolachán na mbráisléad cairdis Amnesty

Roinntear an LMOC ina chúig chuid.

Tugtar treoir céim ar chéim níos déanaí maidir le gach rannóg a chomhlánú. Tugtar samplaí dáiríre de mhodúil oibre difriúla chun gach rannóg den LMOC a iniúchadh.

Déantar an *Coincheap*: Cearta agus Freagrachtaí a iniúchadh i gCodanna 1 agus 2.

Déantar an *tAonad*: An Stát - Éire a iniúchadh i gCuid 3

Déantar an *Coincheap*: Dlí a iniúchadh i gCuid 4

Déantar an *Téama*: Ciníochas a iniúchadh i gCuid 5

Cuid 1. Teideal: Cearta an Duine

Ba cheart go sonródh an teideal cé leis a bhain an modúl ar Obair an Chúrsa

Ba cheart forbhreathnú soiléir a thabhairt ar an modúl. Anseo ba cheart don dalta cur síos a dhéanamh ar chúig ghné éagsúla ar a laghad (rudaí a rinne tú). Féadann an dalta tagairt don Tionscadal Gníomhaíochta a rinneadh.

Cuid 2.

Cé leis a bhain mo mhodúl ar obair an chúrsa:

- Thugamar isteach nuachtáin laethúla agus ghearramar amach pictiúir a thaispeáin droch-úsáid ar Chearta an Duine.
- Fuaireamar amach faoin Dearbhú Uilechoiteann ar Chearta an Duine agus faoi na Náisiúin Aontaithe. An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh.
- Rinneamar póstaer agus scríobhamar sluáin chun aird a tharraingt ar chearta an duine.
- D'fhéachamar ar fhiseán 15-nóiméad faoi obair Amnesty International agus rinneamar plé air.
- Léamar scéal ar bhulaíocht, a scríobh dalta inár scoil.
- Reáchtálar lá um ardú feasachta ar Chearta an Duine. Ar an lá sin freisin dhíolamar bráisléid chairdis le haghaidh Amnesty International.

Cuid 3. Rudaí a rinne mé

Cuntas ar thrí rang ar chuir mé spéis faoi leith iontu ón modúl seo ar obair an chúrsa:

Don Chuid seo den Leabhar Measúnaithe ar Obair an Chúrsa is é an modúl a roghnaíodh ná An Stát - Éire

Cuimhnigh nach mór don dalta scríobh faoi thrí rang ar leith.

*Ní mór go mbeadh rud éagsúil i gceist le haghaidh gach **Topaic, Cur Síos, Foghlaim, Tuairim spéisiúil.***

Ní cheadaítear don dalta aon athrá a dhéanamh anseo.

Níor cheart go gcuirfeadh na ranganna síos ar obair an Tionscadail Ghníomhaíochta.

3.1 Cuntas ar AON RANG amháin ar chuir mé spéis faoi leith ann ón modúl seo ar obair an chúrsa:

Ní mór go gcuimseodh an cur síos tagairt don ghníomhaíocht/mhodheolaíocht a úsáideadh. Ní mór don dalta an ghníomhaíocht/mhodheolaíocht a cheangal leis an ábhar.

(a) Ba é PRÍOMHÁBHAR an ranga seo ná:

Polaiteoirí éagsúla a aithint ó ghearrthóga agus ó ghrianghraif nuachtáin.

(b) Seo CUR SÍOS gearr ar ar tharla i rith an ranga sin:

Chuireamar suas rogha grianghraf ar chlár fógraí an ranga. Scrúdaíomar na grianghraif sin agus phiocamar na polaiteoirí úd a raibh aithne againn orthu. D'inis ár múinteoir dúinn cérbh iad na polaiteoirí eile. Ansin chuireamar iad ina ngrúpaí de réir a bpáirtithe polaitíochta.

(c) Rud tábhachtach AMHÁIN a D'FHOGHLAIM mé ón rang seo ná:

Ba cheart don dalta rud tábhachtach AMHÁIN a d'fhoghlaim sé/sí ón rang seo a mhíniú.

Tá seacht bpríomhpháirtí polaitíochta in Éirinn - Fianna Fáil; Fine Gael; Páirtí an Lucht Oibre; an Comhaontas Glas; Sinn Féin; an Páirtí Sóisialach agus an Páirtí Daonlathach.

(d) Ba é an fáth gur chuir mé SPÉIS faoi leith sa rang seo ná:

Thaitin sé liom a bheith ag féachaint ar na grianghraif. Bhí ríméad orm go raibh mé in ann ceathrar ceannairí de na príomhpháirtithe a aithint. Bhí an-fhearg orm nach raibh mé in ann ach duine amháin as na polaiteoirí áitiúla a aithint. Bhaineamar an-taitneamh as an gcleachtadh seo a dhéanamh.

Ba cheart don dalta a t(h)uairim/smaoineamh féin a thabhairt

Cuimhnigh go bhfuil an fhormaid chéanna ag leathanach a ceathair agus a cúig den LMOC.

Ba cheart do gach dalta cleachtadh a dhéanamh ar na leathanaigh sin a chomhlánú - beidh sé níos éasca dó/di dá bharr an LMOC a chomhlánú le haghaidh scrúdaithe.

Cuid 4. Rudaí a rinne mé

Nóta:

Cuid Éigeantach: Ní mór don dalta an chuid sin den LMOC a chomhlánú.

Má mhainnítear an dá leathanach sin a chomhlánú gearrfar pionóis.

Cuimhnigh nach mór go mbeadh an Tionscadal Gníomhaíochta a gcuirtear síos air anseo ábhartha don mhodúl oibre.

Níl cead ag an dalta an t-ábhar céanna a úsáid anseo agus a úsáideadh in aon cheann de na cuntais ar obair ranga i leathanaigh a trí, a ceathair nó a cúig.

Cuntas ar mo Thionscadal Gníomhaíochta don mhodúl seo ar obair an chúrsa. Don chuid sin den LMOC is é an modúl a roghnaíodh ná An Dlí inár Saol agus is é an Tionscadal Gníomhaíochta ar tugadh faoi ná Cuairt ar an Teach Cúirte Áitiúil.

4.1 Ba é an TEIDEAL ar an Tionscadal Gníomhaíochta a rinne mé/muid mar chuid den mhodúl ar obair an chúrsa ná:

Cuairt a eagrú ar an Teach Cúirte Áitiúil Cuimhnigh gur cheart go mbeadh an Gníomh agus Ábhar an ghnímh sonraithe go soiléir sa teideal

4.2 Fáth AMHÁIN go ndearna mé/muid an Tionscadal Gníomhaíochta sin ná:

Ba cheart don dalta fáth AMHÁIN leis an Tionscadal Gníomhaíochta sin a dhéanamh a mhíniú go soiléir

Bhíomar ag iarraidh féachaint ar an gcúirt agus í i bhfeidhm. Bhíomar ag iarraidh a fháil amach cén chuma atá ar Theach Cúirte taobh istigh de agus cé hiad na daoine lárnacha atá rannpháirteach.

4.3 GNÍOMHAÍOCHT AMHÁIN ar ghlac MÉ/MUID páirt ann le linn an Tionscadail

Ghníomhaíochta seo ná:

Ba cheart don dalta cur síos go soiléir ar AON ghníomhaíocht amháin. Bhí mé i mo bhall den ghrúpa ceisteanna. D'iarramar ar gach duine sa rang teacht suas le ceist. Chuireamar iad sin ina ngrúpaí agus ansin roghnaíomar deich gceist le cur ar an Uas. Brown, Cléireach na Cúirte. D'úsáid mé Microsoft Word ar ríomhaire na scoile chun deich gceist a chlósscríobh agus ansin phriontáil mé iad le haghaidh gach duine sa rang.

4.4 DHÁ rud a d'fhoghlaim mé ón Tionscadal Gníomhaíochta seo a dhéanamh ná:

Ní mór don dalta DHÁ phíosa eolais ar leithligh a thabhairt. Ba cheart iad siúd a mhíniú go soiléir. Níl cead ag an dalta aon ábhar a úsáid anseo a d'úsáid sé/sí in aon chuid eile den LMOC

- (a) D'fhoghlaim mé go n-ullmhaíonn Cléireach na Cúirte an liosta cúiseanna le haghaidh gach seachtain a shuíonn an chúirt.
- (b) D'fhoghlaim mé nach mbíonn an giúiré sa chúirt dúiche.

4.5 (a) Scil AMHÁIN a d'úsáid mé agus an Tionscadal Gníomhaíochta seo á dhéanamh:

Próiseáil Focal

Ba cheart don dalta an scil a ainmniú go soiléir.

4.5 (b) Cur síos ar an gcaoi ar úsáid mé an scil seo i mo Thionscadal Gníomhaíochta:

Ní mór don dalta míniú céim ar chéim a thabhairt ar an gcaoi ar úsáid sé/sí an scil sin.

D'oscail mé pacáiste Microsoft Word ar an ríomhaire. D'oscail mé comhad nua. Roghnaigh mé an cló Times Roman. Shocraigh an méid pointe ag 12. Chlósscríobh mé na deich gceist. D'aibhsigh mé an téacs agus d'úsáid mé spásáil dhúbailte idir gach ceist. Sheiceáil mé an litriú ag úsáid an seiceálaí litrithe. Ansin chuir mé uimhir le gach ceist, sheiceáil mé méid an imill. Ansin shábháil mé na ceisteanna agus chliceáil mé ar an gcnaipe priontáil.

Cuid 5.

Rud atá le rá agam agus an modúl seo ar obair an chúrsa críochnaithe agam.

Le haghaidh an chuid sin den LMOC is é an modúl a roghnaíodh ná Ciníochas.

5.1 Ábhar amháin ón modúl seo ar obair an chúrsa a bhfuil tuairim láidir agam ina thaobh nó ar chuir mé spéis ann ná an t-idirdhealú i gcoinne dídeanaithe agus lucht iarrtha tearmainn.

Féadann an t-ábhar sin a theacht chun cinn ó aon chuid den mhodúl, lena n-áirítear an Tionscadal Gníomhaíochta.

Tá sé tábhachtach go míneodh an dalta an fáth go bhfuil an oiread sin spéise aige/aici san **ábhar** sin.

5.2 Tá tuairim láidir agam i dtaobh an ábhair seo toisc gur chuala mé faoi dhídeanaí, an tUas. Luyindula, ó Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. Ba é an chéad dhídeanaí Congólach a tháinig go hÉirinn. Níor éirigh go rómhaith leis in Éirinn. Insaíodh é i mBarra an Teampaill i lár an lae. Níor stop éinne chun cabhrú leis. Dúradh leis seasta dul ar ais chuig an Afraic.

5.3 CAD A FHÉADAIM A DHÉANAMH FAOI nó CAD IS FÉIDIR A DHÉANAMH FAOI DAR LIOM:

Ba cheart don dalta a rá cad is féidir leis/léi a dhéanamh faoin bhfadhb sin nó cad is féidir a dhéanamh dar leis/léi.

Féadaim feasacht a ardú faoi chearta daoine eile i mo scoil agus i measc mo theaghlaigh agus mo chairde. Féadaim iarraidh ar dhídeanaí/lucht iarrtha tearmainn a scéal a insint do na daltaí eile i mo scoil. Ceapaim nach mór go leanfaí ar aghaidh leis an bhFeachtas Know Racism ar feadh tréimhse i bhfad níos faide. Ní mór don rialtas níos mó airgid a chaitheamh ar an bhFeachtas Know Racism.

Ba cheart don dalta ábhar **AMHÁIN** a shonrú go soiléir. Féadann an t-ábhar sin éirí as aon chuid den mhodúl, lena n-áirítear an Tionscadal Gníomhaíochta.

Pointí tábhachtacha le cuimhneamh orthu

- Sa Leabhar Measúnaithe ar Obair an Chúrsa tabharfaidh an dalta tuairisc ar mhodúl cúrsa oibre amháin a chríochnaigh sé/sí.
- ní mór go n-áireodh an modúl ar obair an chúrsa Tuairisc ar Thionscadal Gníomhaíochta laistigh den mhodúl.
- tá sé tábhachtach go dtabharfadh an dalta tuairisc ar 3 rang ar leith. Ní thabharfar scór le haghaidh athrá. Ní mór go mbeadh rud éagsúil i gceist le haghaidh gach ábhar, cur síos, foghlaim agus gach tuairim spéisiúil.
- Ar leathanach a sé agus a seacht tugann an dalta tuairisc ar a T(h)ionscadal Gníomhaíochta. Tá an chuid seo éigeantach.

Leid:

I gcás leathanach a trí de LMOC:

- is féidir é a líonadh tar éis gach ranga
 - is féidir é a úsáid chun taifead a dhéanamh ar gach rang
 - cabhraíonn sé le daltaí scil scríbhneoireachta tuarascálacha a fhorbairt
- Ní mór do gach dalta Leabhar Measúnaithe ar Obair an Chúrsa dá gcuid féin a scríobh ina c(h)uid focal féin.
 - Ní mór go mbeadh cuntas sa tuairisc LMOC ar an Tionscadal Gníomhaíochta ar tugadh faoi mar chuid den mhodúl.

5.3 AN PÁIPÉAR SCRÚDAITHE OSSP

Bronntar 80 marc eile (40%) as an bpáipéar scrúdaithe OSSP a dhéanamh, a bhíonn ar siúl mar chuid de Scrúdú an Teastais Shóisearaigh i Meitheamh.

Is gnách go ndíreodh an páipéar scrúdaithe OSSP ar ábhair chomhaimseartha (ach ní orthu siúd amháin).

Agus é/i ag freagairt ceisteanna ar an bpáipéar bítear ag súil go dtabharfadh an dalta freagra ó thaobh peirspictíocht chearta an duine agus freagrachtaí sóisialta den OSSP. Tá thrí chuid ar leith sa pháipéar scrúdaithe.

Cuid 1: Ceisteanna oibiachtúla (18 marc)

Tá ceisteanna le freagraí gearra sa chuid seo agus ní mór do na daltaí triail a bhaint as **GACH** ceist anseo. Féadann ceisteanna a bheith san fhormaid seo a leanas:

Ceisteanna le freagra fíor/bréagach

Ceisteanna faoi phéirí meaitseála

Ceisteanna ilroghnacha

Ceisteanna tic sa bhosca

Ceisteanna ar aithint grianghraf

Ceisteanna líon isteach na bearnaí

Sampla: Bhí an cheist seo i gCuid 1 de Pháipéar Scrúdaithe 2004.

Trócaire

Amnesty International

Clann Shíomóin

Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí (ISPCC)

Cuireann gach cur síos atá tugtha thíos síos ar obair **CEANN AMHÁIN** de na heagraíochtaí atá liostaithe thíos.

Taobh le gach cur síos scríobh ainm na heagraíochta a gcuireann sé síos uirthi dar leat.

Ní fhéadann tú ach aon ainm AMHÁIN a scríobh taobh le gach cur síos.

Cur síos ar obair eagraíochta	Ainm na heagraíochta
Feachtais i gcoinne cruála ar leanaí	
Oibríonn sí le daoine sa domhan forbraíochta den chuid is mó	
Tugann sé aire do dhaoine gan dídean in Éirinn	
Tarraingíonn sí aird ar mhí-úsáid ar chearta an duine i dtíortha éagsúla	

Sampla: Bhí an cheist seo i gCuid 1 de Pháipéar Scrúdaithe 2003.

Scríobh abairt chun **GACH CEANN** de na coincheapa seo ón gcúrsa OSSP a mhíniú:

Maoirseacht

An Dlí

Idirspleáchas

Dínit an Duine

Forbairt

Cuid 2: Ceisteanna struchtúracha (42 marc)

Tá **CEITHRE** cheist sa chuid seo agus ní mór do dhaltaí triail a bhaint as **TRÍ** cheist anseo.

Tosaíonn ceisteanna sa chuid seo le spreagadh éigin, mar shampla:

Grianghraf

Cartún

Fógra

Tábla staitisticí

Bileog/bróisiúr

Leathanach gréasáin

Sliocht scríofa.

Cuirtear roinnt ceisteanna díreacha faoin spreagadh ar dhaltaí, a bhfuil na freagraí orthu san áireamh sa spreagadh. Cuirtear roinnt ceisteanna eile faoin ábhar/faoi na hábhair a ardaíodh sa spreagadh ar na daltaí ansin. Diríonn na ceisteanna sin ar thuiscint daltaí ar sheacht gcoincheap an chúrsa.

Sampla: Bhí an cheist sin i gCuid 2 de Pháipéar Scrúdaithe 2002

Idirspleáchas

Tá an t-eolas seo a leanas ar bhróga spóirt curtha in oiriúint ó láithreán gréasáin OSSP Trócaire. Scrúdaigh an t-eolas go cúramach agus freagair na ceisteanna a thagann ina dhiaidh .

Bróga spóirt

Rinneadh mo bhróga spóirt atá déanta as go leor ábhar de dhéantús an duine, i monarchan le Cóiréigh san Indinéis. Tháinig an leathar don chuid uachtair ó bha i Texas ar cuireadh a gcuid craiceann le súdaireacht a dhéanamh orthu sa Chóiré Theas, áit nach mbíonn an pá ard. Is é atá i súdaireacht ná an próiseas trína ndéantar leathar as na craicinn agus féadann ceimicigh an-láidir a bheith i gceist.

Thuill na mná Indinéseacha a rinne na bróga ar chostas €64 €2 in aghaidh an lae agus bhí siad ag obair i dteas a bhí beagnach 40 céim Celsius. Tugann an déantóir bróga spóirt Nike, urraíocht don ghalfaire Tiger Woods. Íocann siad beagnach €38 milliún in aghaidh na bliana leis chun a suaitheantas a chaitheamh ar a chaipín agus a gheansaí. Bíonn praghas bróga spóirt roinnte idir na grúpaí éagsúla a bhíonn rannpháirteach ina táirgeadh agus a scaipeadh sa bhealach seo a leanas:

Grúpaí rannpháirteach Scair chéatadánach

Nike	33%
Siopaí	50%
Monarchana (úinéirí/bainisteoirí)	11.5%
Monarchana (oibríthe)	0.5%

(a) As na grúpaí atá rannpháirteach i mbróga spóirt a dhéanamh agus a scaipeadh, cé acu atá ag fáil: an scair chéatadánach is airde(2 mharc)
an scair chéatadánach is ísle (2 mharc)

(b) Cén fáth meas tú a bhfuil Nike sásta beagnach €38 milliún in aghaidh na bliana a íoc le Tiger Woods chun a suaitheantas a chaitheamh ar a chaipín agus a gheansaí?

.....
.....
.....(2 mharc)

(c) Sampla d'idirspeáchas domhanda atá i mbróga spóirt a dhéanamh.

Mínigh cad is brí leis sin, ag úsáid eolais ón tsliocht seo **AMHÁIN**

.....
.....(4 mharc)

(d) Is sampla de chuideachta ilnáisiúnta í Nike. Cad a chiallaíonn sé sin?

Is é atá i gcuideachta ilnáisiúnta ná
.....(2 mharc)

(e) Tabhair sampla de **DHÁ** thionscal ilnáisiúnta ar leith atá ag obair in Éirinn, agus tabhair sampla den rud a dhéanann an dá thionscal.

Samplaí de thionscail ilnáisiúnta in Éirinn.

Sampla 1.

Déanann an tionscal seo
.....(2 mharc)

Sampla 2.

Déanann an tionscal seo
.....(2 mharc)

(f) Féadann cuideachtaí ilnáisiúnta cabhrú le forbairt tíre agus teacht salach uirthi chomh maith.

Cuir síos ar **AON** bhealach **AMHÁIN** a fhéadann cuideachtaí cabhrú le forbairt tíre **agus** ar **AON** bhealach **AMHÁIN** a fhéadann siad teacht salach uirthi.

Bealach amháin a fhéadann cuideachtaí ilnáisiúnta cabhrú le forbairt tíre ná:
.....
.....(2 mharc)

Bealach amháin a thagann cuideachtaí ilnáisiúnta salach ar fhorbairt tíre ná:
.....
.....(2 mharc)

Cuid 3: Ceisteanna ceannoscailte (20 marc)

Tá **CEITHRE** cheist sa chuid seo agus ní mór do dhaltaí triail a bhaint as **AON** cheist **AMHÁIN** anseo. Tá roinnt fochodanna ag baint le gach ceist atá bunaithe ar chnámhscéal ar leith. Díríonn an cnámhscéal ar cheist/ábhar éigin nach mór do dhalta gníomh a ghlacadh ina leith. Dírítear anseo ar thuiscint an dalta ar Thionscadail Ghníomhaíochta a eagrú (na scileanna atá ag teastáil agus na tascanna atá i gceist). I ngach fochuid is gnách go dtugtar leid maidir leis an méid píosáí eolais/pointí ar cheart do dhalta a áireamh ina f(h)reagra.

Sampla: Bhí an cheist seo i gCuid 3 de Pháipéar Scrúdaithe 2003.

Comórtas Domhanda Samhraidh na gCluichí Oilimpeacha Speisialta, 2003

Roghnaíodh do bhaile mar bhaile óstála le haghaidh Comórtas Domhanda Samhraidh na gCluichí Oilimpeacha Speisialta, 2003. Roghnaíodh tú mar ionadaí óige ar an gcoiste eagrúcháin áitiúil.

- (a) Ainmnigh **TRÍ** heagraíocht áitiúil, seachas do scoil féin, ar mhaith leatsa mar an ionadaí óige, teagmháil a dhéanamh leo chun cabhrú leis an gcoiste imeachtaí a eagrú le haghaidh na lúthchleasaithe a thiofadh ar cuairt. I gcás **CEANN AMHÁIN** de na heagraíochtaí sin mínigh cén fáth go dtabharfadh sí cabhair faoi leith. (6 mharc)
- (b) Scríobh alt gearr le haghaidh iris do scoile ag míniú Comórtas Domhanda Samhraidh na gCluichí Oilimpeacha Speisialta, 2003 agus conas gur roghnaíodh do bhaile mar bhaile óstála. I d'fhreagra ba cheart duit **TRÍ** phointe ar leith a lua faoi Chomórtas Domhanda Samhraidh na gCluichí Oilimpeacha Speisialta. (6 mharc)
- (c) Cuir síos ar **DHÁ** bhealach a fhéadann do scoil páirt a ghlacadh chun cabhrú leis na lúthchleasaithe ar cuairt. (8 marc)

Sampla: Bhí an cheist seo i gCuid 3 de Pháipéar Scrúdaithe 2002.

Vótáil

Fuair tú amach ó shuirbhé a rinneadh le déanaí nach bhfuil sé ar intinn ag go leor daltaí sóisearacha i do scoil, atá incháilithe chun vótáil, vóta a chaitheamh sa chéad olltoghchán eile.

- (a) Scríobh óráid ghairid a dhéanfaidh do rang OSSP os comhair na ndaltaí sóisearacha ag am lóin ag leagan amach

TRÍ fháth ar a laghad ar cheart dóibh vótáil san olltoghchán.

- (b) Tarraing sceitse de phóstaer a dhearfá chun moladh dóibh freastal ar an gcuinníú seo. Ba cheart duit slúán oiriúnach a áireamh i do sceitse chomh maith le líníocht nó grafaic imlíne.
- (c) (i) Luaigh **DHÁ** fháth nach bhfuil spéis ag daoine óga i vótáil dar leat.

(ii) Luaigh **AON** bhealach **AMHÁIN** a d'fhéadfaí moladh dóibh vótáil dar leat.

Sampla: Bhí an cheist seo i gCuid 3 de Pháipéar Scrúdaithe 2001.

Forbairt Pobail

Samhlaigh go ritheann líne iarnróid gnóthach trí do cheantar, ach nach bhfuil aon stáisiún ann. Is ball tú de ghrúpa feachtais a bunaíodh le déanaí chun stáisiún iarnróid a fháil le haghaidh an phobail.

- (a) Scríobh óráid (le tabhairt ag cruinniú pobail) **NÓ** litir (chuig do TD áitiúil) ag tabhairt **TRÍ** fháth ar a laghad go mbainfeadh do phobal leas as stáisiún dar leat.
- (b) Cuir síos ar **THRÍ** ghníomh éagsúla a d'fhéadfaí a áireamh san fheachtas chun stáisiún iarnróid a fháil le haghaidh an phobail.
- (c) Tarraing imlíne de phóstaer a spreagfadh daoine áitiúla chun páirt a ghlacadh san fheachtas. Áirigh sluán sa phóstaer.

5.4 DALTAÍ A ULLMHÚ DON PHÁIPÉAR SCRÚDAITHE

Tá na straitéisí seo a leanas úsáideach chun daltaí a chur ar a n-eolas faoina bhfuil ar siúl sa tsochaí chomhaimseartha ina dtimpeall:

• ‘Gailearaí Polaitíochta’

Féadann daltaí grianghraif de na polaiteoirí lárnacha (An tUachtarán, an Taoiseach, an Tánaiste, Airí, Polaiteoirí AE, srl.) a thabhairt isteach ó nuachtáin agus irisí agus iad a chur suas ar an gclár fógraí.

• Scéalta nuachta ó nuacht teilifíse, nuacht raidió agus nuachtáin

Ba cheart deiseanna a thabhairt do dhaltaí chun féachaint ar scéalta nuachta, éisteacht leo agus léamh fúthu.

• Tuiscint shoiléir ar ghníomhartha féideartha

Ba cheart go mbeadh eolas ag daltaí ar na gníomhartha féideartha ar fad is féidir a ghlacadh chun ábhar a chur chun cinn. Bheadh sé úsáideach do dhaltaí aithne a chur ar liosta gníomhartha mar shampla:

- feachtas póstaer
- cruinniú poiblí

- máirseáil agóide
- litir a scríobh
- brústocaireacht a dhéanamh ar Chomhairleoir/TD/FPE/Aire
- achainí a shíniú
- scríobh chuig nuachtán
- airgead a bhailiú
- cuireadh a thabhairt d'aoichainteoir
- suirbhé a dhéanamh

CUID A SÉ

OSSP A BHAINISTIÚ SNA SCOILEANNA

DEA-CHLEACHTAS I SCOILEANNA

Tugann taighde a rinne an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) i gcomhairle le príomhoidí agus múinteoirí le tuiscint go gcabhraítear le OSSP a chur i bhfeidhm nuair a fhéadann bainistíocht scoileanna:

- √ múinteoirí a bhfuil spéis acu in OSSP a áireamh mar cheann de na príomhchritéir a úsáidtear agus múinteoirí á roghnú chun an t-ábhar a mhúineadh
- √ múinteoirí OSSP a shannadh do na grúpaí ranga úd a múineann siad ábhar eile dóibh.
- √ cinntiú, an oiread agus is féidir go sanntar an múinteoir OSSP céanna do gach grúpa ranga, sa dara bliain agus trí bliain go háirithe, chun leanúnachas i bpleanáil cláir a cheadú agus chun eagrú Tionscadail Ghníomhaíochta a éascú.
- √ gan an t-aon rang OSSP amháin in aghaidh na seachtaine a chur ar an amchlár ag am/ar lá a d'fhéadfaí an rang sin a chailliúint go rialta de bharr cur isteach ar fhéilire na scoile
- √ tacú le comhordú OSSP trí, dheiseanna a thabhairt do phleanáil foirne de réir mar a soláthraítear dó le haghaidh ábhar eile, mar shampla
- √ feacht ar OSSP a chur chun cinn trí thuismitheoirí daltaí Céad Bliana atá le teacht a chur ar an eolas faoi agus tríd an obair a dhéantar in OSSP, m.sh. na Tionscadail Ghníomhaíochta a thugtar fúthu a cheiliúradh
- √ cinntiú go mbíonn scrúduithe scoile intí agus cruinnithe Tuismitheora-Múinteora mar chuid de OSSP ionas go bhfeictear ar eolaire na scoile é, ar fhoirmeacha tuairisce daltaí taobh le hábhair eile
- √ moladh go mbunófaí Comhairle Mac Léinn laistigh den scoil.

RÓL BHAINISTÍOCHT NA SCOILE

Cuirtear feabhas mór ar sheachadadh rathúil OSSP nuair a dhéantar freastal ar na réimsí seo a leanas:

An Curaclam OSSP

Tá sé tábhachtach go mbeadh na rudaí seo a leanas ag múinteoirí OSSP

- cóip den Phaca Tosaigh OSSP
- catalóg d'acmhainní OSSP úsáideacha
- rochtain ar mhodhanna gníomhfhoghlama
- tuiscint shoiléir ar Thionscadail Ghníomhaíochta .

Measúnú OSSP

Tá sé tábhachtach go mbeadh rochtain ag gach múinteoir OSSP ar

- cóipeanna de na leabhráin bhána reatha um Thuairisc ar Thionscadal Gníomhaíochta (TTG) nó Leabhar Measúnaithe ar Obair an Chúrsa (LMOB) arna n-eisiúint ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit
- na Ciorcláin is deireanaí ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit
- foirmeacha scrúdaithe agus clúdaigh litreach seachadta arna n-eisiúint ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

Ag Tacú le OSSP sa scoil

Moltar do Bhainistíocht na Scoile

- Tionólaí OSSP a cheapadh
- deiseanna a sholáthar do mhúinteoirí OSSP chun bualadh le chéile
- próifiliú a dhéanamh ar obair daltaí agus múinteoirí OSSP sa scoil.

RÓL TIONÓLAÍ OSSP

Chun cinntiú go mbeidh taithí rathúil agus éifeachtach ag daltaí agus ag múinteoirí ar OSSP ní mór go mbeadh duine éigin fostaithe ag an scoil a bheadh freagrach as bainistíocht an ábhair ó lá go chéile. I measc na réimsí a d'fhéadfadh an Tionólaí a bheith freagrach astu tá:

Tacaíocht a sholáthar

- Tacaíocht/spreagadh/acmhainní a sholáthar do chomhghleacaithe OSSP
- Coimre a thabhairt do bhaill foirne ar obair OSSP sa scoil
- Nuashonruithe rialta a thabhairt don Phríomhoide
- Tuairimí/ábhair inní na Foirne OSSP a chur in iúl do bhainistíocht na scoile
- Oiliúint oiriúnach inseirbhíse a eagrú/freastal ar an oiliúint sin
- Moladh do chomhghleacaithe in OSSP dul isteach i gcomhlachas an ábhair (ACT: The Association of CSPE Teachers).

Cruinnithe a éascú

- Cruinnithe pleanála na Foirne OSSP a eagrú uair amháin sa téarma ar a laghad

- Roinnt eolais nua agus smaointe nua ó inseirbhís idir comhghleacaithe a éascú
- Comhghleacaithe OSSP a chur ar an eolas de réir mar a chuirtear acmhainní nua ar fáil

Riarachán

- A bheith mar dhuine teagmhála d’áisíneachtaí seachtracha
- Cóipeanna reatha de TTGanna agus LMOCanna proforma a thabhairt do chomhghleacaithe
- A chinntiú go mbailítear gach TTG agus LMOC do mheasúnú ó chomhghleacaithe OSSP agus go stóráiltear go hoiriúnach iad, agus go bhfuil na doiciméid ábhartha go léir comhlánaithe

Acmhainní a eagrú

- Cóipeanna d’acmhainní riachtanacha don fhoireann OSSP a sholáthar (féach an Pacáiste Tosaigh)
- Catalóg a dhéanamh de na hacmhainní go léir atá oiriúnach do OSSP sa scoil
- Áit acmhainní OSSP a chur in eagar
- Liosta a thiomsú/choimeád de theagmhálaithe/eagraíochtaí úsáideacha (uimhreacha gutháin, ríomhphoist, srl.).

OSSP a Phróifiliú

- Gníomhaíochtaí/Tionscadail Ghníomhaíochta/imeachtaí traschuraclaim a spreagadh a ardaíonn próifil OSSP sa scoil agus sa phobal
- Tuismitheoirí daltaí 1ú bliana atá ag teacht isteach sa scoil a chur ar an eolas faoin gcúrsa OSSP
- Scrúduithe OSSP deireadh bliana a eagrú do gach dalta sa tSraith Shóisearach
- Cinntiú go mbeidh OSSP ar na foirmeacha Tuairisce Daltaí
- Cinntiú go mbuaileann múinteoirí OSSP le tuismitheoirí ag cruinnithe tuismitheora múinteora

“Tógaimid 5-10 nóiméad ó gach rang aon lá amháin sa mhí chun cruinnithe ábhair a éascú. Tugann sé sin deis don fhoireann OSSP pleanáil a dhéanamh”. Tracy, Múinteoir OSSP, Co. Mhuineacháin

“Sa scoil seo againne dáiltear am cruinnithe 40 nóiméad do OSSP ag deireadh an téarma” Tom, Múinteoir OSSP, Co. Cheatharlach

“Tugtar próifíl ard do OSSP i gcónaí ar churaclam ár scoile. Níor breathnaíodh air riamh mar ‘mír bhreise’ ar amchlár an mhúinteora.”

Nollaig, múinteoir OSSP, Co. Chiarraí.

Is mar gheall ar ár gcomhordaitheoir is mó a bhí rath orainn agus an beartas atá againn tacú le tionscnaimh agus dul i gcomhairle le baill foirne atá sásta an t-ábhar a mhúineadh gan iallach a chur orthu.”

Tuairim príomhoide ar OSSP a bhainistiú

TREOIRLÍNTE AR SHOCRÚ AMCHLÁIR

Toisc go ndáiltear ionann le rang amháin 40-nóiméad in aghaidh na seachtaine ar OSSP, tá sé tábhachtach go háirithe drochshliotán ama, áit a bhféadfadh deacracht a bheith ag an múinteoir spéis agus leanúnachas a choimeád, a sheachaint, mar shampla an rang deireanach sa lá/sa tseachtain.

Bíonn go leor deacrachtaí ag baint le OSSP mar ábhar neamhspleách agus ní rogha maith é. Is é an múnla is fearr chun amchlár a shocrú ná OSSP a nascadh le hábhar scoile eile. Ceangail an cúrsa gearr seo le cúrsa fada.

Tá roinnt bealaí chun amchláir a shocrú tugtha thíos.

Sampla (1): Ceadáíonn an socrú seo an t-am atá dailte do OSSP ar an amchlár a úsáid ar bhealach níos solúbtha agus níos éifeachtaí.

	Béarla/Gaeilge/Matamaitic	OSSP
Seachtain 1	5	0
Seachtain 2	4	1
Seachtain 3	3	2
Seachtain 4	3	2
Seachtain 5	4	1
Seachtain 6	5	0

D'fhéadfaí spás a thabhairt go héasca do mhodheolaíocht múinteoireachta gníomhaí, rud a d'fhéadfadh a bheith deacair a dhéanamh in aon rang amháin in aghaidh na seachtaine, laistigh den socrú malartach amchláir seo. Freisin trí ábhair a nascadh sa bhealach seo tugtar deis scileanna a aistriú. Mar shampla, is féidir na scileanna atá ag teastáil chun tuairisc ar thionscadal gníomhaíochta a ullmhú agus a scríobh a mhúineadh in ábhair eile agus a úsáid in OSSP.

Leis seo bíonn teagmháil rialta idir an múinteoir agus an rang, agus ar an mbealach sin éascaítear forbairt dea-chaidrimh oibre. Tá sé sin tábhachtach go háirithe i gcás daltaí nach bhfuil cumas láidir acu. Dúirt múinteoirí ar tharla sé dóibh nach raibh siad ag bualadh le rang áirithe ach uair amháin sa

tseachtain go mbíonn sé an-deacair oibriú go héifeachtach leis na daltaí sin. Bíonn sé deacair a gcuid ainmneacha a fháil amach fiú.

Buntáiste eile a bhaineann leis an gcur chuige sin ná go dtugann sé deis dul i ngleic le fadhb an ama a chailtear, a d'fhéadfadh cur isteach ar ábhair aon ranga amháin go minic de bharr cur isteach ó imeachtaí eile scoile.

Sampla (2): Dáiltear aon rang amháin in aghaidh na seachtaine do OSSP le haghaidh na bliana. Is féidir, áfach, socruithe a dhéanamh le hábhair eile chun téama traschuraclaim a chur ar bun ar feadh tréimhse teoranta 1-2 seachtaine, gan athrú a dhéanamh ar an amchlár reatha.

D'fhéadfaí téama ar nós 'Ár bpobal áitiúil' a mhúineadh trí hábhair éagsúla thar an tréimhse teoranta sin. Tá cur chuige féideartha leagtha amach thíos.

Ár bpobal áitiúil

Béarla	Breathnaigh ar na cineálacha ceisteanna a bhíonn sa phobal agus a bpléitear leo sa nuachtán áitiúil. D'fhéadfaí cuairt a thabhairt ar oifig an nuachtáin ina dhiaidh sin.
Oideachas Reiligiúnach	Breathnaigh ar bhrí an fhocail pobal agus ar an cineálacha pobal a bhfuil na daltaí ina mbaill díobh.
Teangacha	Méadaigh stór focal na ndaltaí trí bhreathnú ar na cineálacha seirbhíse a chuirtear ar fáil sa phobal nó trí bhreathnú ar ghrianghraif den phobal áitiúil agus iad a léirmhíniú.
Stair	Déan staidéar ar fhorbairt an phobail i dtréimhse ama ar leith nó le himeacht ama.
Tíreolaíocht	Breathnaigh ar ábhar forbartha áitiúla agus ar na róil atá ag baill éagsúla den phobal ann.
Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil	Tabhair faoi Thionscadal Gníomhaíochta trí iarraidh ar dhuine ón bpobal áitiúil ábhar tábhachtach áitiúil a phlé.

Leis an gcur chuige seo ceadaítear staidéar a dhéanamh ar choincheap nó téama lárnach gan cur isteach mórán ar an amchlár nó gan cur isteach air ar chor ar bith. Déantar naisc shoiléire idir ábhair, nach n-aithnítear nó nach bpléitear leo go minic, le haghaidh na ndaltaí agus na múinteoirí araon.

Ligeann sé do mhúinteoirí idir modheolaíochtaí agus acmhainní a roinnt agus d'fhéadfadh go mbeadh baill foirne níos comhtháite dá bharr. Forbraíonn sé feasacht scoile uile ar an gcúrsa OSSP. Is féidir leis an téama 1-2 seachtaine sin a bheith mar imeacht thábhachtach sa bhliain scoile.

OSSP A PHRÓIFÍLIÚ AR SCOIL

Toisc go mbíonn daltaí agus múinteoirí rannpháirteach i raon leathan gníomhaíochtaí agus Tionscadail Gníomhaíochta mar chuid de OSSP tá sé tábhachtach go mbeadh na tacaí seo a leanas i bhfeidhm:

- Buiséad a dháileadh le haghaidh OSSP – chun soláthar d’acmhainní, ábhair ealaíne agus ceardaíochta, maoiniú do chainteoirí, cuairteanna srl.
- Am a dháileadh le haghaidh cruinnithe pleanála foirne.
- Mol naisc le háisíneachtaí seachtracha, mar shampla Ionaid Eolais do Shaoránaigh, eagraíochtaí pobail áitiúla, eagraíochtaí náisiúnta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta.
- Próifil a thabhairt don ábhar ag oícheanta tuismitheora daltaí 1^ú bliana atá le teacht.
- A chinntiú go bhfuil OSSP ar na Tuairiscí Daltaí a eisítear faoi Nollaig agus ag deireadh na bliana.
- Déan ceiliúradh poiblí ar an Tionscadal Gníomhaíochta a rinne an rang i nuachtán na scoile, sa raidió áitiúil nó sa nuachtán áitiúil.

CUR CHUIGE SCOILE UILE I DTREO OIDEACHAS SAORÁNACHTA

“...it is a narrow and inappropriate view of civic, social and political education to perceive it as a single subject discipline. This area of education embodies a core content as well as inter-disciplinary or cross-curricular dimensions. It impacts upon and is impacted upon by the whole school, its organisation, operation and ethos.”

Plépháipéar an CNCM: Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil ag an leibhéal Iarbhunscoile, Baile Átha Cliath, 1993, lch.15).

Cuirfear go mór le rath an Oideachais Saoránach Shóisialta agus Pholaitiúil áit a mbreathnófar ar OSSP mar ghné lárnach de shaol iomlán na scoile in áit breathnú air mar ábhar inní imeallach i gcuid amháin den churaclam.

Foghlaimítear agus cothaítear na luachanna a thacaíonn le OSSP ar go leor bealaí: sa bhaile, ar scoil agus tríd na meáin chumarsáide. Iompraíonn éiteas agus cultúr scoile teachtaireachtaí agus luachanna tábhachtacha ar bhealaí soiléire agus intuigthe. Pointe tosaigh amháin a d'fhéadfaí a úsáid ná machnamh a dhéanamh ar na luachanna a seasann do scoil nó rang leo agus na teachtaireachtaí 'a mbeirtear orthu' níos minice ná mar a mhúintear.

- An bhfuil atmaisféar nó meánma mhaith laistigh de phobal na scoile a cheiliúrann rath aonair agus comhrath?
- An bhfuil aidhmeanna agus luachanna coitianta a ainmnítear go soiléir agus a chuirtear chun cinn i gcultúr na scoile?
- An bhfuil timpeallacht tharraingteach ann a chuidíonn leis an bhfoghlaim?
- An mbíonn ionchas ard agus comhsheasmhach ann, ag leibhéal acadúil agus tréadach?
- An nglacann daltaí páirt i saol na scoile trí struchtúir fhoirmiúla agus neamhfoirmiúla?
- An leagtar béim ar fhoghlaim agus ar dhearcadh dearfach foirne do dhaltaí?
- An bhfuil gníomhaíochtaí traschuraclaim ann a leathnaíonn ábhair spéise agus taithí na ndaltaí?
- An roinneann na daltaí an fhreagracht agus an bhfuil dearcadh dearfach ag daltaí i dtreo múinteoirí?
- An aithnítear freagracht aonair chomh maith le comhfhreagracht?
- An úsáidtear cur chuige comhoibritheach i dtreo teagaisc agus foghlama?
- An dtugtar meas do chearta daltaí le córas cóir duaiseanna agus smachtbhannaí?
- An bhfuil dearcadh iomlánaíoch ann i dtreo an oideachais?
- An gcothaítear nasc leis an bpobal leathan agus an gcuirtear fáilte mhór chuig an scoil roimh chuirteoirí?

- An bhfuil tuiscint láidir ar an scoil mar phobal chomh maith le deachóras tréadach a chabhraíonn le daltaí mothú go bhfuil siad rannpháirteach?
- An bhfuil cineálacha daonlathacha de rialachas scoile ann trína bhfuil baill foirne agus daltaí rannpháirteach sa chinnteoireacht?

Tá imeachtaí scoile eile mar ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Idirnáisiúnta na gCearta Daonna (10ú Nollaig), bréagthoghcháin, bunú Comhairlí Mac Léinn, cláir mhalairte idirnáisiúnta/trasteorann , cuairteanna ar shaoráidí pobail agus obair charthanachta mar chuid den éiteas chun Scoil Fholláin a Chruthú.

DEISEANNA TRASCHURACLAIM IN OSSP

Áireofar freisin i gcur chuige scoile uile OSSP a ghlacadh isteach i ngach ábhar. Tá go leor deiseanna ann le haghaidh comhoibriú traschuraclaim.

Molann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta go mbeadh a rang OSSP ag múinteoirí OSSP le haghaidh ábhair eile. Tá naisc shoiléire ag na hábhair **Stair, Tíreolaíocht** agus **Oideachas Reiligiúnach** le OSSP, mar sin is féidir an fhoghlaim idir na hábhair a nascadh. Má dhéantar roinnt machnaimh, áfach, tá go leor ábhar eile a chruthaíonn féidearthachtaí traschuraclaim.

Soláthraíonn **Gaeilge, Béarla, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Spáinnis** dánta, drámaí agus scéalta áit a bhfeictear go leor de na hábhair a thagann chun cinn in OSSP. Is scil é litir fhoirmiúil a scríobh a d'fhéadfadh a bheith riachtanach do go leor daltaí OSSP agus ar cheart a bheith ar eolas acu agus iad sa tóir ar eolas, ag lorg coinní agus ag gabháil buíochais le daoine as cabhrú leo.

Tá gach doiciméad oifigiúil in Éirinn, mar shampla an Fhoirm Pas agus an Fhoirm Daonáirimh ar fáil as Gaeilge agus tugann sé sin deis do mhúinteoirí san ábhar seo iad a scrúdú sa rang. Féadann **Matamaitic** a bheith an-úsáideach do dhaltáí agus iad ag iarraidh eolas ó shuirbhéanna agus ceistneoirí a léiriú i bhfoirm píchairteacha agus barragraif. Freisin is féidir cuótaí le haghaidh toghchán a oibriú amach sa rang matamaitice.

D'fhéadfadh múinteoirí **Ealaíne** an deis a úsáid chun taispeáint do dhaltáí conas póstaer a dhearadh a tharraingíonn aird agus a bhféadfadh freisin eolas riachtanach faoi chruinniú nó díospóireacht a bheith iontu. D'fhéadfaí ranganna **Staidéar Ríomhaire** a úsáid chun múineadh do dhaltáí conas taighde a dhéanamh, conas rochtain a fháil ar eolas ar an Idirlíon, conas clóscríobh/próiseáil focal a dhéanamh trí chlár sonrach a úsáid agus conas eolas a léiriú ar scarbhileog/bróisiúr.

Pléann eolaíocht le coincheap na maoirseachta ar an timpeallacht. Bíonn athchúrsáil agus bainistíocht dramhaíola ar an siollabas eolaíochta agus is nasc tábhachtach iad le coincheap na Maoirseachta in OSSP. Tríd an deis traschuraclaim a úsáid atreisiú an tuiscint go bhfuil OSSP ag tarlú timpeall orainn agus nach bhfuil sé srianta d'aon rang amháin in aghaidh na seachtaine. Cabhraíonn na naisc a sholáthraíonn ábhair eile le daltaí a bhfeasacht air sin a fhorbairt.

Bealach eile le haird a tharraingt ar uileláithreachtaí OSSP ná cairt a chur ar an mballa le seacht n-ábhar mar cheannteidil air. Ag tús gach rang OSSP fiafraigh de na daltaí ar tháinig siad trasna aon cheist nó topaic eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do na coincheapa agus do OSSP. Déan nóta faoi sin ar an gcairt. Tar éis tamaill beidh tuiscint níos fearr ag na daltaí ar ábharthacht na saoránachta agus ar shaoránacht thart orthu ó lá go lá.

ACMHAINNÍ

CEARTA AGUS FREAGRACHTAÍ

My Rights – Cuid 3: Daltaí 13-18 mbliana d’aois. Leabhrán faoi Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh.

ISPC – 20 Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.

Basic Human Rights and Responsibilities – A Human Rights Module for Civic, Social and Political Education (1998)

Rinneadh an modúl sin le haghaidh OSSP sa 1ú bliain. Áiríonn sé aonad lárnach a chlúdaíonn: Riachtanais agus Cearta, Dearbhú na NA ar Chearta an Duine agus Cén fáth go bhfuil Dearbhú againn? Ina dhiaidh sin tá trí bhealach roghnacha: Leanaí agus Cearta an Duine, Grúpaí Sonracha agus a gcuid Cearta agus Inscne agus Cearta an Duine. Áiríonn sé eolas, gníomhaíochtaí, cás-staidéir agus smaointe le haghaidh Tionscadal Gníomhaíochta. Ar fáil ón Aonad Forbartha Curaclaim, Br. Ghrianréime, Cromghlinn, Baile Átha Cliath 12. Teil: 01- 4535487 nó ríomhphost: info@cdu.cdvec.ie

Making Human Rights Work – Lámhleabhar de Mhodheolaíochtaí agus Gníomhaíochtaí um Oideachas ar Chearta an Duine le haghaidh Múinteoirí OSSP 2ú bliana agus 3^ú bliana. Aonad Forbartha Curaclaim an Choiste Gairmoideachais. Ar fáil ón Aonad Forbartha Curaclaim, Br. Ghrianréime, Cromghlinn, Baile Átha Cliath 12. Teil: 01- 4535487 nó ríomhphost: info@cdu.cdvec.ie

A Human Rights Action Project – A Module for 2nd Year (1999)

Modúl oideachais ar chearta an duine le haghaidh OSSP sa 2ú bliain. Áiríonn an acmhainn sin próiseas ceithre chéime chun tionscadal gníomhaíochta ranga a dhéanamh ar chearta an duine, freagrachtaí agus an pobal. Laistigh de tá smaointe agus modheolaíochtaí don mhúinteoir agus bileoga oibre don dalta. Ar fáil ón Aonad Forbartha Curaclaim, Br. Ghrianréime, Cromghlinn, Baile Átha Cliath 12.

Know Racism – An Clár Feasachta Náisiúnta Frithchiníochais An tÚdarás Comhionannais – www.equality.ie.

What? Me A Racist? Leabhar cartún a scríobhadh go greannmhar le haghaidh daoine óga, a chabhraíonn leo breathnú ar chiníochas agus ar chlaontacht. Freisin áiríonn sé eolas úsáideach ar na ceisteanna.

An Coimisiún Eorpach, An tAonad Foilseachán, Rue de la Loi 200, B-1049 An Bhruiséil.

People on the Margins, No Place, No Power – Feachtas Carghais Trócaire 2003. Breathnaíonn sé ar na fadhbanna lárnacha a théann i bhfeidhm ar dhaoine dúchasacha. Féach freisin www.rainforestfoundationuk.org le haghaidh eolais ar dhaoine dúchasacha na foraoise báistí.

Child Poverty in Ireland - An Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine, Bridgewater Centre, Br Conyngham, Droichead na hInse, Baile Átha Cliath. *Counted Out – Challenging Poverty and Social Exclusion (2002)*

Pacáiste acmhainní a bhreathnaíonn ar bhochtaineacht agus ar eisiamh sóisialta. Tá na gníomhaíochtaí sin deartha chun cabhrú le daltaí a dtuiscint ar bhochtaineacht in Éirinn sa lá atá inniu ann a fhorbairt. Breathnaíonn sé ar bhealaí le hoibriú le tionscnaimh frithbhochtaineachta/forbartha pobail. Tá go leor smaointe do thionscadail gníomhaíochta síos tríd. Ar fáil ón Aonad Forbartha Curaclaim, Br. Ghrianréime, Cromghlinn, Baile Átha Cliath 12. Teil: 01- 4535487 nó ríomhphost: info@cdu.cdvec.ie *Rafiki* – CD ROM, Trócaire 1999.

Cuireann an CDROM idirghníomhach seo leanaí in aithne do chairde nua ar fud an domhain. Iarrann sé ar leanaí breathnú ar ghnéithe de shaol daoine i 5 tír ar leith agus foghlaim faoinár naisc leis an domhan mór.

Our World Our Rights (1996). Tá an leabhar seo deartha chun leanaí a chur ar an eolas faoin Dearbhú Uilechoiteann ar Chearta an Duine agus cabhraíonn sé leo na coincheapa maidir le cearta agus freagrachtaí a thuiscint. Áiríonn an lámhleabhar acmhainní is féidir a fhótachóipeáil, treoirlínte do mhúinteoirí, cluichí agus gníomhaíochtaí. Ar fáil ó Trócaire, 12 Sráid na hArdeaglaise, Baile Átha Cliath 1. Teil: 01-8743875 nó ríomhphost: info@cs.trocaire.org

It's only Right – A Practical Guide to Learning About the Convention on the Rights of the Child. Soláthraíonn an t-eolaí seo do cheannairí agus do mhúinteoirí a oibríonn le daoine óga raon gníomhaíochtaí a chabhraíonn leo an coinbhinsiún a thuiscint agus machnamh a dhéanamh ar a ábharthacht ina saol féin agus do shaol leanaí agus daoine óga eile. Ar fáil ó UNICEF.

Yes, You Do Count – Clár Teagaisc ar Chearta an Duine
Irish Commission for Justice and Peace, 1995. Ar fáil ó Trócaire.

All Work and No Play – Child Labour in the 21st Century Áiríonn an pacáiste téamaí seo le haghaidh Seachtain Aon Domhain 2001 gníomhaíochtaí chun feasacht a ardú le daoine óga faoi fhostú páistí sa domhan sa lá atá inniu ann. Trí chluichí ionsamhlúcháin, drámaíocht agus rólghlacadh, obair ealaíne agus cleachtaí rangaithe féadann daltaí samplaí d'fhostú páistí, na cúiseanna atá leis, agus na torthaí a bhíonn air a fhiosrú. DEFY, 2001, ar fáil ó Chomhairle Náisiúnta Óige na hÉireann (NYCI). Teil: 01-4784122

Child Labour – A Global Concern www.schoolisthebestplacetowork.org *Slavery* – Acmhainn ar Sclábhaíocht agus Cearta an Duine. Pacáiste Oideachais Trócaire, 2000.

To Feel at Home – Pacáiste oideachais atá deartha do dhaltaí 14-18 mbliana d'aois. Tá fiseán 45 nóiméad dar teideal “To Feel at Home” le fáil sa phaca seo. Tá an scannán, a rinneadh ina thrí mhír (Flight and Arrival”, “Making a New Life”, and “Looking to the Future”) deartha le húsáid sa rang. www.unchr.ch *SVP Education Pack*

Tugann an pacáiste seo bealach praiticiúil d'oideoirí chun cur ar chumas daltaí sochaí níos córa agus níos cuimsithí a chruthú do chách agus chun tacú leo maidir leis. Tá clár 6 seachtaine i gceist leis a bhfuil sé mar aidhm aige mífhaisnéis steiréitipiciúil ar dhaoine ‘bochta’ a sheachaint trí réalaiochas casta na bochtaineachta a ainmniú ar bhealach éigin. SVP, Bóthar Nua an Chabraigh, Baile Átha Cliath 7. 01-8389896 Facs 01- 8389950 svdep@iol.ie

New Releases

Rinneadh an pacáiste seo chun feasacht ar Dheichniúr na Náisiún Aontaithe um Chultúr Síochána agus Neamhfhoréigin do Leanaí an Domhain (2001-2010) a chur chun cinn The Education Team, New Releases Schools Project, 224 Bóthar Lios na gCearrbhach, Béal Feirste, Tuaisceart Éireann BT9 6GE – Teil:
04890 663465 info@peacepeople.com, www.newreleases.tv

DÍNIT AN DUINE

Counted Out – Challenging Poverty and Social Exclusion (2002)

Pacáiste acmhainní a scrúdaíonn bochtaineacht agus eisiámh sóisialta Tá na gníomhaíochtaí deartha chun cabhrú le daltaí a dtuiscint ar Bhochtaineacht in Éirinn sa lá atá inniu ann a fhorbairt. Scrúdaíonn sé bealaí ina bhféadann daltaí páirt a ghlacadh i bpróiseas athraithe trí hoibriú le tionscnaimh frithbhochtaineachta/forbartha pobail. Tá go leor smaointe do thionscadail ghníomhaíochta síos tríd.

CDU, Br. Ghrianréime, Cromghlinn, Baile Átha Cliath 12. 01- 4535487 info@cdu.cdvec.ie.

Special Olympics World Summer Games – School Enrichment Programme CSPE

Déanta go speisialta do mhúinteoirí agus do dhaltáí OSSP. Áiríonn an clár raon pleananna ceachta agus fiseán atá deartha chun míchumas foghlama a mhíniú 01 – 8691662 brownpl@eircom.net www.2003specialolympics.com.

Seeing Sense – Challenging Prejudices

Iarrann an pacáiste seo ar rannpháirtithe a gcuid tuairimí a scrúdú, chun go dtuigfidís nach i gcónaí gur mar a shíltear a bítear agus chun fáil amach go bhféadann claontacht agus idirdhealú éirí as tuairimí bréige.

Comhairle Cathrach Dhoire agus Holywell Trust, 2001, Geraldine O' Kane, 048-71361046 seeingsense@btconnect.com. *It's Not Fair* – Lámhleabhar ar Fhorbairt Dhomhanda do Ghrúpaí Óige.

Bailiúchán gníomhaíochtaí agus cluichí ionsamhlúcháin a bhreathnaíonn ar cheisteanna forbartha domhanda. Áirítear le ceisteanna: trádáil, bia, fiach, coinbhleacht, dídeanaithe, cearta an duine, cúram sláinte, an comhshaol, creideamh agus polaitíocht.
Trócaire – www.trocaire.org.

Why Care?

Pacáiste acmhainní a iarrann ar mhúinteoirí agus ar dhaltáí plé le cuid de na fadhbanna a bhíonn ag daoine scothaosta a chónaíonn ina n-aonar trí raon gníomhaíochtaí ranga atá dírithe ar an dalta. ALONE 1, Plás Willie Birmingham, Lána Chill Mhaighneann, Baile Átha Cliath 8. 01-6791032.

MAOIRSEACHT

www.trocaire.ie – bileoga eolais, scéalta ó gach cúinne den domhan, gníomhaíochtaí agus smaointe chun gníomh a ghlacadh maidir leis an timpeallacht.

Good for Farm Animals, Good for Us – The future for farm animal welfare in Ireland

Tá an pacáiste seo ar leas ainmhithe oiriúnach do gach dalta ar aois mheánscoile.

Compassion in World Farming, Salmon Weir, Sráid Hanover, Corcaigh. 021-4272441, ciwf@indigo.ie

A better place to live – Your home and the environment.

ENFO Eolas ar an gComhshaol, 17 Sráid Naomh Aindriú, Baile Átha Cliath 2
1890200191 (íosghlao) nó 01 8882001 Facs – 01 8883946 info@enfo.ie www.enfo.ie

A shopping and investment guide to sustainable living.

ENFO Eolas ar an gComhshaol, 17 Sráid Naomh Aindriú, Baile Átha Cliath 2 Teil: 01 8882001 nó ríomhphost: info@enfo.ie www.enfo.ie *Green Schools* An Taisce ríomhphost greenschools@antaisce.org

FORBAIRT

Wananchi – Human Development, Interdependence and Ireland Aid.

Pacáiste acmhainní a bhreathnaíonn ar na coincheapa a bhaineann le Idirspeáchas agus Forbairt. Díríonn an pacáiste ar obair Chúnamh Éireann, clár cúnamh Rialtas na hÉireann. Tá smaointe teagaisc agus gníomhaíochtaí éagsúla sa phaca chomh maith le bileoga oibre do dhaltaí. Tá píosa iomlán ar Thionscadail Ghníomhaíochta.

School Census Week 2002. Scríobhadh an modúl seo chun cur ar chumas daltaí agus múinteoirí breathnú ar úsáid Daonáirimh. Díríonn sé ar an gcaoi a chuireann eolas daonáirimh ar chumas an rialtais áitiúil agus lárnaigh forbairtí a phleanáil don todhchaí. Rialtas na hÉireann, 2002, www.cso.ie *Fala*

Favela – Grianghraif agus gníomhaíochtaí faoin saol sna plódcheantair sa Bhraisíl. Tugann Fala Favela eolas ar shaol phobal Vila Prudente in Sao Paul, an Bhrasaíl. Ardaíonn an fhianaise, na cástaidéir, na grianghraif agus na gníomhaíochtaí sa phaca ceisteanna faoi bhochtaineacht, maoin, forbairt, streachailt agus dlúthpháirtíocht. Trócaire.

www.Keepourword.org – láithreán gréasáin feachtais a bhunaigh Trócaire chun brústocaireacht a dhéanamh ar cheannairí domhanda chun a gcuid gealltanais don domhan forbraíochta a chomhlíonadh.

DAONLATHAS

Vote: Exploring Democracy, Equality, Participation and Elections – Rinneadh an pacáiste seo le haghaidh na dtoghchán áitiúil agus Eorpach in 2004 agus breathnaíonn sé ar na ceisteanna éagsúla atá luaite sa teideal. Ar fáil ón Aonad Forbartha Curaclaim, Br. Ghrianréime, Cromghlinn, Baile Átha Cliath 12 01- 4535487 info@cdu.cdvec.ie

Youth, Participation, Citizenship, Democracy – Learning the Skills of Active Democratic Participation.

Rinneadh an pacáiste seo chun comhairle chuiditheach a sholáthar, agus chun tacú le forbairt Comhairlí Mac Léinn bunaithe sa scoil Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann (NYCI), 2001 NYCI 01-4784122 info@nyci.ie

Politics in Progress – Clár oideachais saoránaigh do mheánscoileanna a rinne Fianna Fáil le haghaidh daltaí OSSP. Leagann sé amach eolas faoi struchtúir

chóras polaitíochta na hÉireann, freisin molann sé gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh múinteoirí OSSP a úsáid chomh maith le polaitíocht Idirbhliana, chun daltaí a spreagadh chun níos mó a fhoghlaim faoi pholaitíocht agus páirt a ghlacadh sa tsochaí shibhialta.

Ceanncheathrú Fhianna Fáil, 65-66 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2. 01-6761551 Facs 016785690 ogra@fiannafail.ie www.fiannafail.ie *Student Councils – A voice for students*. Treoirlínte le haghaidh scoileanna ar conas Comhairlí Mac Léinn éifeachtacha a bhunú agus a bhainistiú. An Roinn Oideachais agus Eolaíochta – 01-8734700 nó www.education.gov.ie

The Raspberry Ice Cream War

Greannán do dhaoine óga ar conas Eoraip shíochánta gan teorainn a bhaint amach. Úsáideann an leabhar seo scéal greannáin chun tuiscint ar an Aontas Eorpach agus daonlathas a chur trasna do léitheoirí óga. Feictear ábhair mar chosaint coinbhleachta, an comhshaol agus caidreamh idirnáisiúnta. An Coimisiún Eorpach, An tAonad Foilseachán, Rue de la Loi 200, B-1049 An Bhruiséil. *An tAontas Eorpach – Do Phas chun na hEorpa* – Réamhrá spráitúil ar an Aontas Eorpach. Oifig Pharlaimint na hEorpa, 43 Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2. www.eurioarl.ie

AN DLÍ

Explaining the Courts.

Tá an bhileog eolais seo ceaptha chun eolas agus treoir ghinearálta a thabhairt don phobal faoin gcóras cúirteanna. An tSeirbhís Chúirteanna, Dlí-Chumann na hÉireann agus Comhairle Bharra na hÉireann, 2003.

Exploring Humanitarian Law – Acmhainn oideachais dhomhanda arna ndéanamh ag Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge. Tá an pacáiste seo dírithe ar chabhrú le daoine óga dlí daonnúil a scrúdú chomh maith le gníomhartha agus na freagraí daonnúla ar choinbhleachtaí cogaidh agus géarchéimeanna daonnúla. Cumann Croise Deirge na hÉireann - 16 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 6765135 nó ríomhphost: red.cross@iol.ie www.redcross.ie

IDIRSPLEÁCHAS

Exploring Interdependence – A Development Education Module for 3rd Year Civic, Social and Political Education (1998)

Breathnaíonn an modúl seo, a áiríonn trí ghníomhaíocht aonair, tionscadal gníomhaíochta agus gníomhaíocht leanúnach, ar na naisc atá idir pobail agus teorainneacha, agus na héifeachtaí a bhíonn ag gníomhartha a ghlacadh in áit amháin ar áit eile. Ar fáil ón Aonad Forbartha Curaclaim, Br. Ghrianréime, Cromghlinn, Baile Átha Cliath 12 01- 4535487 info@cdu.cdvec.ie

Changing Perspectives – Cultural Values, Diversity and Equality in Ireland and the Wider World (2001) Pacáiste acmhainní a bhreathnaíonn ar idirchultúrachas. Breathnaíonn na gníomhaíochtaí seo

ar éagsúlacht chultúrtha agus comhionannas maidir le luachanna agus struchtúir shochaí na hÉireann agus caidreamh na hÉireann leis an domhan mór. An tAonad Forbartha Curaclaim, Bóthar Ghrianréime Cromghlinn, Baile Átha Cliath 12. Ríomhphost: info@cdu.cdvec.ie *Exploring Cultural Values in the Community* – Modúl ar Phobal agus Cultúr le haghaidh OSSP. Cuireann an modúl seo ar chumas daltaí tús a chur le cultúr na hÉireann a thuiscint trí bhreathnú ar luachanna cultúrtha laistigh dá bpobail féin. Tá an modúl seo ceaptha chun aird daltaí a tharraingt ar luachanna cultúrtha laistigh dá bpobail. Ligeann sé dóibh comparáid a dhéanamh ar na híomhánna atá acu de bheith Éireannach agus an saol a raibh taithí acu air i ndáiríre ag leibhéal an phobail. An tAonad Forbartha Curaclaim, Bóthar Ghrianréime Cromghlinn, Baile Átha Cliath 12. Ríomhphost: info@cdu.cdvec.ie

Big World, Small World – Pacáiste Oideachais don tSeachtain Aon Domhain 2002
Gníomhaíochtaí, eolas agus smaointe gnímh le haghaidh daoine óga ar théama an domhandaithe. Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann – 01 – 478122, www.youth.ie

Exploring Our World – Investigating issues of Interdependence and Social Justice in the 21st Century Acmhainn thíreolaíochta atá bunaithe ar ghníomhaíocht atá úsáideach freisin in OSSP. Áirítear leis na hábhair: neamhchomhionannas, forbairt inbhuanaithe, acmhainní, trádáil, saothar leanaí, fiach, cúnamh, mná ag obair, agus dídeanaithe agus lucht iarrtha tearmainn. One World Centre, Tuaisceart Éireann, Béal Feirste 048 – 90241879
ccuthbert@belfastdec.org

The Chocolate Game – Gníomhaíocht faoi thrádáil cócó. Forbraíodh an ghníomhaíocht seo chun cur ar chumas daltaí tuiscint a fháil ar an gcaoi a théann trádáil idirnáisiúnta i mbarr a fhástar le heaspórtáil i bhfeidhm ar theaghlaigh i gceithre tír: An Bheilís, an Bhrasaíl, an Bhreatain agus Gána. I measc na n-ábhar a mbreathnaítear orthu tá: idirspleáchas, cumhacht, trádáil idirnáisiúnta, éagóir agus Trádáil Chóir. Leeds Development Education Centre, Athbhreithnithe 2001. Ar fáil ó Trócaire, 01 – 2883577 info@trocaire.ie *Take Action for Goal* – Tionscadail Gníomhaíochta le haghaidh OSSP. Cuireann an pacáiste daoine óga ar an eolas faoi na fadhbanna a bhíonn ag daoine ar an aois chéanna leo sna háiteanna is boichte ar domhan. Spreagann an pacáiste seo na daltaí chun rudaí a fheiceáil i gceart agus páirt a bheith acu i dtodhchaí níos fearr a chruthú. GOAL, Bosca Poist 19, Dún Laoghaire, 01 – 2809779 info@goal.ie

No Logo Day - Spreagann an pacáiste seo daltaí chun ceisteanna a chur faoi cé a shocraíonn cad atá faiseanta, chun a stíl chruthaitheach féin a fhorbairt agus chun bulaíocht orthu siúd nach gcaitheann na lógónna cearta a dhímholadh. www.nologoday.com *Winners All* – Cluichí comhoibritheacha le haghaidh gach aoise. Leabhrán úsáideach de chluichí comhoibritheacha agus cluichí chun muinín a chothú le haghaidh gach cineál aoise. Trócaire, 01 – 2883577 info@trocaire.ie *One World Week Theme Pack*- Gach bliain don tSeachtain Aon Domhain, déanann Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann, (NYCI) pacáiste téamaí le haghaidh ceannairí óige agus múinteoirí ina bhfuil raon gníomhaíochtaí agus eolas ar an téama ábhartha. Teil: 01-4784122 www.youth.ie

Global Express – Foilseachán ráithiúil le haghaidh múinteoirí agus daltaí a chlúdaíonn ábhair agus imeachtaí domhanda reatha. Tá sé mar aidhm aige cur ar chumas daoine óga tuiscint níos fearr a fháil ar an gcomhthéacs ina dtarlaíonn scéalta nuachta ón domhan forbraíochta agus naisc a dhéanamh idir a dtaithe ar an saol in Éirinn agus a dtuiscint ar cheisteanna forbartha. An tAonad Forbartha Curaclaim, Coláiste Mhuire gan Smál, An Cuarbhóthar Theas, Luimneach. Teil: 061 204550 Facs: 061 204960. www.cdu.mic.ul.ie

CUID 7: ACMHAINNÍ ÚSÁIDEACHA EILE

Guide to Development Education Resources 2004-2005 Liosta cuimsitheach de na hacmhainní go léir le húsáid in oideachas ar cheartas agus cearta an duine. Pléann cuid shonrach de le hacmhainní OSSP agus tugann sé treoir ar na háiteanna a bhfuil siad ar fáil. Arna fhoilsiú ag Trócaire agus Comhoibriú um Fhorbairt, Éire.

Developing Facilitation Skills – Lámhleabhar d'éascaitheoirí grúpa. Tá an lámhleabhar seo dírithe ar éascaitheoirí a dteastaíonn uathu a gcuid scileanna sa réimse seo a fhorbairt. Soláthraíonn sé clár forbartha scileanna agus tugann sé comhairle maidir le cuspóirí réalaíocha a chruthú ó thaobh forbairt grúpa de. Oideachas Aosach agus Pobail, An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine. Teil: 01 6706746

Training for Transformation – Lámhleabhar d'oibríthe pobail. Sraith cheithre leabhar, a sholáthraíonn clár oiliúna agus eagrúcháin le haghaidh grúpaí atá bunaithe ar smaointe Paulo Freire. Féachann an clár cur ar chumas grúpaí muinín a chothú, machnamh a dhéanamh ar fhadhbanna agus ábhair ábhartha ina saol féin agus gníomh éifeachtach agus freagrach i gcomhair athraithe a phleanáil. Adult and Community Education, Mambo Press, 1999, Ar fáil ó Trócaire.

Partners, Companion to Training for Transformation Lámhleabhar ar oideachas pobail le smaointe agus modhanna gníomhfhoghlama atá úsáideach le haghaidh OSSP. Arna fhoilsiú ag Partners, Training for Transformation, 2001.

Guidelines on Traveller Education in Second-Level Schools – Leabhrán a sholáthraíonn treoirlínte le haghaidh scoileanna ar Oideachas don Lucht Siúil.

Directory of National Voluntary Organisations, Societies. Eolas ar gach eagraíocht dheonach. N.S.S.B. An 7ú Urlár Teach Hume, Baile Átha Cliath 4.

In.Tuition, The Irish Independent, Baile Átha Cliath, ó 1999. Forlíonadh a dhéantar go sonrach le haghaidh Oideachais Saoránach, Shóisialta agus Pholaitiúil a 'thugann an saol mór isteach sa seomra ranga'.

LÁITHREÁIN GHRÉASÁIN

www.slss.ie Cliceáil ar CSPE Support. Is é seo láithreán gréasáin na Seirbhíse Tacaíochta agus tá na bunábhair eiseamláire air chomh maith le doiciméid thábhachtacha eile.

www.cspeteachers.ie Seo láithreán gréasáin an Association of CSPE Teachers (ACT). Cuirtear eolas úsáideach ar fáil anseo.

www.trocaire.org

www.developmenteeducation.ie

www.antislavery.org

www.oneworld.net/guides/child_rights/index

www.us.ilo/ilokidsnew/index

www.child-soldiers.org

www.rugmark.org

www.labourbehindthelable.org

www.savethechildren.org.uk

www.unicef.org/crc

www.crin.org

www.amnesty.ie

www.bbc.co.uk/education/human_rights/

www.pdhre.org

www.mightymedia.com/act/

www.unhchr.ch/

www.enfo.ie

www.biodiversity.org

www.friendsoftheirishenvironment.net

www.un.org

www.europa.eu.int

www.europeanmovement.ie

www.european-studies.org

www.irlgov.ie

www.cso.ie

www.examinations.ie